

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL & RÁITIS AIRGEADAIS 2021



Clár Ábhar

ÓN GCATHAOIRLEACH	4
FORBHREATHNÚ ÓN BPRÍOMHFHEIDHMEANNACH	5
NA PRÍOMHFHORBAIRTÍ AGUS NA PRÍOMHÉACHTAÍ SA BHLIAIN 2021	8

Maidir leis an Údarás Náisiúnta Iompair	12	Eispéireas Maith ar an Iompar Poiblí	30
Cuspóir agus Feidhm	13	Covid-19	31
Ról agus Rialachas	13	Tionchar Phaindéim Covid-19 ar an Líon Paisinéirí agus ar Ioncam	31
Ár gComhaltaí Boird	14	Táillí	32
Cothromaíocht Inscne an Bhoird	20	Íocaíochtaí Conarthacha	32
Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú	21	Seirbhísí Conraithe Bus agus Iarnróid	33
Ráiteas Straitéise Nua don Údarás	21	Conarthaí Dír-Dhámhachtana	33
Tionscadal an Aistrithe Mhóir	21	Feidhmíocht Oibritheoirí Conraithe	35
Nochtadh Cosanta	21	Iompar Tuaithe/Nasc Áitiúil TFI	36
Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003	22	Seirbhísí Ceadúnaithe Bus	36
Idirchaidreamh leis an Oireachtas	22	An Clár Iarfheistithe Inrochtaineachta Iompair Phoiblí	38
Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)	22	An tEispéireas Custaiméirí a Fheabhsú	38
Pleanáil dár dTodhchaí	24	Pleanáil le haghaidh Grúpa Comhairleach nua Úsáideoirí Iompair	41
Tionscnaimh Phleanála Iompair	25	Ceartha Paisinéirí an Aontais Eorpaigh	41
BusConnects Bhaile Átha Cliath	26	Gearáin ó Chustaiméirí	41
Clár DART+	26	Pleanáil le haghaidh Ionad Teagmhála Comhdhlúite nua	42
MetroLink	27	Gearáin maidir le Teanntáil Feithiclí	42
Athnuachan an Fhlít Uirbigh Busanna	28	An Earnáil Beagfheithiclí Seirbhíse Poiblí	43
Flít Neamhuirbeach	28	Gearáin maidir leis an Earnáil Beagfheithiclí Seirbhíse Poiblí	
Scáthláin Bhus agus Stadanna Bus	28		

Iompar agus Inbhuanaitheacht	45	An Timpeallacht Rialála agus Comhlíonta	57
Taisteal Gníomhach	46	An Earnáil Beagfheithiclí Seirbhíse Poiblí	58
Scéimeanna Poiblí Rothar	49	Gníomhaíocht Comhlíonta i leith Seirbhísí Ceadúnaithe Bus	62
Clár Taistil na Scoileanna Glasa	50	Teanntáil Feithiclí	62
Cláir Thaistil Níos Cliste	50		

Iompar agus Nuálaíocht	53
Cárta Leap TFI	54
Ticéadú na Chéad Ghlúine Eile	55
Aip TFI Go	55
Uathaimsiú Feithiclí	55
Faisnéis Fíor-Ama do Phaisinéirí	55

RÁITIS AIRGEADAIS	64
-------------------	----



Ón gCathaoirleach



Ba é an príomhthéama arís eile sa bhliain 2021 ná na bearta éigeandála sláinte poiblí a tugadh isteach mar fhreagairt don phaindéim. Mar thoradh ar na bearta sláinte poiblí agus ar an treoir ón Rialtas á rá gur cheart do dhaoine obair ón mbaile nuair ab fhéidir ar feadh cuid mhór den bhliain, cinntíodh go mbeadh an líon paisinéirí ar ár seirbhísí iompair phoiblí fós níos ísle ná mar is gnách. Chruthaigh an phaindéim dálaí oibre níos dúshlánaí do phearsanra oibríochtaí ar gach seirbhís iompair phoiblí. Ina theannta sin, lean baill foirne an Údaráis de bheith ag obair ón mbaile ar feadh cuid mhór den bhliain.

Fianaise shoiléir eile ar thiomantas agus athléimneacht ár bpearsanra féin agus phearsanra ár n-oibritheoirí araon is ea gur coinníodh seirbhísí ar bun. Táimid an-bhuíoch gur lean an Rialtas le tacaíocht a thabhairt dúinn trí chistiú méadaithe a thabhairt dúinn chun déileáil leis an easnamh ioncaim. Bheadh sé riachtanach seirbhísí a chiorrú go mór ina éagmais sin.

Leanadh le pleanáil do thrí mhórinfheistíocht chaipitil - BusConnects, MetroLink (Bonneagar Iompair Éireann) agus leathnú DART (Iarnród Éireann) - le linn na bliana. Rinneadh dul chun cinn suntasach ina leith sin agus cuireadh gach ceann de na trí thionscadal faoi bhráid an Rialtais lena gceadú go luath sa bhliain 2021. Cloch mhíle thábhachtach i ndáil le leathnú DART a chur ar aghaidh ba ea an Réamhchás Gnó le haghaidh Chlár DART+

a bheith á cheadú ag an Rialtas i mí na Nollag 2021. Bheadh inní ar an Údarás, áfach, dá mbeadh creat ama den chineál céanna i gceist le céimeanna cinnteoireachta eile do na tionscadail thábhachtacha lena mbaineann.

Cheap an tAire Iompair triúr comhaltaí nua chuig an mBord i mí na Nollag. Ba mhaith liom gach rath a ghuí ar Iain Docherty, Eleanor O'Neill agus Joyce Loughnan agus táim ag tnúth le hobair leo sa bhliain 2022. Chomh maith leis sin, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na comhaltaí Boird uile as a dtiomantas le linn na bliana. Is gá dom trácht a dhéanamh ar bhaill foirne an Údaráis freisin. Ghníomhaigh siad ar shlí shármhaith lánghairmiúil agus iad ag freagairt do na dúshláin uile a d'eascair as paindéim Covid-19, agus tiomantas láidir do sheirbhís phoiblí á thaispeáint acu.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Eamon Ryan, an tAire Iompair, leis an Roinn Iompair, le Bonneagar Iompair Éireann, le Córas Iompair Éireann agus leis na comhlachtaí stáit, na húdaráis áitiúla agus na hoibritheoirí conraithe uile lena ndéileálaimid.

Fred Barry, Cathaoirleach

Forbhreathnú ón bPríomhfheidhmeannach



Lean na bearta éigeandála sláinte poiblí a tugadh isteach mar fhreagairt do phaindéim Covid-19 le dífear a dhéanamh don iompar poiblí ar feadh cuid mhór den bhliain 2021. Cé go raibh an acmhainn ar an iompar poiblí faoi shrian ar feadh cuid mhór den bhliain, lean an tÚdarás, le tacaíocht ón Rialtas, le hobair go dlúth le hoibritheoirí chun seirbhísí fóirdheonaithe iompair phoiblí a chothabháil agus a sholáthar sa stát. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil arís eile leis na hoibritheoirí agus lena bhfoireann as a gcuid oibre ar fad ina leith sin.

Beag beann ar na dúshláin a d'eascair as an bpaindéim, d'éirigh leis an Údarás roinnt éachtaí tábhachtacha a ghnóthú sa bhliain 2021. Leanadh leis an scéim tacaíochta do sheirbhísí ceadúnaithe a oibriú go rathúil ar fud na bliana. Seoladh dhá chéim de ghréasán BusConnects Bhaile Átha Cliath. Seoladh Dromlach H agus Dromlach C den ghréasán i mí an Mheithimh agus i mí na Samhna faoi seach, rud a chuir feabhas ar sheirbhísí bus ardmhinicíochta agus a sholáthair bealaí nua áitiúla agus gathacha ar chonairí bus Mhullach Íde agus Mhaigh Nuad.

D'fhoilsigh an tÚdarás dréacht-athdhearadh Gréasáin BusConnects do Chathair Chorcaí sa bhliain 2021, agus tús á chur leis an obair ar BusConnects Chorcaí ag an am céanna.

Agus an tÚdarás ag tosú ar an bhflít busanna a aistriú ina bhfeithiclí atá níos glaine agus níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol, fógraíodh dhá éacht mhóra sa bhliain 2021. Tá na seirbhísí bus uile i gCathair na Gaillimhe á soláthar ag flít hibrídeach leictreach dhá stór anois. Cuireadh tairiscintí i gcrích le haghaidh flít busanna ceallra-leictreacha aon stóir agus dhá stór freisin.

Ag obair dúinn i gcomhar leis na hÚdaráis Áitiúla, soláthraíodh i bhfad níos mó scéimeanna siúil agus rothaíochta ar fud na tíre le linn na bliana i gcomparáid le blianta roimhe. Trí na scéimeanna sin a sholáthar, cabhrófar le tuilleadh daoine a spreagadh modhanna iompair níos gníomhaí agus níos inbhuanaithe a úsáid agus cabhrófar linn ár spriocanna um ghníomhú ar son na haeráide a bhaint amach.

Lean an tÚdarás le tacaíocht a thabhairt don earnáil beagfheithiclí seirbhíse poiblí mar gheall ar shrianta a bheith i bhfeidhm go fóill de dheasca phaindéim Covid-19. Ina theannta sin, tháinig méadú ar an bhflít feithiclí atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí san earnáil beagfheithiclí seirbhíse poiblí, agus iad freagrach as 17% den fhlít iomlán ag deireadh na bliana 2021, a bhuí leis an tacaíocht a soláthraíodh trí scéim deontas an Údaráis chun cabhrú le hoibritheoirí beagfheithicle seirbhíse poiblí atá nua agus atá ann cheana feithiclí atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí a cheannach.

Cheadaigh an tÚdarás na réamhchásanna gnó le haghaidh chlár MetroLink, BusConnects Bhaile Átha Cliath agus DART+ lena gcur faoi bhráid na Roinne Iompair. Bhí Iarnród Éireann in ann ordú a chur isteach le haghaidh an chéad tráinse d'aonaid leictreacha agus cheallra-leictreacha den fhlít iarnróid tar éis don Rialtas an réamhchás gnó le haghaidh chlár DART+ a cheadú i mí na Nollag 2021.

Rinneadh an Plean Iompair Tuaithe dar teideal 'Éire a Nascadh' a fhoilsiú le haghaidh comhairliúchán poiblí i mí Dheireadh Fómhair 2021. Tá sé mar aidhm leis an bplean nascacht iompair poiblí a mhéadú, go háirithe do dhaoine a chónaíonn lasmuigh dár gcuid cathracha agus bailte móra. Fuarthas 3491 aighneacht mar chuid den phróiseas comhairliúcháin poiblí agus tá an tÚdarás ag obair faoi láthair ar an bplean le haghaidh 'Éire a Nascadh' a chur chun feidhme.

Tá ról tábhachtach ag an Údarás maidir le pleanáil straitéiseach iompair a dhéanamh do mhórchéantar Bhaile Átha Cliath, ar ról é a rialaítear leis an reachtaíocht. Tar éis comhairliúchán a sheoladh ar an bpáipéar saincheistean sa bhliain 2020, d'fhoilsigh an tÚdarás an Dréacht-Straitéis Iompair do Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath 2022-2042 i mí na Samhna 2021. Fuarthas breis agus 1000 aighneacht ina leith. Cheadaigh an tÚdarás an Straitéis Páirceála agus Taistil do Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath i mí Aibreáin 2021 freisin.

Chomh maith leis sin, tosaíodh ag obair ar an Straitéis Iompair do Limistéar Ceannchathartha Phort Láirge agus ar an bPlean Iompair athbhreithnithe do Limistéar Ceannchathartha Luimnigh-Shionainne sa bhliain 2021. Táthar ag súil leis go n-eiseofar an dá dhoiciméad sin le haghaidh comhairliúchán poiblí sa dara ráithe den bhliain 2022.

I mí na Samhna 2021, thug an tÚdarás

cuireadh do dhaoine den phobal iarratas a dhéanamh ar chomhaltas den Ghrúpa Comhairleach Úsáideoirí Iompair, ar grúpa nuabhunaithe é. Tabharfaidh an grúpa comhairle agus moltaí don Údarás ó thaobh úsáideoirí iompair de agus ó thaobh na ndaoine sin a ghabhann don taisteal gníomhach de araon.

Tá sé tábhachtach a aithint arís go bhfuair an tÚdarás cistiú suntasach breise ón Státchiste e linn na bliana, rud a chuir ar a chumas freagairt go tapa agus go cinntitheach do na dúshláin a chruthaigh paidéim Covid-19.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don obair a rinne baill foirne an Údaráis. Beag beann ar na dúshláin a chruthaigh an phaindéim, d'oibrigh siad gan stad gan staonadh ar fud na bliana.



Anne Graham,
Príomhfheidhmeannach



NA PRÍOMHFHORBAIRTÍ AGUS NA PRÍOMHÉACHTAÍ SA BHLIAIN 2021

EANÁIR

Ceapadh sainfhoirne innealtóireachta chun athbhreithniú a dhéanamh ar an mbonneagar reatha iompair phoiblí agus ar na seirbhísí reatha bus i gCathair Chorcaí agus chun gréasán feabhsaithe bus a dhearadh

FEABHRA

Leithdháileadh €240 milliún ar údarás áitiúla roghnaithe chun tacú le tionscadail iompair inbhuanaithe i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath agus sna cathracha réigiúnacha

Osclaíodh an Scéim Deontas le haghaidh Beagfheithiclí Leictreacha Seirbhíse Poiblí, ar ar tugadh eSPSV21 freisin, agus cistiú €15m á leithdháileadh don bhliain 2021. Cuireadh 580 feithicil leictreach a ceannaíodh le cúnamh deontas leis an bhflít - tá 854 feithicil leictreacha ceadúnaithe anois, agus iad freagrach as 4.5% den fhlít beagfheithiclí seirbhíse poiblí

MÁRTA

Leithdháileadh €73 mhilliún san iomlán ar 19 n-údarás áitiúla le haghaidh 340 tionscadal iompair inbhuanaithe a fhorbairt agus a chur chun feidhme Leagadh freagracht ar an Údarás as an tionscadal um Bealaí Sábháilte chuig an Scoil a chur chun feidhme chun tacú le bonneagar taistil ghníomhaigh do scoileanna

Seoladh an scéim deontas le haghaidh feithicilí atá inrochtana ag cathaoirí rothaí d'oibritheoirí tacsáí agus fruilchairr Achtaíodh na Rialacháin um Beagfheithiclí Seirbhíse Poiblí, 2021, chun gach ceadúnas beagfheithicil seirbhíse poiblí a cheadú chun bheith neamhghníomhach go ceann dhá bhliain tar éis a dháta éaga bhliantúil sula bhfoirceannfaí go hiomlán é. Rinneadh an leasú sin mar fhoráil eisceachtúil agus mar bheart éigeandála a d'eascair as paindéim Covid-19, á thabhairt faoi deara gur mheas an Rialtas gur seirbhís bhunriachtanach é an t-iompar poiblí, lena n-áirítear an earnáil beagfheithiclí seirbhíse poiblí. A bhuí leis an leasú sin, ar leasú buan ar na Rialacháin é, bhí oibritheoirí beagfheithicil seirbhíse poiblí in ann ceangal a choinneáil leis an tionscal le linn na paindéime

AIBREÁN

Tugadh seirbhís fhóirdheonaithe nua bus isteach i gCathair Phort Láirge (Bealach W6) chun taisteal chuig ionad vacsaínithe Covid-19 ag Airéine Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge a éascú Eisíodh Aip Breisithe Creidmheasa Leap le haghaidh ghléasanna Apple, rud ar féidir le húsáideoirí Chárta Leap TFI é a úsáid chun a n-iarmhéid a sheiceáil, breisiú creidmheasa a chur leis de réir mar a théitear agus ticéid réamhcheannaithe a bhailiú, lena n-áirítear ticéid TaxSaver

Leathnaíodh seirbhísí Nasc Áitiúil TFI feadh Chorca Dhuibhne, rud a thugann rochtain níos fearr ar thaitneamhachtaí áitiúla agus a dhéanfaidh fiordhífeir do dhaoine a chónaíonn sna limistéir iargúlta nó thuaithe mórthimpeall Ceapadh sainchomhairleoirí ildisciplíneacha deartha le haghaidh bhealach DART+ an Chósta, a rithfidh ó Dhroichead Átha ó thuaidh go dtí na Clocha Liatha ó dheas (thart ar 86 km), mar chuid de Chlár DART+ Cuireadh feabhas ar leibhéil seirbhíse bus ar Bhealach 275A ó Dhún Chaoin go Daingean Uí Chúis

BEALTAINE

Fadaíodh teorainneacha aoise tacsaithe mar fhreagairt don tionchar a bhí ag paindéim Covid-19 ar an earnáil tacsaithe. Leis na rialacháin éigeandála sin, ceadaíodh tréimhse aon bhliana a chur leis an dáta deiridh oibriúcháin le haghaidh feithicilí a bhí chun a ndáta deiridh oibriúcháin/a n-aois incheadaithe uasta a bhaint amach sa bhliain 2021 Seoladh Aip nua TFI Go ar sheirbhísí roghnaithe de chuid Bhus Éireann, rud lena dtugtar modh caoithiúil eile chun an gá le híocaíochtaí airgid thirim a dhéanamh ar an iompar poiblí a laghdú

MEITHEAMH

Cuireadh an chéad chéim de ghréasán nua bus limistéar Bhaile Átha Cliath chun feidhme i mBaile Átha Cliath thoir thuaidh (Dromlach H) Seoladh seirbhís nua de chuid Nasc Áitiúil TFI, rud a nascann Port Laoise le Durlas (Bealach 858). Cuireadh feabhas ar an tseirbhís de chuid Nasc Áitiúil TFI idir an Caiseal agus Port Laoise (Bealach 828) freisin, rud a thugann nascacht agus solúbthacht níos fearr do phobail in Áth na nUrlainn, i mBaile Sheáin, ar an gCúlchoill, i nDarú agus i Mainistir Laoise Leathnaíodh go mór gréasán Nasc Áitiúil TFI i Liatroim, rud a chuir feabhas ar an nascacht idir bailte agus sráidbhailte ar fud an chontae agus a chuir feabhas ar chomhtháthú an ghréasáin le seirbhísí príomhshrutha iompair phoiblí D'urraigh TFI Bród LADTA+ Átha Cliath 2021

NA PRÍOMHFHORBAIRTÍ AGUS NA PRÍOMHÉACHTAÍ SA BHLIAIN 2021

IÚIL

Síníodh creat-chomhaontú le haghaidh suas le 200 ceann de bhusanna ceallra-leictreacha astaíochtaí nialasacha aon stóir a sheachadadh, lenar áiríodh ordú tosaigh le haghaidh 45 bhus. Cuirfear tús leis na busanna sin a sheachadadh sa bhliain 2022

Fadaíodh an tarscaoileadh ar tháillí athnuachana ceadúnais beagfheithicle seirbhíse poiblí go deireadh na bliana 2022 tar éis tuilleadh rialachán éigeandála a thabhairt isteach. Áiríodh leis sin freisin an tarscaoileadh ar tháillí athnuachana déanaí a fhadú agus táillí athnuachana déanaí a laghdú ó mhí Iúil 2022. Cuireadh trí cinn nua de bhusanna leictreacha breosla-chille hidrigine dhá stór i mbun seirbhíse idir Baile Átha Cliath agus Ráth Tó (Bealach 105X) mar chuid de threoirscéim um theicneolaíocht breoslaí malartacha

Iarradh ar shaoránaigh Chorcaí a dtuairimí a chur in iúl faoi struchtúr an ghréasáin bus atá ann cheana agus faoin dóigh a bhféadfadh an gréasán freastal ar an tslí is fearr ar na tosaíochtaí atá acu do sheirbhísí bus

Tugadh Bealach 828 ón gCaiseal go Port Laoise agus Bealach 858 ó Dhurlas go Port Laoise isteach

LÚNASA

Cuireadh tús le seirbhís fhóirdheonaithe nua bus (Bealach 245X) idir Corcaigh agus Baile Átha Cliath, agus í ag freastal ar Mhainistir Fhear Maí, ar Bhaile Mhistéala, ar an gCathair agus ar an gCaiseal

Tugadh Bealach 884 ón mBaile Mór go dtí an Nás (Stáisiún Iarnróid na Sollán), trí Bhaile Coimín, isteach

Chuaigh an líon ceannachán faoi Scéim Chárta Leap TFI thar chúig mhilliún ceann, rud a chiallaíonn gur tógadh níos mó ná 840 milliún turas ar an iompar poiblí agus gur caitheadh níos mó ná €1.8 billiún ar chártaí agus ar bhreisthe creidmheasa sna deich mbliana ó seoladh an scéim

MEÁN FÓMHAIR

D'éisigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh breithiúnas maidir le reachtaíocht an Aontais um chearta paisinéirí muirí, rud a d'eascair as imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnais a bhain le breith a thug an tÚdarás mar chomhlacht forfheidhmiúcháin

Foilsíodh an Treoir Deartha maidir le Bealaí Sábháilte chuig an Scoil chun treoir theicniúil a sholáthar maidir le conas bealaí atá níos sábháilte, níos ciúine agus níos tarraingtí chuig an scoil agus os comhair timpeallachtaí scoile a chruthú

Fadaíodh teorainneacha aoise tacsaithe mar fhreagairt don tionchar a bhí ag paindéim Covid-19 ar an earnáil tacsaithe. Leis na rialacháin éigeandála sin, ceadáíodh tréimhse aon bhliana a chur leis an dáta deiridh oibriúcháin le haghaidh feithiclí a bhí chun a ndáta deiridh oibriúcháin/a n-aois incheadaithe uasta a bhaint amach sa bhliain 2022

Tosóidh próiseas comhairliúcháin ar láithreacha lena n-úsáid faoin scéim comhroinnte rothar i gCathair Phort Láirge

Tugadh scéimeanna isteach chun costas na mótarchánach a íocadh a aisíoc le hoibrítheoirí tacsáí, fruilchairr agus limisín agus chun Tástáil Náisiúnta Gluaistean a sholáthar dóibh saor in aisce i ndáil lena bhfeithiclí ceadúnaithe. Cuireadh tús le próiseas soláthair poiblí le haghaidh Chóras Uathaimsiú Feithiclí na Chéad Ghlúine Eile

DEIREADH FÓMHAIR

Cuireadh tús leis an gcomhairliúchán poiblí ar 'Éire a Nascadh' - An Plean Soghluaisteachta Tuaithe. Tá sé mar aidhm leis an bPlean nascacht iompair poiblí a mhéadú, go háirithe do dhaoine a chónaíonn lasmuigh dár gcuid cathracha agus bailte móra

Seoladh tairiscint tionscnaimh d'úsáideoirí TFI Go, ar aip mhóibíleach ticéadaithe nua í, i gCorcaigh, i Luimneach, i mBaile Átha Luain agus ar an Uaimh

SAMHAIN

Cuireadh an dara céim de ghréasán nua bus limistéar Bhaile Átha Cliath chun feidhme i mBaile Átha Cliath thiar agus i gCill Dara thoir (Dromlach C), lena n-áirítear bealaí 24 huaire. Tugadh táille 90 nóiméad TFI isteach, rud lena gcumasaítear do phaisinéirí cómhálartú go réidh idir seirbhísí bus, seirbhísí DART agus seirbhísí Luas i limistéar Bhaile Átha Cliath

Iarradh iarratais ó úsáideoirí iompair poiblí a bhí ag iarraidh dul isteach i nGrúpa Comhairleach nua Úsáideoirí Iompair chun tacú leis an Údarás beartais a fhorbairt agus cláir a chur chun feidhme sa todhchaí. Seoladh comhairliúchán poiblí ar an athbhreithniú sé bliana ar an Straitéis Iompair do Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath. Tosaíodh comhairliúchán poiblí ar an dréachtghréasán nua bus do Chorcaigh mar chuid de Chlár BusConnects Chorcaí

NOLLAIG

Foilsíodh an bealach roghnaithe do Luas Fhionnghlaise le haghaidh comhairliúcháin poiblí. Cuireadh uasghráduithe i gcrích ar chomharthaí taispeána faisnéise fíor-ama do phaisinéirí ar an tsráid

Maidir leis an Údarás Náisiúnta Iompair



Cuspóir agus Feidhm

Tá an tÚdarás ina chomhlacht reachtúil neamhthráchtála Stáit a oibríonn faoi choimirce na Roinne Iompair.

Baineann sainchúram an Údaráis go príomha le modhanna iompair inbhuanaithe – is iad sin, iompar poiblí, rothaíocht agus siúl – a phleanáil, a fhorbairt agus a chistiú ar bhonn náisiúnta. Baineann sé freisin le rialáil a dhéanamh ar sheirbhísí tráchtála bus poiblí agus ar an earnáil beagfheithiclí seirbhíse poiblí, mar aon le teanntáil feithiclí.

Bainistíonn an tÚdarás an clár náisiúnta infheistíochta caipitil don iompar poiblí, don rothaíocht agus don siúl, agus é ag cistiú oibritheoirí iompair, údaráis áitiúla agus comhlachtaí eile chun tabhairt faoi thionscadail cheadaithe thar ceann na Roinne Iompair.

Chomh maith leis sin, is é an tÚdarás Náisiúnta Iompair an t-údarás ceadúcháin do na trí thionscadal ollmhóra iompair phoiblí a bhfuiltear ag tacú leo faoin bPlean Forbartha Náisiúnta reatha don tréimhse 2021 – 2030. Is iad sin:

- » BusConnects Bhaile Átha Cliath
- » MetroLink
- » Clár DART+

Áirítear le sainchúram an Údaráis freastal ar an éileamh ar sheirbhísí iompair inbhuanaithe ar fud na hÉireann agus obair i gcomhar le geallsealbhóirí chun astaíochtaí carbóin a laghdú ó thaobh an iompair de.

Reachtaíocht Chumasúcháin

Bunaíodh an tÚdarás de bhun an Achta um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008.

Ceapadh é ar dtús chun a bheith ina údarás iompair do Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath faoi Acht 2008. Athainmníodh é ina dhiaidh sin, áfach, mar Údarás Náisiúnta Iompair san Acht um Rialáil Iompair Phoiblí 2009, rud lenar leathnaíodh feidhmeanna an Údaráis chun go n-áireofaí leo busanna agus beagfheithiclí seirbhíse poiblí a cheadúnú ar bhonn náisiúnta.

Rinneadh an raon feidhme geografach atá ag roinnt feidhmeanna de chuid an Údaráis a leathnú go leibhéal náisiúnta freisin leis an Acht um Rialáil Tacsaithe, 2013, rud lenar comhdhlúthaíodh reachtaíocht phríomha a bhaineann le beagfheithiclí seirbhíse poiblí agus a dtiománaithe a cheadúnú agus lenar tugadh an reachtaíocht sin cothrom le dáta.

Leis an Acht Iompair Phoiblí, 2016, leathnaíodh na cumhachtaí atá ag an Údarás arís eile trí é a chumasú fodhlíthe a dhéanamh lena rialáiltear úsáid seirbhísí bus poiblí fóirdheonaithe áirithe ag paisinéirí.

Tháinig an tAcht um Theanntáil Feithiclí, 2015, i bhfeidhm an 1 Deireadh Fómhair 2017, rud lena leagtar freagracht ar an Údarás as gníomhaíochtaí teanntála a rialáil ar bhonn náisiúnta.

Tá roinnt feidhmeanna sonracha ag an Údarás maidir le bonneagar agus maidir le pleanáil iompair agus úsáide talún a chomhtháthú i Mórlimistéar Bhaile Átha Cliath freisin, rud a léiríonn na riachtanais iompair phoiblí agus bhainistíochta tráchta ar leith atá ag an réigiún, a chuimsíonn 40% de dhaonra an Stáit agus 43% d'fhostaíocht iomlán an Stáit de réir áit chónaithe.

Ról agus Rialachas

Bord an Údaráis

Tá an tÚdarás faoi rialú ag Bord a chuimsíonn dháréag comhaltaí a gceapann an tAire Iompair iad. Is poist ex officio iad trí cinn de na poist ar an mBord, atá forchoimeáda don Phríomhfheidhmeannach, d'ardbhainisteoir eile de chuid an Údaráis agus don Phríomhfheidhmeannach ar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Féadfar comhaltaí Boird a cheapadh ar feadh tréimhse cúig bliana ar a mhéad agus féadfar iad a athcheapadh chun téarma eile a chur isteach. Féadfaidh comhaltaí fónamh ar an mBord ar feadh tréimhse deich mbliana ar a mhéad, mar atá leagtha amach sa reachtaíocht chumasúcháin. Níl feidhm ag an srian sin maidir le comhaltaí ex officio, a fhanfaidh ar an mBord fad a shealbhóidh siad an post ábhartha.

Ár gComhaltaí Boird



Ceapadh Fred Barry mar Chathaoirleach ar an Údarás Náisiúnta Iompair i mí na Samhna 2017. Tá sé ina stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin de chuid Ervia agus tá sé ina stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin de chuid PM Group. Roimhe sin, bhí sé ina Chathaoirleach ar Bhord Forbartha an Ospidéal Náisiúnta Phéidiatraigh agus bhí sé ina stiúrthóir de chuid na Gníomhaireachta Náisiúnta Forbartha Airgeadais, an Údaráis um Bóithre Náisiúnta agus cuideachtaí éagsúla laistigh de Jacobs Engineering Group Inc.

Bhí sé ar an bPríomhfheidhmeannach ar an Údarás um Bóithre Náisiúnta idir an bhliain 2005 agus an bhliain 2015. Roimhe sin fós, chaith sé 25 bliana ag obair ar leibhéal idirnáisiúnta le Jacobs, áit a raibh an ról mar Stiúrthóir Bainistíochta Grúpa don Ríocht Aontaithe agus d'Éirinn ar cheann de na róil bhainistíochta a bhí aige. Is Innealtóir Cairte é, tá sé cáilithe mar abhcóide, agus tá sé ina Chomhalta d'Innealtóirí Éireann agus d'Acadamh Innealtóireachta na hÉireann.



Tá Hugh Creegan ina Leas-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus ina Stiúrthóir um Infheistíocht Iompair san Údarás. D'oibrigh sé roimhe sin leis an Údarás um Bóithre Náisiúnta mar Cheann Rannóige, agus é freagrach as Comhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí, as Oibríochtaí Tráchtála agus as Pleanáil Straitéiseach. Is innealtóir sibhialta é ag a bhfuil taithí leathan ar mhórchionascadail san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon, lena n-áirítear Tollán Chalafort Bhaile Átha Cliath, leathnú M50 agus bailiú an dola saorshreafa ghaolmhair.



Is Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin neamhspleách í Ann Fitzgerald. San am i láthair, tá sí ina Leas-Chathaoirleach ar Phainéal Táthcheangail na hÉireann. Rinne sí cathaoirleacht ar an nGrúpa Straitéise Tomhaltóirí, a raibh a chuid oibre taobh thiar den chinneadh ón Rialtas an Gníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí a bhunú. D'fhóin sí mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar an nGníomhaireacht ar feadh cúig bliana suas go mí Dheireadh Fómhair 2012. Roimhe sin, bhí sí ina hArd-Rúnaí ar Chumann Bainisteoirí Infheistíochta na hÉireann. Chuaigh sí isteach sa Chumann ar fhágáil na Roinne Tionscail agus Tráchtála di sa bhliain 1989. Chaith Ann níos mó ná 20 bliain mar Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin, go príomha i gcomhlachtaí tráchtála agus neamhthráchtála san earnáil phoiblí.

Athcheapadh Ann chuig an mBord i mí Mheán Fómhair 2020 le haghaidh téarma cúig bliana.



Ceapadh Anne Graham mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar an Údarás Náisiúnta Iompair i mí Eanáir 2015. D'fhóin sí roimhe sin mar Stiúrthóir Seirbhísí Iompair Phoiblí an Údaráis. Is Innealtóir Cairte í Anne agus tá sí ina Comhalta d'Innealtóirí Éireann agus d'Acadamh Innealtóireachta na hÉireann. Tá céim Mháistreachta aici san Eolaíocht Innealtóireachta i réimse an Iompair ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, agus tá céim MBA aici ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. D'oibrigh sí le hÚdaráis Áitiúla Bhaile Átha Cliath mar Innealtóir Sibhialta, mar Bhainisteoir Tionscadal ar a lán tionscadal difriúil agus mar Bhainisteoir Limistéir i limistéar Thiar Theas Chathair Bhaile Átha Cliath, agus í ag tabhairt seirbhísí údaráis áitiúil níos gaire do thomhaltóirí i gceithre oifig áitiúla.



Ceapadh Owen P. Keegan mar Bhainisteoir Cathrach Bhaile Átha Cliath i mí Mheán Fómhair 2013, tar éis dó fónamh mar Bhainisteoir Contae ar Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin ó mhí Feabhra 2006. Sula ndeachaigh sé isteach sa Chomhairle, d'oibrigh sé sna róil mar Bhainisteoir Cathrach Cúnta agus mar Stiúrthóir Tráchtá i gComhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Roimh mhí Dheireadh Fómhair 1993, d'oibrigh sé mar eacnamaí do DKM Economic Consultants/Davy Stockbrokers. D'oibrigh sé sa Roinn Airgeadais agus san Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta freisin agus chaith sé dhá thréimhse sa Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Is as Baile Átha Cliath don Uas. Keegan. Tá céimeanna aige sa riarachán poiblí, san eacnamaíocht agus san innealtóireacht shibhialta.



D'fhóin Pat Mangan mar Rúnaí Cúnta sa Roinn Iompair ón mbliain 1995 go dtí an bhliain 2010. I measc na nithe a raibh sé freagrach astu bhí iompar poiblí, infheistíocht iompair agus airgeadas.

Roimhe sin, bhí sé ina Cheann um Beartas Bóithre sa Roinn Comhshaoil agus rinne sé cathaoirleacht ar Thionscnamh Iompair Bhaile Átha Cliath. Tá sé ina Chomhalta den Institiúid Chairte um Lóistíocht agus Iompar in Éirinn.

Athcheapadh Pat chuig an mBord i mí Mheán Fómhair 2020 le haghaidh téarma cúig bliana.



Tá Frank O'Connor ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Airtel ATN Limited, ar cuideachta í a sholáthraíonn réitigh chumarsáide sonraí don tionscal eitlíochta. Chomhbhunaigh sé an cuideachta sa bhliain 1998. Sular chomhbhunaigh sé Airtel, d'oibrigh sé i roinnt cuideachtaí forbartha bogearraí, lenar áiríodh cuideachtaí ilnáisiúnta sna Stáit Aontaithe ar nós Retix agus CACI. Thosaigh sé a ghairm ag Systems Dynamics sa bhliain 1976. D'oibrigh sé leis an gcuideachta ar feadh ocht mbliana, ar chaith sé dhá bhliain díobh sa Ghearmáin agus san Ísiltír. Bhí sé ina stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin de chuid Aer Lingus sa bhliain 2014/15.

Athcheapadh Frank chuig an mBord i mí Mheán Fómhair 2020 le haghaidh téarma cúig bliana.



Tá Brian McCormick ina Stiúrthóir Cairte ag a bhfuil taithí leathan ar bhainistíocht ghinearálta agus oibriúcháin, ar fhorbairt gnó agus ar airgeadas corparáideach in Éirinn agus thar lear araon. D'oibrigh sé le déanaí mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin de chuid An Post, áit a raibh sé ina Chathaoirleach ar fhochuideachtaí na cuideachta freisin, ba iad sin: Árachas An Post agus Air Business Limited, ar cuideachta dáileacháin irisí agus bainistíochta síntiús sa Ríocht Aontaithe í. D'oibrigh sé roimhe sin mar Stiúrthóir de chuid Merrion Corporate Finance agus i róil ardbhainistíochta le CRH plc sna Stáit Aontaithe. Tá Brian ina chéimí innealtóireachta de chuid an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, agus tá céim MBA aige ó Scoil Wharton in Ollscoil Pennsylvania.



Tá David Gray ina Chuntasóir Cairte agus ina Shainchomhairleoir Neamhspleách atá lonnaithe i mBéal Feirste. Chaith sé an chuid is mó dá ghairm sa Chleachtadh Poiblí, ag obair dó i ndisciplíní an Airgeadais Chorporáidigh agus an Rialachais Chorporáidigh. Roimhe sin, bhí sé ina Chomhpháirtí i gCeannas ar Sheirbhísí Iniúcháireachta Seachtraí agus Rialachais Chorporáidigh do RSM UK LLP i mBéal Feirste.

Tá taithí fhairsing Coiste Iniúcháireachta agus Rialachais Chorporáidigh aige agus tá sé ina Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin agus ina chathaoirleach ar an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca do Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann agus d'Údarás Cuain an Phoirt araon.

Ar na ceapacháin roimhe tá an ról mar Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin agus/nó mar Chathaoirleach ar an gCoiste Iniúcháireachta don Roinn Bonneagair (Tuaisceart Éireann); do Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann; don Choimisiún Beostoic agus Feola do Thuaisceart Éireann; agus d'Iontaobhas Pobail agus Ospidéal Uladh.

Is Idirghabhálaí cáilithe é David agus tá taithí fhairsing aige ar Réiteach Díospóide.



Tá Iain Docherty ina Dhéan ar an Institiúid Ard-Léinn agus tá sé ina Ollamh le Beartas agus Rialachas Poiblí ag Ollscoil Stirling, Albain. Tá Iain ag déanamh taighde ar bheartais iompair agus ar an tionchar atá acu ar fheidhmíocht eacnamaíoch, ar inbhuanaitheacht comhshaoil agus ar chuimsiú sóisialta le níos mó ná 25 bliana anuas. D'oibrigh sé le raon éagsúil eagraíochtaí, lena n-áiríodh rialtais agus gníomhaireachtaí poiblí sa Ríocht Aontaithe, sna Stáit Aontaithe, san Astráil, i gCeanada, san Ísiltír agus sa tSualainn, mar aon leis an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta. Chuir sé comhairle ar eagraíochtaí den sórt sin freisin. Bhí sé ina Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin de chuid Iompar Alban idir na blianta 2006 agus 2010 agus bhí sé ina Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin de chuid Scotrail, ar cuideachta oibríochta traenach é, idir na blianta 2015 agus 2019. Sealbhaíonn Iain Comhaltachtaí le hAcadamh na nEolaíochtaí Sóisialta, le Cumann Ríoga Dhún Éideann, le Cumann Ríoga na nEalaíon, leis an gCumann Ríoga Tíreolaíochta agus leis an Institiúid Innealtóirí Sibhialta. Tá sé ina Chomhalta Cairte den Institiúid Chairte um Lóistíocht agus Iompar freisin.



Ceapadh Eleanor O'Neill chuig bord an Údaráis Náisiúnta Iompair i mí na Nollag 2021. Is Sainchomhairleoir Teicneolaíochta Faisnéise í, agus taithí fhairsing aici ar Chlaohlú Digiteach, ar Bhainistíocht Oibríochtúil, ar Chibearshlándaíl, agus ar Chumaisc agus Éadálacha. D'oibrigh sí i ról shinsearach feidhmiúcháin le níos mó ná 30 bliain i gcuideachtaí ilnáisiúnta teicneolaíochta amhail Symantec, Visio, Microsoft, Marrakech, agus Digital Equipment Corporation.

Fónann Eleanor mar Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin de chuid Shláinte Leanáí Éireann agus Choillte freisin.

Tá Eleanor ina céimí Innealtóireachta de chuid Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Tá cáilíochtaí iarchéime aici san Anailís ar Chórais ó Ollscoil na Gaillimhe, sa Chibearshlándaíl ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, agus sa Rialachas Corparáideach ó Institiúid na Stiúrthóirí in Éirinn freisin.



Tá Joyce Loughnan ina stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin de chuid Chumann Tithíochta Eoin Dé, áit a bhfuil sí ina comhalta den Choiste Airgeadais, Iniúcháireachta agus Riosca agus den Choiste Forbartha. Chomh maith leis sin, tá sí ina comhalta de Choiste Eitice Taighde Sheirbhísí Meabhairshláinte Phádraig agus is í an Rúnaí do Chumann Cairde agus Teaghlach Sheirbhísí Íosaf do Dhaoine faoi Mhíchumas Intleachta, Port Reachrann. D'fhóin Joyce roimhe seo mar stiúrthóir Boird de chuid Chomhlachas Gnó Bhaile Átha Cliath, The Wheel agus BoardMatch Ireland. D'fhóin sí freisin ar Choiste Comhairleach Straitéiseach Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, ar choiste Éireannach Fóram Idirnáisiúnta na mBan, ar Choiste Stiúrtha na Roinne Comhshaoil um Thithíocht agus Easpa Dídine agus ar Choiste Réigiúnach Chónaidhm Ghnólaigh agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC) do Réigiún an Oirthir. Bhí sí ar an bPríomhfheidhmeannach ar Focus Ireland idir an bhliain 2008 agus an bhliain 2014. Roimhe sin, chaith sí a gairm idirnáisiúnta 25 bliana ag athrú eagraíochtaí éagsúla ó bhonn trí leas a bhaint as an Teicneolaíocht Faisnéise. Áiríodh leis na heagraíochtaí sin Bainc-Aontas Éireann (AIB), an Garda Síochána, Aer Lingus, Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath, Hibernian Insurance, Amdahl Europe, Bank of Western Australia, Goldman Sachs (Londain), Quarryman (Poblacht na hAfraice Theas) agus Volkswagen. Sealbhaíonn Joyce Máistreacht sa Riarachán Gnó ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus tá sí ina comhalta d'Institiúid na Stiúrthóirí in Éirinn.

Cothromaíocht Inscne an Bhoird

Sonraítear sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) sprioc go ndéanfaí ionadaíocht 40% ar a laghad don dá inscne i gcomhaltas na mBord Stáit.

Ag deireadh na bliana 2021, bhí ceathrar comhaltaí baineanacha (33%) agus ochtar comhaltaí fireannacha (66%) ag an mBord.

Chuir an tÚdarás an Roinn Iompair ar an eolas faoin éagothroime inscne atá ann ar an mBord faoi láthair agus táthar ag súil leis go gcuirfidh an Roinn í sin san áireamh le linn di folúntais a bheidh ann sa todhchaí a líonadh ar leibhéal an chomhalta Boird.

Ár nEagraíocht/Ár bhFoireann

Bhí 211 fhostaí san iomlán ag an Údarás amhail an 31 Nollaig 2021, agus iad go léir ag obair ar bhonn cumaisc/hibrideach ónár gceannoifig i mBaile Átha Cliath. Earcaíodh 67 mball foirne san iomlán sa bhliain 2021, agus iad ag clúdach róil nua agus róil a bhí ann cheana agus ag aisliónadh róil ar éirigh daoine astu. Tá roinnt ball foirne tionscadail ann freisin nach bhfuil fostaithe go díreach ag an Údarás. Oibríonn na baill foirne sin chun cabhrú leis an Údarás an clár suntasach oibre atá ar bun aige i ndáil le gnó/tacaíocht laethúil agus i ndáil le mórtionscadail araon a chur i gcrích.

Tábla 1 - Próifíl inscne na bhfostaithe ag an 31/12/2021

2021 Fostaithe	Líon	Céatadán
Fireann	139	66
Bainean	72	34
Iomlán	211	100

Is le réimsí na hEolaíochta, na Teicneolaíochta, na hInnealtóireachta agus na Matamaitice (STEM) a bhaineann formhór na ról laistigh den Údarás. Tá próifíl éagothrom inscne na heagraíochta inchurtha go príomha i leith rannpháirtíocht íseal na mban i róil teicneolaíochta agus innealtóireachta agus i leith an sciar ísil ban a bhíonn ag gabháil do cháilíochtaí STEM i gcoitinne. Tá an tÚdarás ag obair chun an éagothroime sin a laghdú bunaithe ar Phlean Gníomhaíochta um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú. Cé go nglacann an tÚdarás leis go dtógfaidh sé tamall maith air an scéal a réiteach, is féidir le sraith beart atá pleanáilte aige an éagothroime sin a laghdú.

Le linn na bliana 2021, lean athrú gan

fasach d'fhórsa saothair an Údaráis le heascairt as paindéim Covid-19 agus as na bearta a rinneadh chun tionchar na paindéime a mhaolú. Faoi mar a tharla sa bhliain 2020, bhí oifigí an Údaráis dúnta ar feadh cuid mhór den bhliain agus d'oibrigh formhór na mball foirne go cianda. D'ainneoin an tsuaite sin, lean an tÚdarás lena raon leathan feidhmeanna gnó a chomhlíonadh go rathúil.

Áiríodh iad seo a leanas leis na príomhdheiseanna Foghlama agus Forbartha a soláthraíodh le linn na bliana 2021:

- » clár Ceannaireachta a bhí deartha go sonrach do bhainisteoirí líne laistigh den Údarás;
- » roinnt clár folláine a chur i bhfeidhm

chun tacú le folláine shóisialta, fhisiciúil agus mheabhrach na foirne, agus suirbhéanna a dhéanamh chun sainathint a dhéanamh ar na saincheisteanna/na dúshláin a mbíonn baill foirne ag dul i ngleic leo sa tréimhse seo atá gan fasach; agus

» cúrsaí oiliúna a chur i bhfeidhm a bhí deartha chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann go sonrach leis an gcianobair, lenar áiríodh cúrsaí sna nithe seo a leanas:

- Cianfhoirne a Bhainistiú
- Foirne Cumaisc a Bhainistiú agus a Spreagadh
- Clár inmheánach meantóireachta a chur i bhfeidhm a bhí deartha chun tacú le mná agus chun aitheantas a thabhairt don eispéireas difriúil a bhí ag a lán ban ar an áit oibre le linn na paindéime

Comhionannas, Éagsúlacht agus

Cuimsiú

Rud tábhachtach don Údarás sa bhliain 2021 ba ea díriú a leagan ar Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú, go háirithe i ndáil leis na freagrachtaí atá ar an Údarás faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí i leith an Chomhionannais agus Chearta an Duine, mar atá leagtha amach in alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2015. Leis an Dualgas sin, cuirtear ceanglas dlíthiúil ar eagraíochtaí earnála poiblí comhionannas a chur chun cinn go réamhghníomhach, idirdhealú a chosc, agus cearta an duine a chosaint dá gcuid fostaithe, custaiméirí agus úsáideoirí seirbhíse agus do gach duine a ndéanann a gcuid beartas agus pleananna difear dóibh.

Agus é ag cur leis na hiarrachtaí a bhí ar bun aige cheana chun Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú a chur chun cinn ar bhonn corparáideach, rinne an tÚdarás

na bearta seo a leanas sa bhliain 2021:

- Oiliúint Feasachta/Íogaireachta i leith na hÉagsúlachta agus an Chuimsithe a sholáthar do bhaill foirne
- dul i gcomhairle le baill foirne trí shuirbhé ar líne chun aiseolas a bhailiú agus chun sainathint a dhéanamh ar aon ghníomhartha i réimse an Chomhionannais, na hÉagsúlachta agus an Chuimsithe lena mbreithniú.

Chabhraigh an obair a rinneadh sa bhliain 2021 leis an Údarás a aibíocht reatha ó thaobh an Chomhionannais, na hÉagsúlachta agus an Chuimsithe de a léarscáiliú agus sainathnódh inti gníomhartha lena ndéanamh sa bhliain 2022 chun an aibíocht sin a chur ar aghaidh tuilleadh. Úsáideadh an tsamhail aibíochta atá leagtha amach sa doiciméad “Ár Seirbhís Phoiblí 2020” (Gníomh 16) mar thagarmharc/pointe tagartha don obair sin.

Ráiteas Straitéise Nua don

Údarás

Ós rud é go gcumhdaítear leis an Ráiteas Straitéise reatha ón Údarás an tréimhse 2018-2022, tosaíodh ag obair sa bhliain 2021 ar an straitéis sin a athbhreithniú agus ar an gcéad leagan eile di don tréimhse 2023-25 a phleanáil.

Tionscadal an Aistrithe Mhoir

Rinneadh an-dul chun cinn ar chóiríocht oifige an Údaráis a chomhdhlúthú ó na ceithre láthair atá aige faoi láthair ina láthair láraithe amháin nuair a cuireadh tús le Tionscadal an Aistrithe Mhoir sa bhliain 2021. Ní hé amháin gur tháinig an tionscadal as an ngá atá ann le samhail oibriúcháin níos éifeachtúla a chur i bhfeidhm ó thaobh bainistíochta ginearálta saoraidí de, ach tháinig sé freisin as an ngá atá ann le freastal ar líon

méadaithe ball foirne mar gheall ar an leathnú ar réimsí freagrachta an Údaráis.

Maidir leis an aistriú beartaithe oifige a chur ar aghaidh, bunaíodh grúpa oibre inmheánach go luath sa bhliain 2021 chun tús a chur leis an bpróiseas pleanála do Thionscadal an Aistrithe Mhóir. Áiríodh iad seo a leanas leis na gníomhartha leantacha a rinneadh:

- fógra a thabhairt do gheallsealbhóirí ábhartha faoin rún atá ag an Údarás cóiríocht nua oifige a lorg
- Riachtanais Cheannoifige an Údaráis a leagan amach i sonraíocht, agus an tsonraíocht sin a úsáid chun dul i dteagmháil leis an margadh i mí na Nollag 2021 maidir le riachtanais chóiríochta an Údaráis.

Ár bhFreagrachtaí Corparáideacha Nochtadh Cosanta

Fuair an tÚdarás nochtadh cosanta amháin le linn na bliana i ndáil le ní soláthair phoiblí. Chuir páirtí seachtrach tús le himscrúdú ar an ní, rud a bhí fós ar siúl sa bhliain 2022.

Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Lean an tÚdarás lena Scéim Teanga cheadaithe a chur chun feidhme de réir Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

Le linn na bliana, d'fhoilsigh an tÚdarás 12 phreaseisiúint i nGaeilge agus mhéadaigh sé go suntasach an líon postálacha a dhéanann sé i nGaeilge ar na meáin shóisialta.

Idirchaidreamh leis an Oireachtas

Fuair an tÚdarás 1,451 fhiosrú ó ionadaithe poiblí le linn na bliana.

Thug an tÚdarás freagra ar thrí iarraidh shonracha scríofa dhéag ó Choistí den Oireachtas le linn na bliana freisin.

D'fhreastail an Príomhfheidhmeannach agus an Leas-Phríomhfheidhmeannach ar chruinniú den Chomhchoiste um Ghníomhú ar son na hAeráide i mí an Mhárta. D'fhreastail an Príomhfheidhmeannach agus an Leas-Phríomhfheidhmeannach ar chruinnithe den Chomhchoiste um Iompar agus Líonraí Cumarsáide i mí Aibreáin agus i mí na Samhna agus d'fhreastail siad ar chruinniú den Chomhchoiste um Ghnóthaí Míchumais i mí an Mheithimh.

Rochtain ar Fhaisnéis

Ar an iomlán, fuair an tÚdarás 163 iarraidh faoin reachtaíocht um Shaoráil Faisnéise.

Chomh maith leis sin, fuair an tÚdarás 22 iarraidh ar fhaisnéis maidir leis an gcomhshaol faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Fhaisnéis maidir leis an gComhshaol).

Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)

Bhí díriú láidir ann arís eile sa bhliain 2021 ar leanúnachas gnó a chothabháil agus ar thimpeallachtaí slána cianoibre a sholáthar. Mar an gcéanna, bhí díriú comhchosúil ann go fóill ar rialachas slándála ár bpríomhsholáthraithe, a raibh orthu córais an Údaráis a rochtain agus a bhainistiú trí theicneolaíocht cianoibre a úsáid. Tháinig oibríochtaí slándála an Údaráis in aibíocht go mór an athuair sa bhliain. Measúnaíonn an tÚdarás a aibíocht i gcomparáid le caighdeáin tionscail (mar atá Creat Cibearshlándála NIST) gach bliain, agus baineann sé úsáid as an bpróiseas sin chun feabhas seasmhach a bhrú chun cinn. Cuireadh roinnt tionscnamh straitéiseach TFC chun feidhme chun cobhsaíocht agus athléimneacht chórais an Údaráis a mhéadú. Áiríodh leo sin Office 365, Azure Virtual Desktop agus priontáil tharmhligthe a chur i bhfeidhm, feabhas a chur ar athléimneacht a lán córas Corparáideach, agus roinnt córas tábhachtach a athnuachan. Rinneadh an plean leanúnachais gnó agus athshlánaithe

ó thubaiste a athrú chun dáta agus a chomhaontú le haghaidh gach ceann d'fheidhmeanna an Údaráis agus, go deimhin, tástáladh go cuimsitheach é le linn phaindéim Covid-19.


Leathnaíodh an tArdán Faisnéise Gnó trí thuilleadh tacar sonraí a chur leis agus trí anailísíocht a chur i bhfeidhm do níos mó ná leath bhaill foirne an Údaráis. Cuireadh rochtain ar fáil do bhaill foirne de chuid Oibritheoirí Iompair freisin.

Ghlac an tÚdarás ról an-ghníomhach anchomhoibríoch an athuair i slándáil fhoriomlán an éiceachórais oibritheoirí iompair a fheabhsú, ag obair dó i gcomhar le hoibritheoirí iompair chun feabhsuithe slándála agus cosaint sonraí a bhrú chun cinn agus chun comhlíonadh an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí a bhaint amach.



Pleanáil dár dTodhchaí

“Fianaise ar a thiomanta atá an tÚdarás don iompar poiblí in Éirinn a fheabhsú le linn na bliana 2021 ba ea roinnt móρθhionscadal pleanála agus bonneagair.”



Tionscnaimh Phleanála Iompair

Áiríodh iad seo a leanas leis na príomhthionscnaimh phleanála iompair ar thug an tÚdarás fúthu sa bhliain 2021:

Mórchearntar Bhaile Átha Cliath - an Dréacht-Straitéis Iompair do Mhórchearntar Bhaile Átha Cliath 2022 – 2042 a fhoilsiú i mí na Samhna 2021 le haghaidh comhairliúcháin poiblí. Reáchtáladh roinnt imeachtaí ar líne le linn na tréimhse comhairliúcháin ocht seachtaine, agus breis agus 1,000 aighneacht á bhfáil. Tugadh an tuarascáil straitéise i gcrích go luath sa bhliain 2022 agus cuireadh í faoi bhráid Thionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre, an Chomhchoiste Oireachtais um Iompar agus an Aire Iompair lena breithniú acu, de réir ceanglais reachtacha.

Limistéar Cathrach Chorcaí - tar éis don Údarás Straitéis Iompair Limistéar Cathrach Chorcaí a chur i gcrích i dtús na bliana 2020 i gcomhar le Comhairle Cathrach Chorcaí, le Comhairle Contae Chorcaí agus le Bonneagar Iompair Éireann, cuireadh roinnt tionscadal ar aghaidh le linn na bliana 2021 mar chuid de chur chun feidhme na Straitéise. Áiríodh leo sin tionscadail Bhonneagair agus Athdhearadh Gréasáin BusConnects Chorcaí, Iarnród Éadrom Chorcaí, Clár Iarnróid Comaitéireachta Chorcaí agus tionscadail éagsúla a cistíodh faoin gClár Taistil Ghníomhaigh. Rannchuidigh an tÚdarás le Plean um Iompar agus an Ríocht Phoiblí a Fheabhsú a ullmhú do Charraig Uí Leighin agus lean sé le páirt a ghlacadh i nGrúpa Phlean Straitéiseach Limistéar Chorcaí.

Limistéar Ceannchathartha Luimnigh - Shionainne - lean an tÚdarás leis an Straitéis Iompair a bhí beartaithe do Limistéar Ceannchathartha Luimnigh-Shionainne a ullmhú i gcomhar le Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, le Comhairle Contae an Chláir agus le Bonneagar Iompair Éireann sa bhliain 2021. Áiríodh leis sin athscrúdú níos mine a dhéanamh ar an acmhainneacht

atá ag an iarnród fo-uirbeach ról níos suntasaí a imirt san iompar sa Limistéar Ceannchathartha. Thapaigh an tÚdarás an deis chun dul i dteagmháil an athuair le roinnt geallsealbhóirí roghnaithe go luath sa bhliain 2021 chun freagraí tosaigh a thabhairt ar an aiseolas a thug siad ar an dréacht-Straitéis Iompair do Limistéar Ceannchathartha Luimnigh-Shionainne. Cé gur tugadh an dréacht athbhreithnithe i gcrích faoi mhí an Mheithimh 2021, cuireadh foilsiú an dréachta sin siar chun go bhféadfaí aird a thabhairt ar na leaganacha athbhreithnithe den Phlean Forbartha Náisiúnta agus den Phlean Gnímh don Aeráid a bhí le teacht. Tá an dréacht athbhreithnithe foilsithe anois le haghaidh comhairliúcháin poiblí. Rannchuidigh an tÚdarás le plean iompair áitiúil a ullmhú do Shionainn freisin.

Limistéar Ceannchathartha na Gaillimhe - lean an tÚdarás air ag obair le Comhairle Cathrach na Gaillimhe chun na cuspóirí atá leagtha amach i Straitéis Iompair na Gaillimhe a chur chun feidhme.

Limistéar Ceannchathartha Phort Láirge - lean an tÚdarás le Straitéis Iompair a ullmhú do Limistéar Ceannchathartha Phort Láirge i gcomhar le Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, le Comhairle Contae Chill Chainnigh, le Bonneagar Iompair Éireann agus le Tionól Réigiúnach an Deiscirt. Táthar ag súil leis go gcuirfear an straitéis iompair sin i gcrích le linn na bliana 2022.

Samhaltú Iompair - tar éis na samhlacha do limistéir lasmuigh de Bhaile Átha Cliath a sholáthar ag deireadh na bliana 2020, tosaíodh ag obair ar Chóras um Shamhaltú Réigiúnach a chothabháil sa bhliain 2021. I gcomhthráth leis an gCóras um Shamhaltú Réigiúnach a chur i gcrích, ullmhaíodh sraith samhlacha cásanna tagartha chun tionchar an Phlean Forbartha Náisiúnta agus an Chreata Náisiúnta Pleanála sna blianta 2030 agus 2040 a thuair agus chun cásanna bonnlíne a sholáthar do thionscadail eile. Rinneadh Samhail Réigiúnach an Oirthir agus an

tSamhail Náisiúnta Réamhaisnéise Éilimh a nuashonrú freisin chun gach samhail a thabhairt faoin aon bhonn cóid amháin.

Chun cabhrú le bonneagar rothaíochta a phleanáil agus a dhearadh faoin gclár Taistil Ghníomhaigh, forbraíodh modheolaíocht le haghaidh Cásanna Claonadh Rothaíochta. Seoladh an mhodheolaíocht sin ar shuíomh Gréasáin an Údaráis ag deireadh na bliana.

Sa bhliain 2021, tháinig méadú suntasach ar an úsáid a baineadh as an gCóras um Shamhaltú Réigiúnach chun measúnú a dhéanamh ar mhórtionscadail iompair agus ar phleananna eile.

Éire a Nascadh - is é is ‘Éire a Nascadh’ ann ná an plean atá i bhfeidhm ag an Údarás chun soghluaisteacht tuaithe agus idiruirbeach a bhunathrú trí fheabhas a chur ar sheirbhísí bus agus iarnróid ar fud na tíre thar an tréimhse cúig bliana idir 2021 agus 2025, agus an dá bhliain sin san áireamh.

Ullmhaíodh Réamhchás Gnó le haghaidh ‘Éire a Nascadh’ sa bhliain 2021 chun a mheasúnú cá mhéad cistiúcháin a bheadh ag teastáil chun tacú le gréasán seirbhísí iompair phoiblí a sholáthar i gceantar tuaithe na hÉireann. I gcomhthráth leis an obair sin, lean foireann pleanála an tionscadail ‘Éire a Nascadh’ le tabhairt faoi phróisis chomhairliúcháin le geallsealbhóirí éagsúla ar fud na tíre, agus í ag bualadh, mar shampla, leis na hÚdaráis Áitiúla uile idir mí an Mhárta agus mí Lúnasa 2021.

I mí Dheireadh Fómhair, sheol Eamon Ryan TD, an tAire Iompair, an dréachtstraitéis agus an próiseas comhairliúcháin phoiblí le haghaidh ‘Éire a Nascadh’. Fuarthas níos mó ná 3000 freagra faoi dheireadh an phróisis comhairliúcháin i mí na Nollag.

Ina theannta sin, chuaigh an tÚdarás i dteagmháil le húdaráis áitiúla ar fud na tíre maidir le pleananna forbartha agus pleananna limistéir áitiúil a ullmhú. Chuathas i gcomhairle leis an Údarás freisin maidir le roinnt mhaith pleananna iompair áitiúil a ullmhú do bhailte

tábhachtacha agus do lonnaíochtaí eile. Rinneadh cuid mhór den obair sin chun cabhrú le hinfheistíocht iompair a chur in ord tosaíochta i limistéir áitiúla.

An tAthbhreithniú ar Amchlár Iarnróid - le cúnaimh ó speisialtóirí iarnróid, tionóladh Comhghrúpa Oibre de chuid an Údaráis agus Iarnród Éireann i mí Dheireadh Fómhair chun athbhreithniú a dhéanamh ar a chuí a bheadh an t-amchlár náisiúnta iarnróid i gcomhthéacs na n-athruithe ar dóigh dóibh teacht ar iompraíocht taistil de dheasca na paindéime. Obair thráthúil ba ea an obair sin. Tá sí á breithniú anois mar chuid den tionscadal ‘Éire a Nascadh’, toisc gur chuir a lán geallsealbhóirí béim ar an ngá atá ann le seirbhísí iarnróid a mhéadú agus a fheabhsú in áiteanna ar fud na tíre inarb ann do bhonneagar iarnróid.

BusConnects Bhaile Átha Cliath

BusConnects Bhaile Átha Cliath - Croíchonairí Bus - is é atá i gceist leis an obair seo bonneagar leanúnach tosaíochta bus agus saoraidí feabhsaithe coisithe agus rothaíochta a fhorbairt ar **shé chroíchonair ghathacha dhéag** i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath.

Lean an tÚdarás lena chuid oibre pleanála agus deartha le linn na bliana 2021, lenar áiríodh Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta, Measúnacht Tionchair Natura agus doiciméid Ordaithe Ceannaigh Éigeantaigh a ullmhú do gach ceann den **12** Scéim Croíchonaire Bus atá beartaithe chun iarratais phleanála reachtúla a chur go foirmiúil faoi bhráid an Bhoird Pleanála.

A luaithe a cheadóidh an Rialtas an Réamhchás Gnó le haghaidh BusConnects Bhaile Átha Cliath, tosófar ar na hiarratais phleanála reachtúla a chur go foirmiúil faoi bhráid an Bhoird Pleanála ar bhonn céimnithe ó thús na bliana 2022 ar aghaidh.

An tAthbhreithniú ar Ghréasán BusConnects Bhaile Átha Cliath - D’fhoilsigh an tÚdarás an gréasán nua

bus do Limistéar Bhaile Átha Cliath sa bhliain 2021 tar éis próiseas mionsonraithe a tosaíodh sa bhliain 2017 mar chuid de Chlár foriomlán BusConnects Bhaile Átha Cliath. Le linn na tréimhse sin, thug an tÚdarás faoi thrí mhórhóiríseas comhairliúcháin phoiblí agus chaith sé súil ar bhreis agus 72,000 aighneacht.

I gcomhar le hoibritheoirí agus le húdaráis áitiúla, thosaigh an tÚdarás ar an ngréasán nua bus a chur chun feidhme ar bhonn céimnithe. Mairfidh an obair sin roinnt blianta, faoi réir cistiú a bheith ar fáil.

Tugadh Céim 1 isteach i mí na Bealtaine 2021. Soláthraíodh Dromlach H agus Bealach 6 le linn na céime sin, agus iad ag freastal ar Mhullach Íde, ar Phort Mearnóg, ar Bhinn Éadair, ar Bhaile Dúill agus ar Ráth Eanaigh. Tugadh Dromlach C agus na bealaí áitiúla agus na mearbhealaí a ghabhann leis isteach i mí na Samhna, agus iad ag freastal ar Mhaigh Nuad, ar Léim an Bhradáin, ar Chill Droichid, ar Leamhcán, ar Bhaile Adaim agus ar Dhumhach Thrá. Ba i gcomhpháirt lenár n-oibritheoirí iompair, go háirithe Bus Átha Cliath, a soláthraíodh na seirbhísí feabhsaithe sin sa bhliain 2021.

Clár DART+

Is é is Clár DART+ ann ná clár bunathraitheach tionscadal a bhfuil mar aidhm leis na seirbhísí iarnróid atá ann cheana i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath a nuachóiriú agus a fheabhsú. Soláthrófar seirbhís iarnróid atá inbhuanaithe agus iontaofa agus a oibríonn ar bhonn níos minice mar thoradh ar an gclár, agus acmhainn á méadú ar na conairí iarnróid a fhreastalaíonn ar Bhaile Átha Cliath. Leictreofar na conairí sin freisin. Cuireadh pleanáil agus dearadh gach gné de Chlár DART+ ar aghaidh sa bhliain 2021. Tionóladh Comhairliúcháin Phoiblí ar DART+ Thiar (Líne Mhaigh Nuad) agus ar DART+ Thiar Theas (Líne Chill Dara) agus tá ullmhúcháin á ndéanamh faoi láthair do na comhairliúcháin ar DART+ an Chósta Thuaidh agus ar DART+ an Chósta Theas.

I mí na Nollag 2021, dheimhnigh an Rialtas gur ceadaíodh an Réamhchás Gnó le haghaidh Chlár DART+ agus gur tugadh cead le haghaidh ordú iarnróid a chur isteach do ghné DART+ Thiar den chlár agus le haghaidh an chéad ordú flít a chur isteach. Chuir Iarnród Éireann próiseas tairisceana i gcrích le haghaidh Traenacha nua Leictreacha agus Ceallra-Leictreacha DART a áirithiú agus cuireadh ordú tosaigh le haghaidh traenacha Leictreacha agus Ceallra-Leictreacha isteach tar éis ceadú a fháil ón Rialtas.

MetroLink

Is é atá i gceist le Tionscadal MetroLink ná conair leithscartha iarnróid éadroim ardacmhainne agus ardmhinicíochta a fhorbairt ó Charlemont go Sord, trí Aerfort Bhaile Átha Cliath.



Comhtháthaíonn Tionscadal MetroLink le seirbhísí Iarnród Éireann, seirbhísí Bhus Átha Cliath agus seirbhísí Luas chun córas lán-chomhtháite iompair phoiblí a sholáthar i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath. Conair tholláin den chuid is mó is ea an chonair. Áirítear léi 16 stáisiún nua, ar stáisiúin faoi thalamh iad 11 cheann díobh, agus saoráid páirceála agus taistil.

Leanadh le Tionscadal MetroLink a phleanáil agus a dhearadh le linn na bliana 2021. Rinne foireann an Tionscadail tuilleadh forbartha ar an Réamhdhearadh, ar an Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta agus ar an Réamhchás Gnó le haghaidh an Tionscadail.

Cuireadh an Réamhchás Gnó faoi bhráid na Roinne Iompair i mí an Mhárta 2021 lena bhreithniú aici agus lena chur ar aghaidh chuig an Rialtas ansin lena cheadú aige. Ar feitheamh an Réamhchás Gnó a bheith á cheadú ag an Rialtas, tosófar ar dhoiciméid Ordaithe Iarnróid a chur go foirmiúil faoi bhráid an Bhoird Pleanála sa bhliain 2022.

Acmhainn Líne Uaine Luas a Bhreisiú

Is é an aidhm atá leis an tionscadal um Acmhainn Líne Uaine Luas a Bhreisiú ná freastal ar an éileamh amach anseo feadh chonair Líne Uaine Luas. Is é atá i gceist leis roinnt gnéithe tábhachtacha atá ceaptha chun acmhainn a mhéadú, lena n-áirítear 26 cinn de thramanna Citadis 402 atá ann cheana a shíneadh, ocht gcinn nua de thramanna Citadis 502 a mhonarú, roghanna a fhorbairt le haghaidh casadh siar ag Faiche Stiabhna, agus iosta Áth an Ghainimh a leathnú.

Seachadadh gach ceann de na 26 thram shínte agus de na hocht dtam nua agus bhí siad go léir i mbun feidhme faoin dara ráithe den bhliain 2021.

Rinneadh tuilleadh forbartha sa bhliain 2021 ar shamhaltú iompair agus ar mheasúnú roghanna maidir le casadh siar atá beartaithe ag Faiche Stiabhna chun

acmhainn na Líne Uaine a mhéadú.

Athnuachan an Fhlít Uirbigh Busanna

Le linn na bliana 2021, fuair an tÚdarás 256 bhus hibrídeacha uirbeacha dhá stór den 280 ceann san iomlán a bhí ordaithe cheana féin i dtús na bliana 2021. Tá na 24 bhus hibrídeacha eile dhá stór le seachadadh le linn na chéad leithe den bhliain 2022. Is i mBaile Átha Cliath a oibreoidh 219 gcinn de na busanna hibrídeacha agus is i Luimneach agus i nGaillimh a oibreoidh na 61 bhus eile. Mar a tharlaíonn, is iad busanna hibrídeacha a oibríonn na seirbhísí oibleagáide seirbhíse poiblí uile i nGaillimh anois, rud a d'fhéadfadh astaíochtaí carbóin a laghdú faoi suas le 30%.

Ina theannta sin, cuireadh ordú suntasach le haghaidh 45 cinn de bhusanna ceallra-leictreacha aon stóir isteach an 19 Iúil 2021 don fhlít uirbeach busanna. Tá sé beartaithe faoi láthair go seachadfar na busanna uile le linn na bliana 2022. A bhuí le 11 cheann de na busanna ceallra-leictreacha sin, beifear in ann flít busanna astaíochtaí nialasacha a úsáid do na seirbhísí bus uile i mBaile Átha Luain. Is i réigiún Bhaile Átha Cliath a oibreoidh na busanna eile.

Cuireadh an próiseas soláthair le haghaidh busanna ceallra-leictreacha nua dhá stór i gcrích le linn na bliana 2021 freisin. Tá na doiciméid chonartha á dtabhairt i gcrích faoi láthair.

Flít Neamhuirbeach

Seachadadh 61 cheann san iomlán d'fheithicilí réigiúnacha comaitéireachta ísealurláir aon stóir sa bhliain 2021. Cuireadh 52 cheann díobh leis an bhflít neamhuirbeach lena n-úsáid ag Bus Éireann.

Cuirfear na naoi bhfeithicil eile i mbun seirbhíse sa bhliain 2022, i dteannta 11 fheithicil eile a bhí ordaithe cheana féin ag

deireadh na bliana 2021.

Seachadadh 53 cinn san iomlán d'fheithiclí réigiúnacha comaitéireachta dhá stór sa bhliain 2021 freisin. Cuireadh gach ceann díobh leis an bhflít neamhuirbeach lena n-úsáid ag Bus Éireann.

Cuimsítear sna feithiclí sin urlár réidh ar an stór íochtair agus síleáil níos airde ar an stór uachtair chun an spás atá ar fáil do phaisinéirí a mhéadú. Tá spás buan ann do chathaoirí rothaí laistigh den salún íochtair freisin, rud atá inrochtana trí rampa ag an doras láir.

Ina theannta sin, cuireadh ordú le haghaidh 50 ceann nua eile d'fheithiclí réigiúnacha comaitéireachta dhá stór isteach an 1 Deireadh Fómhair 2021 don fhflít neamhuirbeach. Tá gach ceann díobh le seachadadh le linn na bliana 2022.

Scáthláin Bhus agus Stadanna Bus

Lean an tÚdarás ar aghaidh ag obair i ndlúthchomhar le húdaráis áitiúla chun comhordú a dhéanamh ar an obair a bhí ar bun chun scáthláin bhus agus stadanna bus a fhorbairt agus a chur chun feidhme sa bhliain 2021.

Scáthláin Bhus - suiteáladh 56 scáthlán chaighdeánacha bus mar a leanas sa bhliain 2021:

- bhí 43 cinn de na 56 scáthlán bus ina láithreacha scáthláin nua; agus
- bhí 13 cinn de na 56 scáthlán bus ina láithreacha scáthláin athsholáthair.

Leanadh leis na hoibreacha ag aon láthair dhéag sa bhreis, agus iad le críochnú go luath sa bhliain 2022.

Stadanna Bus

Rinneadh breis agus 700 cuaille a bhfuil brandáil TFI orthu a shuiteáil i mBaile Átha Cliath sa bhliain 2021. Suiteáladh an chuid is mó díobh ag stadanna a bhfreastalaíonn Céim 1 agus Céim 2 d'Athdhearadh Gréasáin Bhaile Átha Cliath orthu. Soláthraíodh sé shuiteáil cruastad is tríocha chun seoladh na seirbhísí nua a éascú freisin. Chomh maith leis sin, tosaíodh ag obair ar bhonneagar nua a shuiteáil chun tacú le seoladh Chéim 3 d'Athdhearadh Gréasáin Bhaile Átha Cliath.

Lasmuigh de Bhaile Átha Cliath, thug an tÚdarás faoi oibreacha uasghrádúcháin ag stadanna bus i Sligeach agus i Luimneach. Áiríodh leis na hoibreacha sin cuailí nua bus a bhfuil brandáil TFI orthu a shuiteáil. Sholáthair an tÚdarás acmhainní do Bhus Átha Cliath, do Bhus Éireann agus do Chomhairle Contae na Mí chun stadanna breise a uasghrádú ar fud na tíre freisin.



Eispéireas

Maith ar an Iompar Poiblí



Covid-19

Agus paidéim Covid-19 i réim go fóill, ba ghá bearta agus tacaí breise a thabhairt isteach ag céimeanna éagsúla le linn na bliana 2021 chun oibriú sábháilte seirbhísí bunriachtanacha iompair phoiblí a chinntiú i gcomhréir leis an mbeartas Rialtais agus le treoirlínte sláinte poiblí.

Faoi mar a tharla sa bhliain 2020, bhí na nithe seo a leanas i measc na bpríomhbhearta a thug oibritheoirí iompair phoiblí isteach le tacaíocht ón Údarás:

- » acmhainn a laghdú agus bearta scartha shóisialta a chur i bhfeidhm ar fheithiclí agus i stáisiúin;
- » córais ghiantacháin a bhreisiú ar fheithiclí agus i stáisiúin;
- » trealamh cosanta pearsanta a dháileadh ar bhaill foirne iompair phoiblí;
- » díghalrán láimhe a dháileadh ar fheithiclí agus i stáisiúin; agus
- » comhairle agus treoirlínte sláinte poiblí a thaispeáint ar fheithiclí agus i stáisiúin.

Choinnigh an tÚdarás dlúthnasc ar bun le gach oibritheoir conraithe trí chruinnithe a thionól go minic le linn na tréimhse, áit ar tarraingíodh ábhair imní anuas agus ar cuireadh in iúl saincheistean a bhí le comhroinnt. D'éirigh go geal leis na cruinnithe sin comhsheasmhacht a chinntiú ar fud an iompair phoiblí maidir leis an bhfreagairt don timpeallacht atá ag athrú go tapa agus maidir le dea-chleachtas a chomhroinnt idir oibritheoirí. Cuireadh amchlár athbhreithnithe bus, iarnróid agus thram chun feidhme ag

céimeanna éagsúla le linn na bliana chun freagairt do na hathruithe ar shrianta ar an acmhainn iompair ar fheithiclí iompair phoiblí agus ar shrianta ar ghluaiseacht daoine.

Choinnigh an tÚdarás na socruithe éigeandála ar bun chun cistiú a sholáthar don earnáil cheadúnaithe bus, rud a chuir ar chumas seirbhísí bunriachtanacha bus leanúint de bheith ag oibriú.

Chomh maith leis sin, soláthraíodh seirbhísí tointeála bus vacsaínithe i Luimneach agus i bPort Láirge ar feadh tréimhse cúig mhí chun cabhrú leis an bpobal ionaid vacsaínithe a rochtain.

Tionchar Phaindéim Covid-19 ar an Líon Paisinéirí agus ar Ioncam

Lean paidéim Covid-19 le tionchar a imirt ar phátrúnacht iompair phoiblí sa bhliain 2021 mar gheall ar an ngá a bhí ann le srianta a fhorchur ar ghluaiseacht daoine agus ar an líon paisinéirí a bhí ceadaithe ar fheithiclí iompair phoiblí ar mhaithe le hoibriú leanúnach seirbhísí bunriachtanacha iompair phoiblí a chinntiú i gcomhréir leis an mbeartas Rialtais agus le treoirlínte sláinte poiblí.

Tríd is tríd, tháinig méadú 2.8 milliún duine (+2%) ar an líon paisinéirí ar sheirbhísí conraithe bus agus iarnróid, agus ioncam ag méadú faoi bheagán os cionn €6 mhilliún go €328.7 milliún i gcomparáid leis an bhfigiúr don bhliain roimhe.

B'airde costais oibriúcháin Luas ná ioncam don dara bliain as a chéile. Tabhaíodh easnamh oibriúcháin €31.18 milliún.

Tábla 2 – An líon bliantúil turas paisinéirí ar na príomhsheirbhísí conraithe (milliún)

Bliain	Bus Átha Cliath	Bus Éireann	Iarnród Éireann	Iarnród Éadrom Luas	Seirbhísí Eile Oibleagáide Seirbhíse Poiblí ¹	An Clár Iompair Tuaithe	Iomláin
2020	68.9	20.0	17.9	19.2	10.3	1.4	137.7
2021	69.9	21.4	17.4	19.5	10.8	1.5	140.5
Difríocht	1.0	1.4	-0.5	0.3	0.5	0.1	2.8

1. see Table 5

Tábla 3 – Ioncam paisinéirí le haghaidh seirbhísí conraithe (€ milliún)

Bliain	Bus Átha Cliath	Bus Éireann	Iarnród Éireann	Iarnród Éadrom Luas	Seirbhísí Eile Oibleagáide Seirbhíse Poiblí ²	An Clár Iompair Tuaithe	Iomlán
2020	119.7	52.4	101.6	33.5	13.8	1.5	322.5
2021	125.2	53.8	100.1	32.9	14.9	1.8	328.7
Difríocht	5.5	1.4	-1.5	-0.6	1.1	0.3	6.2

Táillí

Mar gheall ar an bpaindéim a bhí i réim agus ar an tionchar a bhí aici ar mhuinín paisinéirí, roghnaigh an tÚdarás an líon beag coigeartuithe a bhí fós ag teastáil a dhéanamh chun tacú le mórtionscadail amhail BusConnects Bhaile Átha Cliath a chur i bhfeidhm agus chun tograí a thabhairt ar aghaidh chun dreasacht a thabhairt do dhaoine filleadh ar an iompar poiblí.

Mar thoradh ar an gcinneadh táillí a rinneadh don bhliain 2021, tugadh táille nua ghearr-achair agus táille nua 90 nóiméad Leap isteach do sheirbhísí bus, Luas, iarnróid comaitéireachta agus DART laistigh den Chrios Léime Giorra i gCathair Bhaile Átha Cliath agus ceadaíodh aistriú saor in aisce chuig modh ar bith laistigh de 90 nóiméad ón gcéad uair a théann an paisinéir ar bord.

Tugadh táille chomhréidh nua Leap isteach do leanaí freisin, rud lena gcumasaítear do leanaí taisteal áit ar bith ar sheirbhísí bus, iarnróid agus iarnróid éadroim i limistéar cathrach Bhaile Átha Cliath, agus an rogha acu taisteal ar aghaidh saor in aisce laistigh de 90 nóiméad freisin.

Íocaíochtaí Conarthacha

Thaifead oibríochtaí iompair caillteanais shubstaintiúla ioncaim de dheasca laghdú suntasach ar úsáid an iompair phoiblí mar gheall ar phaindéim Covid-19.

Ionsúdh na caillteanais sin trí chistiú méadaithe a fháil ón Státchiste chun a chinntiú go bhféadfadh seirbhísí iompair phoiblí leanúint le hoibriú ar aon dul le treoirlínte sláinte poiblí.

Tábla 4 – Íocaíochtaí oibleagáide seirbhíse poiblí a rinneadh le hoibritheoirí iompair phoiblí (€ milliún)³

Oibritheoir/ Cineál seirbhíse	Modh	Cineál conartha	Limistéar nó Bealach Oibríochtúil	Íocaíocht 2020	Íocaíocht 2021
Iarnród Éireann	Iarnród	Dír-Dhámhachtain	Náisiúnta	239.3	210.2
Bus Átha Cliath	Bus	Dír-Dhámhachtain	Baile Átha Cliath	133.4	146.0
Bus Éireann (Dír-Dhámhachtain)	Bus	Dír-Dhámhachtain	Náisiúnta (gan Baile Átha Cliath a áireamh)	101.1	66.6
Seirbhísí Iompair Tuaithe	Iompar Bus/ Iompar atá Freagrúil don Éileamh	Éagsúil	Náisiúnta	24.6	25.3
Seirbhísí a Cuireadh Amach ar Tairiscint ⁴	Bus	Ar tairiscint	Éagsúil	35.7	33.1
Transdev Dublin Light Rail Limited	Iarnród Éa-drom (Luas)	Ar tairiscint	Limistéar Cath-rach Bhaile Átha Cliath	30.2	32.2
Oibritheoirí Tráchtála Bus ⁵	Bus	Dír-Dhámhachtain/ Cúnamh Deontais	Náisiúnta	32.3	27.5
Iomláin				596.6	540.9

Seirbhísí Conraithe Bus agus Iarnróid Conarthaí Dír-Dhámhachtana

Sa bhliain 2021, leanadh ar aghaidh leis an obair ar na conarthaí díir-dhámhachtana atá i bhfeidhm ag an Udarás le Bus Átha Cliath, le Bus Éireann agus le Iarnród Éireann a aistriú ó chonarthaí glanchostais ina gconarthaí ollchostais. Chuir Bus Átha Cliath agus Bus Éireann araon an próiseas sin i gcrích.

Thosaigh Bus Átha Cliath agus Bus Éireann ar fhaireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht seirbhíse, agus ar í a dhreasú, ar leibhéal an bhealaigh aonair. D'fhág sé sin go raibh siad in ann feidhmíocht a bhainistiú ar shlí níos dírithe

agus níos spriocdhírithe.

Cuireadh comhaontuithe seirbhíse ar bun le haghaidh stadanna bus a chothabháil ar fud na hÉireann freisin.

Conarthaí a Cuireadh Amach ar Thairiscint Iomaíoch

Rinneadh dhá mhórtairiscint a ullmhú agus a fhoilsiú i mbliana, agus táthar ag súil leis go ndéanfar conarthaí a dhámhachtain agus a chur i bhfeidhm ina leith sa bhliain 2022.

Bhain an chéad tairiscint le bealaí nua W4/W6 i mBaile Átha Cliath. Is seirbhís thábhachtach nua iad sin mar chuid de thionscadal Athdhearadh Gréasáin BusConnects.

3. tar éis asbhaintí feidhmíochta agus glan ar ioncam táillí

4. Féach Tábla 5

5. Féach Tábla 6

Bhain an dara tairiscint le Conair Comaitéireachta an Chósta Thoir, rud a oibrítear mar bhealaí 101 agus 133 faoi Chonradh Dír-Dhámhachtana Bhus Éireann faoi láthair. Cuirfidh an chonair sin feabhas ar nascacht ó Chontae Lú agus Contae Chill Mhantáin go Baile Átha Cliath.

I mí an Mhárta, agus tar éis comórtas tairisceana iomaíche, rinne an tÚdarás conradh le Andrew Wharton Coach Hire Ltd chun bealach 975 idir an Cabhán agus an Longfort a oibriú. Mairfidh an conradh tréimhse trí bliana, agus rogha ann é a fhadú go ceann dhá bhliain eile.

Rinne an tÚdarás na téarmaí ar roinnt conarthaí a bhí ann cheana a fhadú mar a leanas:

- » rinneadh an conradh le Bernard Kavanagh & Sons Limited i leith Bhealach 817 idir Baile Átha Cliath agus Cill Chainnigh a fhadú ó mhí na Nollag 2020 go mí an Mheithimh 2022.
- » rinneadh an conradh le JJ Kavanagh & Sons i leith Bhealach 139 idir an Nás agus Baile Bhlainséir a fhadú go mí an Mhárta 2022.

Tábla 5 - Príomhoibritheoirí na seirbhísí bus a cuireadh amach ar tairiscint

Oibritheoir	Bealaí a oibrítear
Andrew Wharton Coach Hire	Bealach 975 idir an Cabhán agus an Longfort
Bernard Kavanagh & Sons Limited	Bealach 817 idir Cill Chainnigh agus Baile Átha Cliath
Bus Éireann	Bealaí W1, W2, W3, W4 agus W5 i gCathair Phort Láirge
City Direct	Bealaí KK1 agus KK2 i gCathair Chill Chainnigh
Go-Ahead Ireland	25 bhealach uirbeacha i mBaile Átha Cliath
Go-Ahead Ireland	5 bhealach réigiúnacha i gCill Dara
Go-Ahead Ireland	Bealach 197 idir Sord agus Cill Dhéagláin
JJ Kavanagh & Sons	Bealach 139 idir an Nás agus Baile Bhlainséir

Feidhmíocht Oibritheoirí Conraithe

Áirítear caighdeáin feidhmíochta leis na conarthaí atá i bhfeidhm ag an Údarás le hoibritheoirí iompair phoiblí. Tá Tuarascáil Bhliantúil ina mionsonraítear feidhmíocht na n-oibritheoirí i gcomparáid leis na caighdeáin feidhmíochta sin sa bhliain 2021 foilsithe ar shuíomh Gréasáin an Údaráis⁶.

I gcás go mainníonn oibritheoir na caighdeáin íosta feidhmíochta a chomhlíonadh, déantar asbhaintí ó na híocaíochtaí conarthacha a bhíonn dlite dó. Faigheann oibritheoirí íocaíochtaí dreasachta ó am go ham freisin i gcás go sáraítear caighdeáin íosta áirithe feidhmíochta.

Léirítear i dTábla 5 na hasbhaintí a tabhaíodh agus na híocaíochtaí dreasachta a fuair oibritheoirí le linn na bliana 2021.

Bhuail an tÚdarás le hoibritheoirí ag eatraimh thráthrialta le linn na bliana chun a bhfeidhmíocht a athbhreithniú i gcomparáid leis na caighdeáin chomhaontaithe feidhmíochta agus chun gníomhartha feabhais a chomhaontú chun aghaidh a thabhairt ar aon tearcfheidhmíocht. Ba cheart a thabhairt faoi deara gur chuir an tÚdarás san áireamh an tionchar a bhí ag paindéim Covid-19 ar an gcumas a bhí ag na hoibritheoirí chun caighdeáin feidhmíochta a chomhlíonadh.

Tábla 6 – Asbhaintí agus dreasachtaí a bhaineann le feidhmíocht a cuireadh i bhfeidhm sa bhliain 2021 (€m)

Oibritheoir	Asbhaintí a Cuireadh i bhFeidhm	Dreasachtaí a Cuireadh i bhFeidhm
Iarnród Éireann	0.072	0.775
Bus Átha Cliath	0.697	0.228
Bus Éireann (Conradh Dír-Dhámhachtana)	0.795	0.224
Bus Éireann – Cathair Phort Láirge (Conradh a Cuireadh Amach ar Thairiscint Iomaíoch)	0.015	0.036
Go-Ahead Ireland – Limistéar Bruach-Chathrach Bhaile Átha Cliath	0.317	0.024
Go-Ahead Ireland – Limistéar Bruach-Chathrach Comaitéireachta Bhaile Átha Cliath	0.120	0.061
Luas	1.775	0.002

6. <https://www.nationaltransport.ie/public-transport-services/public-transport-contracts/operator-performance/>

Forbairt Gréasán

Faoi mar a tharla roimhe sin, rinneadh seirbhísí conraithe bus agus iarnróid a athbhreithniú go tráthrialta sa bhliain 2021 ar mhaithe le fás in úsáid an iompair phoiblí a spreagadh agus ar mhaithe le freagairt d'athruithe ar an éileamh. Áiríodh iad seo a leanas leis na príomhfhorbairtí sa bhliain 2021:

- BusConnects Bhaile Átha Cliath
- BusConnects Chorcaí
- Éire a Nascadh
- Pleananna a thabhairt i gcrích chun seirbhís thiomnaithe bus baile a chur chun feidhme i mBaile Cheatharlach
- Pleanáil a dhéanamh le haghaidh gréasáin nua bus baile a sholáthar ar an Muileann gCearr, i bPort Laoise, i Leitir Ceanainn agus in Inis, mar aon le tabhairt faoi obair chun seirbhísí baile atá ann cheana i mBaile Shligigh, i mBaile Átha Luain agus i nDroichead Átha a fheabhsú agus a bhreisiú tuilleadh.

Iompar Tuaithe/Nasc Áitiúil TFI

Faoi mar a tharla sa bhliain 2020, lean an phaindéim le difear a dhéanamh d'oibríochtaí Nasc Áitiúil TFI ar feadh cuid mhór den bhliain 2021, agus srianta ar acmhainn agus bearta scartha shóisialta i bhfeidhm. Sa chéad chuid den bhliain, lean Nasc Áitiúil TFI le seirbhís 'bailithe agus seachadta' a sholáthar do dhaoine scothaosta agus do dhaoine soghonta eile i bpobail tuaithe. D'fhill an líon paisinéirí ar Sheirbhísí Tráthrialta Tuaithe go tapa ar na leibhéil a bhí i réim roimh an bpaindéim, a bheag nó a mhór, gach uair a maolaíodh srianta le linn na bliana.

Tosaíodh ar an Treoirthionscadal Iompair Chomhtháite do Liatroim a chur i bhfeidhm i mí an Mheithimh, agus bealaí nua agus feabhsaithe Seirbhísí Tuaithe Rialta á dtabhairt isteach feadh gréasán breisithe atá Freagrúil don Éileamh. A bhuí leis an tionscadal seo, atá á sheoladh i

gcomhar le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), breiseofar gréasán Nasc Áitiúil TFI ar fud Liatroma agus déanfar iarbhealaí 'dúnta' de chuid FSS a chomhtháthú leis an ngréasán oscailte iompair phoiblí. I measc na bhfeabhsuithe eile a rinneadh do phaisinéirí tá feabhas ar an nascacht le moil iompair, oideachais, sláinte, mhiondíola agus fostaíochta agus feabhas mór ar an bhflít. Tá na feithiclí uile inrochtana anois, agus ísealurlár ann ar chuid mhór díobh.

Tugadh roinnt feabhsuithe eile isteach ar ghréasán Nasc Áitiúil TFI le linn na bliana 2021 freisin. Áiríodh leo sin an leibhéal seirbhíse a sholáthraítear sa limistéar laistiar de Dhaingean Uí Chúis a mhéadú go mór, Bealaí 828/858 ón gCaiseal/Durlas go Port Laoise a athdhearadh, agus roinnt breisithe a dhéanamh ar sheirbhísí ar an gClár Thiar.

Leanadh leis an treoir-Scéim Carranna Pobail le hoibriú le linn na bliana 2021 – tá athbhreithniú ar oibriú na treoirscéime le cur i gcrích go luath sa bhliain 2022.

Seirbhísí Ceadúnaithe Bus

Covid-19

Mar gheall ar thionchar phaindéim Covid-19, leanadh le cistiú éigeandála a sholáthar d'oibritheoirí ceadúnaithe bus sa bhliain 2021. Measadh an cistiú sin a bheith ríthábhachtach toisc gurb ann do chuid mhór limistéar ina soláthraíonn oibritheoirí ceadúnaithe bus formhór na seirbhísí bus poiblí. Is ann do roinnt láithreacha freisin ina soláthraíonn siad na seirbhísí bus poiblí uile. I mí na Nollag 2021, fuair an tÚdarás deimhniú ón Rialtas á rá go leanfaí le cistiú a sholáthar sa chéad ráithe den bhliain 2022. Bhí cistiú á fháil ag 53 oibritheoir cheadúnaithe ag deireadh na bliana 2021. Ní áirítear leis na méideanna atá leagtha amach thíos costais tacaíochta le haghaidh oibritheoirí tráchtála bus ná nóta creidmheasa ó Bhus Éireann maidir le híocaíochtaí a rinneadh sa bhliain 2020.

Cineál Conartha	An líon oibritheoirí	Méid Cistiúcháin (€m)
Dír-Dhámhachtain	18	20.66
Cúnamh Deontais De Minimis/ Creat-Chomhaontú Sealadach	48	6.35

Tábla 7 – Íocaíochtaí cúitimh a bhaineann le Covid-19 a rinneadh le hoibritheoirí iompair phoiblí sa bhliain 2021

Staitisticí

Déanann an tÚdarás feasachán staitistiúil ar sheirbhísí ceadúnaithe bus sa bhliain roimhe a ullmhú agus a fhoilsiú gach bliain⁷. Sa bhliain 2021, d'fhoilsigh an tÚdarás feasachán giorraithe inar leagadh béim ar na difríochtaí idir na blianta 2019 agus 2020 chun tionchar phaindéim Covid-19 agus an laghdú iarmhartach ar an líon paisinéirí a léiriú. Cuireadh an bhliain 2020 i gcomparáid leis an mbliain 2013 freisin, agus í ar an gcéad bhliain inar bailíodh sonraí ar fud an Stáit ar fad.

Gníomhaíocht Ceadúnúcháin

De dheasca thionchar leanúnach phaindéim Covid-19, bhí laghdú suntasach ann sa bhliain 2021 ar an líon iarratas a rinneadh ar cheadúnais nua nó ar leasuithe ar cheadúnais atá ann cheana. Lean an

tÚdarás le cead a thabhairt chun seirbhísí aonair, agus ceadúnais ar fad, a fhionraí. Thug an tÚdarás cead chun ceadúnais a fhionraí in ionad iad a leasú chun oibritheoirí ceadúnais a chumasú freagairt chomh tapa agus ab fhéidir d'athruithe, cailteanais airgeadais a íoslaghdú agus seirbhísí a atosú chomh luath agus ab fhéidir.

Tugtar i dTábla 8 sonraí faoi obair ceadúnúcháin bus an Údaráis le linn na bliana 2022.

De na hiarratais ar cheadúnais nua agus/ nó ar cheadúnais leasaithe, próiseáladh 65% laistigh de na tréimhsí tascacha ama le haghaidh iarratais den sórt sin a bhreithniú, faoi mar atá leagtha amach sa doiciméad ón Údarás dar teideal Treoirínte maidir le Seirbhísí Bus Poiblí do Phaisinéirí a Cheadúnú.

Tábla 8 – Gníomhaíocht ceadúnúcháin bus sa bhliain 2020

Cineál	An Líon a Fuarthas	An Líon Cinntí a Rinneadh ⁸	An Líon a Tairgeadh	An Líon a Eisíodh	An Líon a Cealaíodh	An Líon a Diúltaíodh
Iarratas nua	47	71	35	32	7	2
Ceadúnas atá ann cheana a leasú	191	209	43	154	11	3
Ceadúnas a athnuachan	55	67	0	62	0	0
Ceadúnas a aistriú idir oibritheoirí	4	6	0	6	0	0
Ceadúnas a chúlghairm	3	4	0	4	1	0
Ceadúnas a fhionraí go sealadach	409	0	0	409	0	0

7. Féach <https://www.nationaltransport.ie/publications/>

8. I Lena n-áirítear cinntí a rinneadh ar iarratais a fuarthas le linn na bliana 2020 agus a tugadh ar aghaidh go dtí an bhliain 2021.

Seirbhísí Idirnáisiúnta Bus

Chuaigh an tÚdarás i dteagmháil fhairsing leis an Roinn Iompair agus d'oibrigh sé go dlúth le hoibritheoirí bus agus lena n-eagraíochtaí ionadaíocha chun a chinntiú go ndéanfaí aistriú réidh chuig na socruithe nua don taisteal bus chuig an Ríocht Aontaithe.

An Clár Iarfheistithe Inrochtaineachta Iompair Phoiblí

Eochairghné de bhonneagar agus seirbhísí iompair phoiblí a sholáthar is ea feabhas a chur ar inrochtaineacht iompair phoiblí do dhaoine faoi mhíchumas, agus tugann an tÚdarás faoi lear gníomhaíochtaí sa réimse seo.

Stadanna Bus/Bánna Bus atá Inrochtana ag Cathaoireacha Rothaí

Tógadh ocht gcinn de stadanna bus atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí le linn na bliana 2021, lenar áiríodh stadanna i Sionainn, i dTulach Mhór, ar an Inbhear Mór agus i Ros Mhic Thriúin. Cé gur imir dúnadh na hearnála foirgníochta de dheasca na paindéime tionchar suntasach ar na tionscadail sin, bhí 24 stad eile ar fud na tíre ag céimeanna éagsúla foirgníochta ag deireadh na bliana 2021.

Chomh maith leis sin, tógadh bána bus atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí ag Stáisiúin Bus Bhaile Átha Luain, Thrá Mhór agus Loch Garman agus tosaíodh ar bhá bus atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí a thógáil ag Stáisiún Bus Bhéal an Átha sa bhliain 2021.

Stáisiúin Bus

San am atá thart, chistigh an tÚdarás iniúchtaí ar stáisiúin bus chun a dhéanamh amach cé na hoibreacha a bheadh ag teastáil chun na stáisiúin a thabhairt suas chuig an gcaighdeán riachtanach faoin Treoir dhoiciméad Teicniúil - Cuid M: Inrochtaineacht. Mar thoradh ar an obair sin, cuireadh tús le tionscadal nua sa bhliain 2021 chun uasghráduithe

inmheánacha iarfheistithe inrochtaineachta a dhéanamh ag Stáisiúin Bus. Tá an tionscadal sin ag céim an deartha faoi láthair.

Stáisiúin Iarnróid

Sa bhliain 2021, críochnaíodh an obair tógála chun ardaitheoirí inrochtana agus droichead coisithe inrochtana a sholáthar ag Stáisiún Mheathas Troim agus osclaíodh don phobal iad.

Osclaíodh ardaitheoirí inrochtana agus droichid coisithe inrochtana don phobal ag Stáisiún Inse sa bhliain 2021 freisin. Críochnaíodh an obair tógála ar chlúdach dín don droichead coisithe ag Stáisiún Cheatharlach agus osclaíodh an droichead coisithe inrochtana don phobal i dtús na bliana 2022.

Tosaíodh ar ardaitheoirí agus droichid atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí a thógáil ag Stáisiúin Bhaile Mhic Gormáin agus Dheilginse sa cheathrú ráithe den bhliain 2021.

Tá an mór-uasghrádú ar inrochtaineacht ag Stáisiúin Iarnróid á chur ar aghaidh de réir na Sonraíochtaí Teicniúla le haghaidh Idir-inoibritheacht do Dhaoine a bhfuil a Soghluaisteacht Laghdaithe. Ar mhaithe leis na hardaitheoirí agus an droichead atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí a osclaíodh sa bhliain 2021 a chomhlánú, beidh Stáisiún Inse ar an gcéad stáisiún ina gcuirfear an t-uasghrádú sin chun feidhme. Tosaíodh ar dhá ardán a uasghrádú de réir an chaighdeán nuashonraithe inrochtaineachta sa bhliain 2021.

Ionad Aimsiú Bealaigh Chomhairle Náisiúnta na hÉireann do na Daill

Tá ionad oiliúna iompair á fhorbairt ag Comhairle Náisiúnta na hÉireann do na Daill ar Bhóthar Gharraithe na Lus i mBaile Átha Cliath faoi láthair. Beidh an tIonad Aimsiú Bealaigh ina thimpeallacht shábháilte rialaithe laistigh ina macasamhlófar an t-eispéireas fíorshaoil ar an iompar poiblí a úsáid, lena n-áirítear na soilse, na fuaimeanna, na

guaiseacha agus an timpeallacht thógtha a bhaineann leis an iompar poiblí. Tá an tionscadal á chistiú go páirteach ag an Údarás agus tá cead pleanála faighte aige ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Cuireadh tairiscint amach sa bhliain 2021 le haghaidh an tlonad a thógáil.

An tEispéireas Custaiméirí a Fheabhsú

Fuair gach ceann de na tionscnaimh thuasluaite tacaíocht ó phleananna cuimsitheacha margaíochta agus cumarsáide, a bhí deartha chun eolas a thabhairt do phaisinéirí iompair phoiblí agus chun a n-aird a mhealladh. Áiríodh iad seo a leanas leis na feachtais a seoladh sa bhliain 2021:

Bród - mar chuid den tiomantas atá aige d'éagsúlacht agus cuimsiú, d'éirigh an tÚdarás ina phríomhurrathóir ar Fhéile Bróid Bhaile Átha Cliath 2021. Ba é téama na Féile ná 'Ceann Scríbe: Cuimsiú'. Ag gníomhú dó faoi bhrandáil TFI, chruthaigh an tÚdarás feachtas chun a chur in iúl go soiléir go bhfuil an t-iompar poiblí ar oscailt do chách. Craoladh físeán feachtais 90 soicind le linn na Féile Bróid fíorúla. Soláthraíodh seisiún oiliúna do bhaill foirne an Údaráis mar chuid den urraíocht freisin.

Gníomhaíocht tar éis na Paindéime - ó mhí Mheán Fómhair 2021 i leith, reáchtáil an tÚdarás feachtas fógraíochta chun daoine a spreagadh filleadh ar an iompar poiblí. Bunaithe ar thaighde a rinneadh ar chustaiméirí agus ar cheardlann a seoladh i gcomhar le hoibritheoirí iompair, d'fhorbair an tÚdarás feachtas a bhí dírithe ar 'Athcheangal leis an Iompar Poiblí'. Le linn an fheachtais, cuireadh chun cinn úsáid an iompair phoiblí chun paisinéirí a athcheangal le daoine, áiteanna agus gníomhaíochtaí atá tábhachtach dóibh.

Feachtas Frithchiníochais - lean an tÚdarás leis an gcomhpháirtíocht bhliantúil frithchiníochais atá ar bun aige le Comhairle um Inimircigh na hÉireann, le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

agus le hoibritheoirí iompair. Mar aon le comhionannas agus meas a chur chun cinn, ceiliúradh éagsúlacht ar an iompar poiblí le linn fheachtas na bliana 2021 freisin.

Cárta JAM - lean an tÚdarás air ag obair le Grúpa NOW i mí na Samhna, agus Cárta JAM ('Just a Minute') á chur chun cinn aige. Bhí sé mar aidhm leis an bhfeachtas a mheabhrú do phaisinéirí a bhí ag filleadh ar an iompar poiblí agus a bhfuil míchumas ceilte orthu go bhfuil an cárta ar fáil saor in aisce ag moil iompair.

Cárta Leap TFI a Chur Chun Cinn - díríodh sna cumarsáidí maidir le Cárta Leap TFI sa bhliain 2021 ar na gnéithe gan tadhall atá ag Cárta Leap TFI, ar a áisiúla atá Aip Breisithe Creidmheasa Leap agus ar na coigiltí táille a bhaintear amach nuair a úsáidtear an cárta.

Ba é a bhí i gceist leis an bhfeachtas is suntasaí, a bhí ar siúl le linn mhí Aibreáin agus mhí na Bealtaine, ná Aip Breisithe Creidmheasa Leap a thabhairt isteach do ghléasanna iPhone. Chláraigh breis agus 30,000 úsáideoir nua leis an aip le linn na tréimhse tosaigh sin. Roimh i bhfad, bhí an Aip ar an modh is mó úsáid chun breis creidmheasa a chur ar Chárta Leap.

I mí Lúnasa, tugadh isteach an ghné nua iarratais agus fíorúcháin ar líne den chárta do Leanaí idir 16 bliana d'aois agus 18 mbliana d'aois. Tosaíodh ar an bpróiseas nua iarratais do Chárta Leap do Mhic Léinn a chur chun cinn i mí Lúnasa freisin. Reáchtáladh feachtas digiteach feasachta i gcomhthráth leis an gCárta nua do Mhic Léinn don bhliain 2021-22 a chur ar díol ón 1 Meán Fómhair.

I mí na Samhna, seoladh Táille 90 Nóiméad TFI (TFI 90) mar chuid den struchtúr nua táillí le haghaidh Chárta Leap i limistéar Bhaile Átha Cliath. Reáchtáladh mórfheachtas ilmheán i mí na Nollag ansin chun eolas agus feasacht a chothú ar an táille nua.

Aip TFI Go - rinneadh 'TFI Go', an aip mhóibíleach ticéadaithe de chuid an Údaráis, a uasghrádú le linn an tsamhraidh

chun go n-áireofaí leis an aip seirbhísí bus i gCorcaigh, i gCiarraí, ar an Uaimh agus i mBaile Átha Luain. Seoladh feachtas spriocdhírithe margaíochta i mí Lúnasa chun úsáid na hAipe a chur chun cinn i gcomharsanacht na mbealaí sin. I mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Samhna, tugadh táille phromóisin “10 dturas ar chostas €10” isteach agus margaíodh go héifeachtach í. Tháinig méadú suntasach ar dhíolacháin agus úsáid ticéad le linn na tréimhse sin, go háirithe i measc mic léinn.

GO CASHLESS WITH THE TFI GO APP



Nasc Áitiúil TFI a Chur Chun Cinn - reáchtáil an tÚdarás feachtas dar teideal “Above & Beyond”, a raibh brandáil Nasc Áitiúil TFI air, le linn na bliana. Tarraingíodh aird san fheachtas sin ar an obair dhícheallach a dhéanann foirne Nasc Áitiúil TFI ar fud na hÉireann. Chuir bainisteoirí Nasc Áitiúil TFI ar fud na tíre scéalta isteach faoin dóigh a ndearna a bhfoireann iarracht speisialta chun freastal ar phaisinéirí le linn na paindéime. Comhroinneadh na scéalta sin ar fud na meán sóisialta chun cur le feasacht ar na seirbhísí agus lena mhéid a ghluactar leo. Ghin na scéalta dearfacha sin breis agus 1 mhilliún imprisean.

Tháinig méadú ar úsáid chainéil meán sóisialta an Údaráis le linn na bliana, agus an t-inneachar dírithe go príomha ar theachtaireachtaí a chur in iúl faoi phaindéim Covid-19 agus faoi threoirínte sláinte poiblí.

Tábla 9 - An líon leantóirí ar chainéil meán sóisialta an Údaráis

	2020	2021	Athrú mar %
Facebook 	13,538	14,029	+3.6%
Twitter 	36,200	37,584	+3.8%
Instagram 	1,862	2,529	+35.8%
LinkedIn 	7,699	9,213	+19.6%
Iomláin	59,299	63,355	+6.8%

Bhí trácht ar na suíomhanna Gréasáin ina léiriú ar an laghdú ar an éileamh taistil de dheasca phaindéim Covid-19. Ba é busconnects.ie an t-aon suíomh Gréasáin amháin ar tháinig méadú ar a líon cuairteoirí, agus méadú 1.34% ann.

Tábla 10 - An líon cuairteanna ar shuíomhanna Gréasáin an Údaráis

Suíomh Gréasáin	2020	2021	Athrú mar %
transportforireland.ie	1,641,764	1,625,436	-0.99%
leapcard.ie	769,142	681,914	-11.34%
nationaltransport.ie	591,393	379,394	-35.85%
busconnects.ie	124,415	126,081	1.34%
Iomláin	3,256,958	2,812,825	-13.64%

Pleanáil le haghaidh Grúpa Comhairleach nua Úsáideoirí Iompair

Cuireadh méid suntasach oibre isteach sa bhliain 2021 maidir le Grúpa Comhairleach Úsáideoirí Iompair a bhunú. Is é cuspóir an ghrúpa comhairle agus moltaí a thabhairt don Údarás ó thaobh úsáideoirí iompair de agus ó thaobh na ndaoine sin a ghabhann don taisteal gníomhach de araon.

Eisíodh glao ar iarratais ó dhaoine aonair atá cáilithe go cuí chun páirt a ghlacadh sa ghrúpa nua i mí na Samhna 2021, áit ar lorgaíodh rannpháirtithe a thabharfadh don Údarás léargas luachmhar a d'fhéadfaí a úsáid nuair a bheadh beartais á bhforbairt agus cláir á gcur chun feidhme amach anseo.

Ba é Dé hAoine an 17 Nollaig an dáta deiridh ar a nglacfaí le hiarratais. Tá sé beartaithe an chéad chruinniú de chuid an ghrúpa a thionól go luath sa bhliain 2022.

Ceartha Paisinéirí an Aontais Eorpaigh

Mar Chomhlacht Forfheidhmiúcháin Náisiúnta ainmnithe d'Éirinn le haghaidh Chearta Paisinéirí an Aontais Eorpaigh, thug an tÚdarás freagra ar 84 fhiosrú a fuarthas ón bpobal maidir lena gcearta faoi na Rialacháin. Ba leis an iompar muirí a bhain formhór na bhfiosruithe sin. Bhain na príomh-shaincheisteanna le heaspa faisnéise, le hathróid agus le haisíocaíocht, go háirithe i gcás go bhféadfadh gur dhiúltaigh iompróirí do phaisinéirí a chúiteamh in airgead tirim agus nár tairgeadh ach dearbháin dóibh i gcásanna inar chealaigh an t-oibritheoir seirbhís.

Thug Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh breithiúnas suntasach i ndáil leis an Rialachán maidir le Ceartha Paisinéirí Muirí i mí Mheán Fómhair, rud a bhí i bhfabhar paisinéirí. Tháinig sé sin sna sála ar an éisteacht i gcás Irish Ferries Ltd v An tÚdarás Náisiúnta Iompair sa bhliain 2020, rud a bhain le hiarraidh ar réamhrialú ó Ard-Chúirt na hÉireann i dtaca leis na cearta atá ag paisinéirí i ndáil le seoltaí atá cealaithe nó moillithe. Ba é sin an chéad

bhreithiúnas riamh ón gCúirt Bhreithiúnais maidir le léiriú agus cur i bhfeidhm an Rialacháin maidir le Ceartha Paisinéirí Muirí agus is é an toradh atá air go bhfuil soiléire ag iompróirí agus paisinéirí muirí maidir le gnéithe áirithe den Rialachán den chéad uair riamh.

Lean an tÚdarás de bheith ag obair go dlúth leis an gCoimisiún Eorpach, agus tuilleadh ionchur á soláthar aige maidir leis an meastóireacht leanúnach ar na Rialacháin maidir le Ceartha Paisinéirí Bus agus Cóiste agus maidir le Ceartha Paisinéirí Muirí. Lean sé de bheith ag freastal ar chruinnithe faisnéise maidir leis na meastóireachtaí sin freisin.

Sholáthair an tÚdarás faisnéis don phobal agus d'iompróirí faoi Rialachán (AE) 2021/782 maidir le Ceartha Paisinéirí Iarnróid, ar leagan athmhúnlaithé é de na Rialacháin roimhe maidir le cearta agus oibleagáidí paisinéirí iarnróid. Tháinig an Rialachán sin i bhfeidhm an 7 Meitheamh 2021 agus beidh feidhm ag formhór a fhorálacha ón 7 Meitheamh 2023.

Gearáin ó Chustaiméirí

Faoi mar a tharla roimhe sin, iarradh ar phaisinéirí iompair phoiblí sa bhliain 2021 déileáil go díreach le hoibritheoirí iompair phoiblí ar an gcéad ásc maidir le haon ghearáin agus aon fhiosruithe a bhí acu maidir le soláthar seirbhísí iompair phoiblí. I bhformhór na gcásanna, ba chuig oibritheoirí iompair a tarchuireadh saincheisteanna a bhain le táillí, le ticéadú, le poncúlacht agus le hiontaofacht. Tarchuireadh chucu freisin saincheisteanna a bhain le hiompraíocht tiománaithe agus leis an gcaidreamh idir tiománaithe agus paisinéirí, le plódú agus le hlompraíocht Fhrithshóisialta.

I gcás gur chuir custaiméirí saincheist in iúl d'oibritheoir iompair phoiblí cheana féin agus go raibh siad míshásta leis an bhfreagra a fuair siad, tarchuireadh an cas chuig an Údarás. Fuarthas 662 chás san iomlán a bhain le gearáin faoi Sheirbhísí Iompair Phoiblí trí chóras Bainistíochta Caidrimh Custaiméirí an Údaráis sa bhliain 2021.

Pleanáil le haghaidh Ionad Teagmhála Comhdhlúite nua

Chun tacú leis an ngréasán méadaitheach iompair phoiblí atá á sholáthar ag grúpa éagsúil oibritheoirí agus chun a chinntiú go bhfaighidh custaiméirí eispéireas dearfach i gcónaí, rinne an tÚdarás dul chun cinn sa bhliain 2021 ar na pleananna atá aige chun Ionad Teagmhála Comhdhlúite a bhunú don iompar poiblí in Éirinn. Tá sé mar aidhm leis an tionscadal sin mol láraithe a bhunú a chumasóidh do chustaiméirí a gceisteanna maidir le raon leathan seirbhísí iompair phoiblí a chur ar fhoinse aonair amháin.

Áiríodh iad seo a leanas leis na príomhéachtaí sa bhliain 2021:

- Bainisteoir Soláthar Seirbhísí a earcú don Ionad Teagmhála Comhdhlúite;
- Tús a chur leis an bpróiseas soláthair le haghaidh díoltóir a roghnú a bheidh freagrach as gnáthoibríochtaí laethúla an Ionaid Teagmhála Chomhdhlúite a stiúradh thar ceann an Údaráis.

Gearáin maidir le Teanntáil Feithiclí

Leis an reachtaíocht um theanntáil feithiclí, tugtar deis don phobal gearáin a chur in iúl go díreach don Údarás ar cheithre fhoras shainiúla:

1. Comhlíonadh freagrachtaí ag rialaitheoirí páirceála;
2. Iompar, iompraíocht agus aithint oibritheoirí teanntála;
3. Moill neamhriachtanach ag rialaitheoirí páirceála nó oibritheoirí teanntála ar fhreagra a thabhairt ar ghearáin, nó ar chumarsáid eile, ó dhaoine den phobal; agus
4. Aithint na bhfeithiclí arna n-úsáid ag oibritheoirí teanntála (lena n-áirítear lógónna, greamáin agus fógraíocht ar fheithiclí den sórt sin).

De na gearáin a imscrúdaíodh sa bhliain 2021, bhain níos mó ná 50% le hiompar, iompraíocht agus aithint oibritheoirí teanntála. Bhí comhlíonadh freagrachtaí ag rialaitheoirí páirceála ar an dara catagóir is mó gearáin a imscrúdaíodh. Féadfaidh an tÚdarás imeachtaí a thionscnamh in aghaidh rialaitheoirí páirceála agus oibritheoirí teanntála as sáruithe a dhéanamh ar na ceanglais reachtúla le linn dóibh gníomhaíochtaí teanntála a chur i gcrích.

Tábla 11 - Gearáin

	2020	2021
Gearáin a tugadh ar aghaidh ón mbliain roimhe	14	7
Gearáin nua	39	42
Iomláin	53	49
Gearáin a cuireadh i gcrích	46	37
Gearáin a raibh cinneadh fós le déanamh orthu amhail an 31 Nollaig	7	12

Tábla 12 - Torthaí ar Ghearáin

Iomlán	Seasadh leo	Seasadh go páirteach leo	Níor seasadh leo
37	22	3	12

I gcás gur seasadh le gearáin nó gur seasadh go páirteach leo, ceanglaíodh ar rialaitheoirí páirceála nó ar oibritheoirí teanntála i gcásanna áirithe an táille a aisíoc le gluaisteánaithe agus, i gcásanna eile, a nósanna imeachta inmheánacha a athbhreithniú nó a leasú. Déantar imscrúduithe comhlíonta de bhun gearáin a chuirtear isteach freisin.

Gearáin maidir leis an Earnáil Beagfheithiclí Seirbhíse Poiblí

Fuair an tÚdarás 560 gearán maidir leis an earnáil beagfheithiclí seirbhíse poiblí sa bhliain 2021, rud a bhí cothrom le méadú 20% ar an bhfigiúr don bhliain 2020. Ní rabhthas in ann dul chun cinn a dhéanamh ar leath na ngearán uile (49%) toisc nárbh ann do go leor fianaise nó toisc nach raibh an gearánach ag iarraidh an gearán a shaothrú tuilleadh tar éis teagmháil a dhéanamh leis/léi. Maidir le 7% eile de na gearáin a fuarthas, tarchuireadh iad chuig gníomhaireachtaí eile, lenar áiríodh an Garda Síochána, an Roinn Coimirce Sóisialaí agus na Coimisinéirí Ioncaim, chun a n-aird a tharraingt orthu.

Tábla 13 - Gearáin ó Thomhaltóirí faoi Bheagfheithiclí Seirbhíse Poiblí

Catagóir Gearáin	2019	2020	2021
Riocht, ródacmhainneacht agus glaineacht na feithicle	78	11	31
Iompar, iompraíocht agus aithint tiománaí beagfheithicle seirbhíse poiblí	496	204	228
Táille ró-ard a ghearradh agus nithe eile a bhaineann le táillí	529	189	215
Fruiliú agus áirithint na beagfheithicle seirbhíse poiblí	277	61	86
Aithint na beagfheithicle seirbhíse poiblí agus an chuma ginearálta a bhí uirthi	3	1	0
Iomlán	1,383	466	560



Iompar agus Inbhuanaitheacht

Bhí cuid mhór d'obair an Údaráis sa bhliain 2021 dírithe ar bhonneagar agus seirbhísí taistil ghníomhaigh agus iompair phoiblí a sholáthar chun an t-aistriú i dtreo córas iompair níos inbhuanaithe a éascú. Má táthar chun spriocanna na hÉireann i ndáil le gníomhú ar son na haeráide a shárú, tá sé ríthábhachtach go n-aistreofaí tuilleadh daoine go cineálacha iompair atá níos inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Leagadh amach sa Phlean Gnímh don Aeráid 2021 ón Rialtas roinnt gníomhartha ar ina leith atá an tÚdarás freagrach as gnóthú laghduithe spriocdhírithe in astaíochtaí carbóin a stiúradh.



Áirítear iad seo a leanas le gníomhaíochtaí an Údaráis lena dtacaítear le hastaíochtaí a laghdú i réimse an iompair:

- » straitéisí iompair a fhorbairt do limistéir chathrach chun tacú le dlúthfhás agus le forbairt inbhuanaithe;
- » dul i dteagmháil le húdaráis áitiúla chun cabhrú leo Pleananna Áitiúla Iompair a ullmhú trí leas a bhaint as modheolaíocht na Measúnachta Iompair Limistéarbhunaithe a forbraíodh i gcomhar le Bonneagar Iompair Éireann;
- » a áirithiú go gcuirtear bonneagar nua iompair phoiblí agus seirbhísí breisithe iompair phoiblí chun feidhme;
- » tionscadail taistil ghníomhaigh a sholáthar, lena n-áirítear gréasán saoraidí sábháilte rothaíochta a sholáthar go háirithe;
- » modhanna taistil ghníomhaigh agus úsáid iompair phoiblí a chur chun cinn; agus

Cé gur chuir paidéim Covid-19 isteach ar a lán gníomhaíochtaí le linn na bliana 2021, leanadh ar aghaidh le hobair i ngach ceann de na réimsí sin agus rannchuidíodh leis an sprioc fhoriomlán atá ann astaíochtaí iompair a laghdú. Maidir leis an infheistíocht i bhflít ísealcharbóin/astaíochtaí atá saor ó charbón, mar shampla, ceannaíodh feithiclí breise le haghaidh fhlít Luas agus fuarthas tairiscintí le haghaidh fhlít nua leictreach agus ceallra-leictreach DART sa bhliain 2021, mar atá leagtha amach in áit eile sa Tuarascáil Bhliantúil seo. Rinneadh na nithe seo a leanas freisin:

- Síníodh creat-chomhaontú le haghaidh suas le 200 ceann de bhusanna ceallra-leictreacha astaíochtaí nialasacha a sheachadadh, lena áiríodh ordú tosaigh le haghaidh 45 bhus. Cuirfear tús leis na busanna sin a sheachadadh sa bhliain 2022
- Soláthraíodh 196 cinn de bhusanna díosail-leictreacha hibrideacha dhá stór “na chéad ghlúine eile”, ar busanna iad

is féidir a oibriú go leanúnach i modh astaíochtaí nialasacha ar feadh 2.5 ciliméadar

- Cuireadh trí cinn nua de bhusanna leictreacha breosla-chille hidrigine dhá stór i mbun seirbhíse idir Baile Átha Cliath agus Ráth Tó (Bealach 105X) mar chuid de threoirscéim um theicneolaíocht breoslaí malartacha

Maidir leis an earnáil beagfheithiclí seirbhíse poiblí, bhí an bhliain 2021 ar an tríú bliain inar cuireadh an scéim deontas le haghaidh beagfheithiclí leictreacha seirbhíse poiblí ar fáil. Tá sé mar aidhm leis an scéim oibrítheoirí tacsáí agus fruilchairr atá nua agus atá ann cheana a spreagadh feithiclí leictreacha agus feithiclí astaíochtaí ísle a fháil. Mar gheall ar an ról tábhachtach a imríonn an earnáil sin maidir leis an mórchóras iompair a dhícharbónú, méadaíodh cistiú na scéime ó €2m sa bhliain 2020 go €15m sa bhliain 2021. Bhí deontais arbh fhiú suas le €20,000 iad ar fáil do thiománaithe beagfheithicle seirbhíse poiblí atá ann cheana ionas go bhféadfadh siad seanfheithiclí ardmhíleáiste a scrapáil chun samhlacha nua lánleictreacha a cheannach.

Is é an tÚdarás a oibríonn an scéim deontas le haghaidh beagfheithiclí leictreacha seirbhíse poiblí thar ceann na Roinne Iompair. Cuireadh 580 feithicil leictreach a ceannaíodh le cúnamh deontas leis an bhflít sa bhliain 2021. Bhí an líon iomlán beagfheithiclí leictreacha seirbhíse poiblí a bhí sa fhlít ag deireadh na bliana 2021 cothrom le méadú 764% ar an líon a bhí sa fhlít sa bhliain 2020.

Taisteal Gníomhach

Tháinig athruithe meara suntasacha ar phatrúin taistil agus ar roghanna modha iompair mar thoradh ar phaindéim Covid-19, agus aistriú mór ann i dtreo taisteal de shiúl na gcos agus de rothar. Chistigh an tÚdarás raon leathan tionscadal faoina Chlár Taistil Ghníomhaigh le haghaidh Údaráis Áitiúla Réigiúnacha agus faoina Chlár Deontas le haghaidh Bearta Iompair Inbhuanaithe le linn

na bliana 2021, mar atá achoimrithe thíos. Foilsíodh tuarascáil mhionsonraithe ar na tionscadail ar thacaigh an tÚdarás leo, rud atá ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Údaráis.

Údaráis Áitiúla Réigiúnacha (Clár Taistil Ghníomhaigh) - bhí an bhliain 2021 ar an gcéad bhliain ina raibh an Clár Infheistíochta Taistil Ghníomhaigh tuaithe ar siúl, ar faoina bhun a leithdháileadh cistiú ar 340 tionscadal iompair inbhuanaithe i 19 n-údarás áitiúla. Tá sé mar aidhm leis an gclár saoráidí siúil agus rothaíochta ar ardchaighdeán a fhorbairt lena spreagfar tuilleadh daoine tosú ar mhodhanna gníomhacha taistil a úsáid agus lena ndéanfar rannchuidiú leis an gcomhrac in aghaidh an athraithe aeráide.

An Deontas le haghaidh Bearta Iompair Inbhuanaithe - tríd an gclár Deontas le haghaidh Bearta Iompair Inbhuanaithe, leanadh sa bhliain 2021 le cistiú a thabhairt do thionscadail áitiúla thábhachtacha lena dtacaítear le nascacht coisithe agus rothaithe, le rochtain ar scoileanna agus sábháilteacht timpeall orthu agus leis an iompar poiblí. Tá sé mar aidhm leis an gclár feabhas a chur ar na roghanna iompair atá ar fáil do dhaoine atá ag lorg roghanna eile ar an gcarr príobháideach, agus ról lárnach á imirt ag an gcistiú maidir le hathruithe a bhrú chun cinn laistigh de lárionaid uirbeacha ar fud na tíre.

Tá na tionscadail ar chistigh an tÚdarás iad faoin gClár Taistil Ghníomhaigh agus faoin gclár Deontas le haghaidh Bearta Iompair Inbhuanaithe sa bhliain 2021 mionsonraithe thíos:

Tábla 14 – Tionscadail ar chistigh an tÚdarás iad faoin gClár Taistil Ghníomhaigh agus faoin gclár Deontas le haghaidh Bearta Iompair Inbhuanaithe

Gníomhaireacht	< €500,000	€0.5 - €10 milliún	> €10 milliún
Comhairle Cathrach Chorcaí	11	43	5
Comhairle Contae Chorcaí	2	32	0
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	13	39	36
Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin	2	36	1
Comhairle Contae Fhine Gall	5	12	2
Comhairle Cathrach na Gaillimhe	3	18	7
Comhairle Contae Chill Dara	2	12	0
Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh	6	21	1
Comhairle Contae na Mí	9	25	0
An Scéim Réigiúnach Rothar	0	1	0
Comhairle Contae Átha Cliath Theas	8	15	0
An Taisce	1	0	0
An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath	2	0	0
Ospidéal San Séamas	1	0	0

Gníomhaireacht	< €500,000	€0.5 - €10 milliún	> €10 milliún
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	1	0	0
Ospidéal Ollscoile na Gaillimhe	1	0	0
Comhairle Contae Chill Mhantáin	4	39	1
Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge	1	15	6
Comhairle Contae Cheatharlach	13	2	0
Comhairle Contae an Chabháin	12	1	0
Comhairle Contae an Chláir	21	6	0
Comhairle Contae Dhún na nGall	24	4	0
Comhairle Contae na Gaillimhe	9	15	0
Comhairle Contae Chiarraí	9	7	7
Comhairle Contae Chill Chainnigh	11	6	0
Comhairle Contae Liatroma	9	0	0
Comhairle Contae Laoise	14	5	0
Comhairle Contae an Longfoirt	14	0	0
Comhairle Contae Lú	5	9	0
Comhairle Contae Mhaigh Eo	16	0	0
Comhairle Contae Mhuineacháin	11	9	0
Comhairle Contae Uíbh Fhailí	11	3	0
Comhairle Contae Ros Comáin	20	0	0
Comhairle Contae na hIarmhí	9	9	0
Comhairle Contae Shligigh	1	5	0
Comhairle Contae Thiobraid Árann	5	12	0
Comhairle Contae Loch Garman	13	7	0
Iomlán	299	408	66

Ciste Bonneagair Bhreise Lasmuigh -

i mí Aibreáin, fuair an tÚdarás leithdháileadh breise €15 mhilliún le haghaidh 'Ciste Bonneagair Bhreise Lasmuigh'. Soláthraíodh an leithdháileadh sin chun cabhrú le Samhradh Sábháilte Lasmuigh a chinntiú trí fheabhas a chur ar an spás uirbeach lasmuigh agus ar an mbonneagar siúil agus rothaíochta. Bhí sé mar aidhm leis an gciste freisin téarnamh geilleagrach agus gnó a chur chun cinn mar fhreagairt do phaindéim Covid-19. Tugadh cuireadh do gach Údarás Áitiúil iarratas a dhéanamh faoin sruth cistiúcháin chun tabhairt faoi bhearta gearrthéarmacha a d'fhéadfaí a chur chun feidhme go tapa. Áiríodh iad seo a leanas leis na tionscadail a bhí incháilithe le haghaidh cistiúcháin:

- » Bearta chun sráideanna a theorannú do choisithe
- » An spás bóthair agus sráide a ath-leithdháileadh trí úsáid a bhaint as síntí cosáin, as mullaird, as suíochánra poiblí, etc.
- » Socruithe bainistíochta tráchta

Bealaí Sábháilte chuig an Scoil - i mí an Mhárta 2021, sheol an Rialtas an clár um Bealaí Sábháilte chuig an Scoil chun tacú le bonneagar taistil ghníomhaigh ag scoileanna roghnaithe ar fud na tíre. Tá sé mar aidhm leis an gclár bealaí níos sábháilte siúil agus rothaíochta a chruthú laistigh de phobail, plódú a mhaolú ag geataí scoile agus an líon scoláirí a shiúlann nó a dhéanann rothaíocht chuig an scoil a mhéadú trí shaoráidí siúil agus rothaíochta a sholáthar. Áiríodh iad seo a leanas leis na feabhsuithe a cuireadh ar an turas chuig an scoil:

- » Cosáin nua nó uasghrádaithe
- » Trasrianta coisithe
- » Lánaí rothar nua nó uasghrádaithe
- » An timpeallacht os comhair na scoile a athdhearadh go hiomlán trí mhullaird,

marcanna bóthair, trasrianta, etc., a sholáthar

Cistíonn an Roinn Iompair an clár tríd an Údarás Náisiúnta Iompair agus tacaíonn an Roinn Oideachais leis. Tá an clár á chomhordú ag Clár Taistil Scoileanna Glasa an Taisce. Cuirfear cistiú ar fáil d'údarais áitiúla chun an bonneagar a sholáthar feadh bealaí rochtana agus ag geataí scoile.

Scéimeanna Poiblí Rothar

De bharr phaindéim Covid-19, chonaic an scéim réigiúnach rothar laghdaithe sa líon úsáideoirí cláraithe agus sa líon turas a taifeadadh.

Go háirithe, bhí tionchar díreach ar úsáid ag na srianta ar thaisteal agus ag an aistriú a rinne cuideachtaí agus coláistí chuig obair ar líne agus chuig foghlaim ar líne.

Tábla 15 - Scéimeanna poiblí rothar (turas a tógadh)

Cathair	An Líon Iomlán Turas sa bhliain 2019	An Líon Iomlán Turas sa bhliain 2020	An Líon Iomlán Turas sa bhliain 2021
Corcaigh	241,064	81,504	54,615
Gaillimh	27,190	6,604	7,898
Luimneach	22,129	10,447	4,862
Iomlán	290,383	98,555	67,375

Tábla 16 - Scéimeanna poiblí rothar (an líon úsáideoirí cláraithe⁹)

Cathair	2019	2020	2021
Corcaigh	6,594	5,220	4,048
Gaillimh	4,127	4,349	937
Luimneach	1,824	1,344	829
Iomlán	12,545	10,913	5,814

9. Riomhtar an líon úsáideoirí cláraithe mar mheán ar fud na bliana

Clár Taistil na Scoileanna Glasa

Oibríonn Clár Taistil na Scoileanna Glasa le scoileanna chun modhanna iompair níos inbhuanaithe le haghaidh taisteal chun na scoile a chur chun cinn i measc daltaí, múinteoirí agus tuismitheoirí. Is é an Taisce a oibríonn an Clár thar ceann an Údaráis.

Thug Oifigigh Thaistil 831 chuairt ar scoileanna agus chuir siad 150 iniúchadh 'insiúltachta' agus 17 n-iniúchadh 'inrothaíochta' i gcrích sa bhliain 2021, agus na bacainní ar dhaoine taisteal chun na scoile de shiúl na gcos agus de rothar á sainaithint acu. Cuireadh fionnachtana an iniúchta i láthair na n-údarás áitiúil ábhartha lena mbreithniú. Mar gheall ar na srianta a bhí i bhfeidhm ag amanna eile den bhliain de dheasca phaindéim Covid-19, d'fhorbair Oifigigh Thaistil acmhainní ar líne, thug siad cuairteanna fíorúla ar scoileanna, agus réachtáil siad imeachtaí, ceardlanna agus ceachtanna lasmuigh.

Tugadh cistiú le haghaidh 4,700 spás páirceála rothar, 248 scáthlán páirceála rothar agus 954 spás páirceála scútar a shuiteáil ag scoileanna. Tugadh páirtchistiú chun go bhféadfadh 3,456 dhaltá bunscoile agus 60 scoláire meánscoile tabhairt faoi oiliúint Rothaíocht i gCeart.

Thug Clár Taistil na Scoileanna Glasa faoi raon leathan gníomhartha agus imeachtaí chun leanaí scoile a spreagadh taisteal chun na scoile agus ar fud na dúiche ar bhealach gníomhach. Áiríodh iad seo a leanas leis na buaicphointí sonracha sa bhliain 2021:

- » Seoladh an Clár Ambasadóirí #andshecycles i mí Eanáir chun cailíní sna déaga a spreagadh páirt a ghlacadh san fheachtas chun tacú leis an rothaíocht i meánscoileanna. Ghlac Sustrans in Albain an clár ó shin i leith. I mí Iúil, réachtáil an Clár Ambasadóirí #andshecycles an feachtas 'Déan Rothaíocht le do Dhlúthchara' chun cailíní a spreagadh rothaíocht a dhéanamh le linn an tsamhraidh.

Bhíothas in ann rothar a bhuachan ar na meáin shóisialta mar chuid den chlár, áit ar iarradh ar leantóirí turas rothaíochta a thógáil le cara dá gcuid agus pictiúr den turas a phostáil ar a gcainéil meán sóisialta. Bhí Gradaim an Chláir Ambasadóirí #andshecycles ar siúl i mí na Nollag, agus Dámhachtain Sár-Éachta á tabhairt do thriúr scoláirí;

- » Forbraíodh leathanach Gréasáin nua don Ghréasán Rotharbhusanna (<https://greenschoolsireland.org/travel/cyclebusnetwork/>) agus seoladh i mí Aibreáin é;
- » Rinneadh spásanna páirceála rothar a chistiú agus a shuiteáil ag 263 scoil ar fud na tíre a bhí páirteach i gClár na Scoileanna Glasa agus sa Chlár um Bealaí Sábháilte chuig an Scoil; agus
- » Seoladh an Clár um Bealaí Sábháilte chuig an Scoil i mí an Mhárta 2021 agus chuir 931 scoil spéis in iúl sa chlár. Cuireadh an clár i bhfeidhm i 170 scoil le linn bhabhta a haon agus bíonn na scoileanna eile ag dul isteach sa chlár ar bhonn rollach.

Clár Thaistil Níos Cliste

Clár Taistil Níos Cliste TFI - tá clár Taistil Níos Cliste TFI ina chlár náisiúnta athraithe iompraíochta lena dtacaítear le háiteanna oibre agus le campais pleananna taistil inbhuanaithe agus pleananna taistil ghníomhaigh a fhorbairt agus a chur chun feidhme do bhaill foirne agus do mhic léinn. Tá breis agus 200 comhpháirtí ag an gclár ar fud na hearnála poiblí agus na hearnála príobháidí araon. Trí idirghabhálacha athraithe iompraíochta amhail na dúshlán siúil agus rothaíochta, tugtar spreagadh do bhaill foirne agus do mhic léinn turais chomaitéireachta agus fóillíochta a thógáil de shiúl na gcos agus de rothar.

Áiríodh iad seo a leanas leis na príomhthionscnaimh ar tugadh fúthu sa bhliain 2021:

Lean an tÚdarás de bheith ag obair go dlúth leis an gCoimisiún Eorpach, agus tuilleadh ionchur á soláthar aige maidir leis an meastóireacht leanúnach ar na Rialacháin maidir le Cearta Paisinéirí Bus agus Cóiste agus maidir le Cearta Paisinéirí Muirí. Lean sé de bheith ag freastal ar chruinnithe faisnéise maidir leis na meastóireachtaí sin freisin.

Sholáthair an tÚdarás faisnéis don phobal agus d'iompróirí faoi Rialachán (AE) 2021/782 maidir le Cearta Paisinéirí Iarnróid, ar leagan athmhúnlaithé é de na Rialacháin roimhe maidir le cearta agus oibleagáidí paisinéirí iarnróid. Tháinig an Rialachán sin i bhfeidhm an 7 Meitheamh 2021 agus beidh feidhm ag formhór a fhorálacha ón 7 Meitheamh 2023.

Dúshlán Chéime

Bhí sé mar aidhm leis na dúshlán chéime san Earrach agus san Fhómhar baill foirne agus mic léinn a spreagadh siúl in ionad carr príobháideach a thógáil. Ar an meán, ghlac breis agus 6,000 duine ó eagraíochtaí comhpháirtíochta páirt i ngach dúshlán. I bhfianaise srianta Covid-19 a bheith i bhfeidhm le linn Marchathon (Earrach), ba iad na príomhthairbhí a tuairiscíodh a bheith i gceist le rannpháirtíocht sa dúshlán ná an méadú a tháinig ar ghníomhaíocht daoine le linn an lae agus an taitneamh a bhain daoine as a bheith ina gcuid d'fhoireann. Bhí roinnt rannpháirtithe ar ais san áit oibre nó ar an gcampas le linn Walktober. Thuairiscigh seasca is a ceathair faoin gcéad díobh go bhfuil siad ag taisteal de shiúl na gcos seachas de charr anois agus thuairiscigh ochtó is a dó faoin gcéad díobh gur tháinig méadú ar an bhfeasacht atá acu ar an siúl agus gur tháinig athrú ar a n-iompraíocht taistil mar thoradh ar pháirt a ghlacadh sa dúshlán.

Seachtain Náisiúnta na Rothar

Le linn Sheachtain Náisiúnta na Rothar, a bhí ar siúl i mí Mheán Fómhair, cumasaíodh do dhaoine ar fud na hÉireann páirt a

ghlacadh in imeachtaí agus spreagadh iad breithniú a dhéanamh ar thurais chomaitéireachta, phearsanta agus fóillíochta a thógáil de rothar. Rinneadh ionadaíocht do 31 limistéar údaráis áitiúil, agus breis agus 680 imeacht ar siúl ar fud na tíre. Áiríodh leo sin Babhtaí Rothaíochta do Theaghlaigh, Oiliúint i Sábháilteacht Rothaíochta, Mná ar Rothaí, Rothaíocht ar son Cuimsiú Daoine faoi Mhíchumas, Clinicí Rothaíochta, Babhtaí Rothaíochta Cathrach ag Am Lóin, Babhtaí Rothaíochta Oidhreacht, Rothaíocht Scoile, agus lóga Rothair.

Gradaim do Mhic Léinn

Sna Gradaim Thaistil Níos Cliste do Mhic Léinn, tugtar cuireadh do mhic léinn forbairt a dhéanamh ar thionscadail lena ndéantar roghanna taistil níos cliste a chothú, a éascú nó a chumasú. B'fhearr go ndéanfaid siad amhlaidh mar chuid dá n-obair chúrsa. Nascann na gradaim isteach le raon leathan cúrsaí tríú leibhéal. Is é painéal neamhspleách de mholtóirí ar saineolaithe ina dtionscal féin iad a athbhreithníonn na hiontrálacha. Chruthaigh na srianta a bhí i bhfeidhm le linn na bliana acadúla de dheasca phaindéim Covid-19 dúshlán do na Gradaim sa bhliain 2021. Beag beann air sin, fuarthas 92 iontráil san iomlán ó 14 champas.






l Model
s' School

CAUTION
CHILDREN



Iompar agus **Nuálaíocht**

Sa bhliain 2021, tháinig méadú tapa ar an líon custaiméirí a stad de bheith ag úsáid ticéid réamhíoctha agus a thosaigh ag íoc as turais aonair trí Chreidmheas Taistil a úsáid. Ba é an t-aon eisceacht amháin den treocht sin roimh an mbliain 2021 ná díolacháin thicéid TaxSaver, a bhí freagrach as 80% de dhíolacháin ticéad de réir luacha. Tháinig laghdú mór ar dhíolacháin thicéid TaxSaver le linn na bliana, áfach, de réir mar a lean daoine de bheith ag obair ón mbaile. I gcomparáid le €88.6m sa bhliain 2019, ní raibh díolacháin thicéid TaxSaver cothrom ach le €14.2m sa bhliain 2021.



Buaicphointe na bliana ba ea an méadú a tháinig ar luach iomlán na mbreisithe creidmheasa a rinneadh trí Aipeanna Leap a úsáid. Seoladh Aip Breisithe Creidmheasa Leap do ghléasanna iPhone i mí Aibreáin 2021, rud a d'imir ról suntasach maidir le sciar an chainéil aipe sin a mhéadú go buaicfhigiúr 56% i mí na Samhna. Ciallaíonn sé sin gur tríd an aip do ghléasanna iPhone a rinneadh 56% de na breisithe creidmheasa uile i mí na Samhna, agus í freagrach as €10.6m den iomlán míosúil €18.9m. Próiseáladh breisithe creidmheasa dar luach iomlán €68m trí Aipeanna Leap sa bhliain 2021, rud a bhí cothrom le méadú €28.6m ar an bhfigiúr don bhliain 2020. Bhí Aipeanna Leap freagrach as 48% de na breisithe creidmheasa uile a rinneadh le linn na bliana (€142m).

Tábla 17 – Staitisticí Chárta Leap

Tomhas	2021	2020	Athrú Céatadánach, 2021 v 2020
Líon Chártaí Leap TFI a díoladh	432,959	347,166	+25%
An líon Pasanna Saorthaistil a eisíodh¹⁰	-330,809 ¹¹	-19,113	-
Luach an Chreidmheasa Taistil a ceannaíodh	€142.4m	€136.0m	+5%
Luach an Chreidmheasa Taistil a úsáideadh	€122.5m	€119.4m	+3%
Díolacháin táirgí ticéid	€20.6m	€36.4m	-43%
Turais (gan Pasanna Saorthaistil a áireamh)	81.5m	83.1m	-2%
Turais a tógadh le Pasanna Saorthaistil	19.4m	18.4m	+5%
An líon Breisithe Creidmheasa trí Aip Breisithe Creidmheasa Leap TFI	€68.33m	€39.66m	+72%

Cárta Leap TFI

Léiríodh sna príomhinnéacsanna feidhmíochta do Chárta Leap don bhliain 2021 go raibh méadú beag ann ar an méid iomlán creidmheasa taistil a caitheadh i gcomparáid leis an bhfigiúr don bhliain 2020, agus é ag méadú ó €136m go €142m. Bhí méadú 25% ann freisin ar an líon iomlán cártaí a díoladh, agus é ag méadú ó 347,000 cárta go 433,000 cárta. Cé gur tháinig méadú 6% (ó 18.4m turas go 19.4m turas) ar an líon turas a tógadh trí phasanna Saorthaistil a úsáid i gcomparáid leis an bhfigiúr don bhliain 2020, tháinig laghdú 2% (ó 83.1m turas go 81.5m turas) ar an líon foriomlán turas a tógadh trí Chártaí Leap a úsáid.

B'ísle i bhfad leibhéil ghníomhaíochta le linn na bliana 2021 ná na príomhinnéacsanna feidhmíochta réamhphaindéime don bhliain 2019. Tháinig laghdú 53% ar dhíolacháin cártaí, tháinig laghdú 49% ar chaiteachas creidmheasa taistil agus tháinig laghdú 52% ar an líon turas a tógadh trí Chártaí Leap a úsáid.

Eisíodh 432,959 gcárta le linn na bliana 2021, rud a bhí cothrom le méadú 25% ar an bhfigiúr don bhliain 2020. Fágann sé sin gur eisíodh 5.3m cárta san iomlán go dtí seo. Is féidir an méadú sin a chur síos go príomha do mhic léinn tríú leibhéal a bheith ag fillleadh ar an gcoláiste, agus díolacháin an-láidir ann i mí Mheán Fómhair agus i mí Dheireadh Fómhair 2021.

10. Eisíonn an Roinn Coimirce Sóisialaí Pasanna Saorthaistil

11. Chuir an Roinn Coimirce Sóisialaí eisiúint na bpasanna saorthaistil ar fionraí de bharr phaindéim Covid-19. Is figiúr diúltach é an figiúr sin dá bharr, á léiriú gur mhó an líon cártaí a chuaigh as feidhm sa bhliain ná an líon cártaí nua a eisíodh sa bhliain.

Pleanáil le haghaidh Ionad Teagmhála Comhdhlúite nua

Chun tacú leis an ngréasán méadaitheach iompair phoiblí atá á sholáthar ag grúpa éagsúil oibritheoirí agus chun a chinntiú go bhfaighidh custaiméirí eispéireas dearfach i gcónaí, rinne an tÚdarás dul chun cinn sa bhliain 2021 ar na pleananna atá aige chun Ionad Teagmhála Comhdhlúite a bhunú don iompar poiblí in Éirinn.

Tá sé mar aidhm leis an tionscadal sin mol láraithe a bhunú a chumasóidh do chustaiméirí a gceisteanna maidir le raon leathan seirbhísí iompair phoiblí a chur ar fhoinse aonair amháin.

Áiríodh iad seo a leanas leis na príomhéachtaí sa bhliain 2021:

- Bainisteoir Soláthar Seirbhísí a earcú don Ionad Teagmhála Comhdhlúite;

Tús a chur leis an bpróiseas soláthair le haghaidh díoltóir a roghnú a bheidh freagrach as gnáthoibríochtaí laethúla an Ionaid Teagmhála Chomhdhlúite a stiúradh thar ceann an Údaráis.

Ticéadú na Chéad Ghlúine Eile

Tá an tÚdarás ag iarraidh córais ticéadaithe nua agus níos solúbtha a thabhairt isteach trína thionscadal maidir le Ticéadú na Chéad Ghlúine Eile, ar gné thábhachtach de Chlár BusConnects é. Chuir an tÚdarás réamhchéim an tsoláthair i gcrích sa bhliain 2021, agus cúig iarrthóir sheanchleachta á sainaithint aige lena dtabhairt ar aghaidh chuig na chéad chéimeanna eile sa bhliain 2022.

Aip TFI Go

Le haip mhóibíleach ticéadaithe TFI Go, cumasaítear do chustaiméirí ticéid bhus a cheannach agus turas a ghníomhachtú agus é a thaispeáint don tiománaí agus iad ag dul ar bord. Díoladh níos mó ná 12,809 dticéad sa bhliain 2021, agus níos mó ná 38,700 turas i gceist leo.

Tugadh leagan nua de TFI Go isteach i mí

Lúnasa, agus bealaí breise de chuid Bhus Éireann á gcur leis an aip. Áiríodh leo sin seirbhísí i gCiarraí agus i gCorcaigh. Cuireadh cineálacha breise ticéid leis an aip freisin. Áiríodh leo sin ticéid chriosacha do Luimneach agus do Chorcaigh agus ticéid do sheirbhísí baile ar an Uaimh agus i mBaile Átha Luain. Tar éis an nuashonrú sin a eisiúint, tosaíodh feachtas promóisin “10 dTuras ar Chostas €10” i mí Mheán Fómhair, rud a bhí ar fáil i Luimneach, i gCorcaigh, i mBaile Átha Luain agus ar an Uaimh.

Uathaimsiú Feithiclí

Ceanglaítear uathaimsiú feithiclí le haghaidh rialú seirbhíse a dhéanamh ar bhusanna, cumarsáid a dhéanamh le tiománaithe, feidhmíocht bealaí a rianú, agus faisnéis fíor-ama do phaisinéirí a ghiniúint le haghaidh scáileáin taispeána ar an tsráid agus aipeanna móibíleacha. Tá sé ina chuid dhílis d’fheidhm bainistíochta conartha an Údaráis maidir leis an líon ciliméadar arna n-oibriú agus poncúlacht an oibritheora de réir bealaigh a rianú. Ós rud é go bhfuil na córais reatha uathaimsithe feithiclí ag teannadh le deireadh a saoil, chuir an tÚdarás tús le comórtas soláthair phoiblí sa bhliain 2021 chun teacht ar sholáthraí aonair chun córas nua-aimseartha náisiúnta uathaimsithe bus a sholáthar lena chur in áit na gcóras éagsúil atá i bhfeidhm faoi láthair.

Chuir an tÚdarás réamhchéim an tsoláthair i gcrích sa bhliain 2021, agus cúig iarrthóir sheanchleachta á sainaithint aige lena dtabhairt ar aghaidh chuig na chéad chéimeanna eile sa bhliain 2022.

Faisnéis Fíor-Ama do Phaisinéirí

Is é is Faisnéis Fíor-Ama do Phaisinéirí ann ná córas lena gcabhraítear le faisnéis dhinimiciúil iompair phoiblí a sholáthar do chustaiméirí trí aipeanna, suíomhanna Gréasáin agus scáileáin taispeána ar an tsráid.

De réir mar a thugtar seirbhísí nua iompair phoiblí isteach agus a dhéantar athruithe ar sheirbhísí atá ann cheana, soláthraítear le réitigh an Údaráis um fhaisnéis fíor-ama do phaisinéirí faisnéis iompair phoiblí trí roinnt cainéal, lena n-áirítear:

- » Amchláir atá sonrach don stad agus léaráidí bealaigh a phostáiltear ag stadanna bus agus ag stáisiúin tram;
- » Ríomhscáileáin taispeána imeachta fíor-ama ag stadanna roghnaithe bus (thart ar 800 ceann sa tír); agus
- » Nuashonruithe ar na sonraí bunúsacha sa Phleanálaí Turais Náisiúnta, agus faisnéis imeachta thuartha fíor-ama a chur i láthair.

Comhroinntear an fhaisnéis ar fad le cainéil tríú páirtí amhail Google Maps, HERE Maps, Apple Maps agus an pobal sonraí oscailte trí Data.Gov.ie, tairseach sonraí oscailte na hÉireann.

Le linn na bliana 2021,

rinneadh gach ríomhscáileán taispeána imeachta fíor-ama ag stadanna bus ar fud na tíre a uasghrádú agus a chur le córas nua néalbhunaithe.

Chuir an tÚdarás tús le hobair sa bhliain 2021 chun sraith nua feidhmchlár a thabhairt isteach, lena n-áirítear Pleanálaí Turais Náisiúnta nua agus bogearraí nua táirgthe amchlár. Seolfar an réiteach nua sin sa bhliain 2022.



**GO CASHLESS
WITH THE
TFI GO APP**
Search TFI GO

An Timpeallacht Rialála agus Comhlíonta

Tá an tÚdarás freagrach as na nithe seo a leanas laistigh den timpeallacht rialála agus comhlíonta:

- *an creat rialála agus an córas comhlíonta a fhorbairt don earnáil beagfheithiclí seirbhíse poiblí¹² agus don earnáil tráchtála bus chun cáilíocht, sábháilteacht agus inrochtaineacht seirbhísí a fheabhsú;*
- *gníomhaíochtaí teanntála a rialáil chun a chinntiú go gcuirtear iad i gcrích de réir caighdeán cuí agus de réir ceanglais rialála;*
- *a chinntiú go gcomhlíonann oibritheoirí rialacháin reachtúla san earnáil teanntála beagfheithiclí seirbhíse poiblí, busanna tráchtála agus feithiclí; agus*
- *a chinntiú go bhfuil na córais cheadúnúcháin agus achomhairc rialála atá i bhfeidhm sna hearnálacha sin éifeachtúil agus cóir d'oibritheoirí agus d'achomharcóirí araon.*



An Earnáil Beagfheithiclí

Seirbhíse Poiblí

Covid-19 - lean paindéim Covid-19 le tionchar an-suntasach a imirt ar an gcumas a bhí ag oibritheoirí beagfheithicle seirbhíse poiblí a gcuid a shaothrú sa bhliain 2021. Rinne na srianta ar an taisteal agus ar na hearnálacha eispéiris, fáilteachais agus turasóireachta difear díreach don éileamh ar sheirbhísí paisinéirí.

Áiríodh iad seo leis na gníomhartha sonracha a rinne an tÚdarás sa bhliain 2021 chun freagairt don difear sin:

- » Rinneadh sraith suirbhéanna rúnda thar an teileafón ar thiománaithe beagfheithicle seirbhíse poiblí ar fud na tíre (Feabhra, Meitheamh agus Deireadh Fómhair) chun a dhéanamh amach cén t-athrú a tháinig ar chostais oibriúcháin agus ar sholáthar agus éileamh mar thoradh ar phaindéim Covid-19. Rinneadh suirbhéanna náisiúnta ar líne ar úsáideoirí tacsaithe ag an am céanna. Bhí sé mar chuspóir leis an obair sin eolas níos fearr a thabhairt don Údarás agus, ar an tslí sin, don Rialtas ar fhírinne an scéil sa tionscal agus ar na hathruithe a d'fhéadfadh teacht ar an tionscal tar éis na paindéime ar mhaithe leis an mbeartas a mhúnlú ar shlí níos fearr.
- » Achtaíodh rialacháin éigeandála Covid-19 chun a chinntiú nach mbeadh sé riachtanach aon tacsáí ná fruilcharr a bhainfeadh a aois incheadaithe uasta amach roimh an 01 Eanáir 2023 a bhaint den fhlít roimh dháta beacht a theorann aoise bunaidh le linn na bliana 2023:
 - » Na Rialacháin um Beagfheithiclí Seirbhíse Poiblí (Beart Éigeandála Covid-19), 2021; agus
 - » Na Rialacháin um Beagfheithiclí Seirbhíse Poiblí (Beart Éigeandála Covid-19) (Aois Incheadaithe Uasta), 2021.

- » Tarscaoileadh gach táille athnuachana ceadúnais feithicle caighdeánaí do na blianta 2021 agus 2022 trí na Rialacháin um Beagfheithiclí Seirbhíse Poiblí (Beart Éigeandála Covid-19) (Táillí), 2021.
- » Rinneadh an tréimhse ina bhféadfadh ceadúnas beagfheithicle seirbhíse poiblí fanacht i stádas 'Neamhghníomhach' a dhúbailt ó 12 mhí go 24 mhí trí na Rialacháin um Beagfheithiclí Seirbhíse Poiblí (Beart Éigeandála Covid-19) (Ceadúnas Éagtha), 2021.
- » Atosaíodh an Clár Tástála Iontrála do Thiománaithe Beagfheithicle Seirbhíse Poiblí i mí na Bealtaine, agus coimircí breise i bhfeidhm, tar éis comhairle dhearfach sláinte poiblí a fháil. Cuireadh 2,754 thástáil i gcrích d'iarrthóirí nua.
- » Cuireadh Scéim Aisíocaíochta Mótarchánach chun feidhme do Bheagfheithiclí Seirbhíse Poiblí: Eisíodh 1,753 aisíocaíocht sa bhliain 2021
- » Cuireadh Scéim um Tháillí na Tástála Náisiúnta Gluaisteán a Tharscaoileadh do Bheagfheithiclí Seirbhíse Poiblí chun feidhme: Cuireadh 5,948 gcinn de Thástálacha Náisiúnta Gluaisteán i gcrích saor in aisce sa bhliain 2021

Ina theannta sin, lean an Coiste Comhairleach um Beagfheithiclí Seirbhíse Poiblí le teacht le chéile sa bhliain 2021 chun comhairle a thabhairt don Údarás nó don Aire Iompair, de réir mar ba chuí, maidir le saincheistean a bhaineann le beagfheithiclí seirbhíse poiblí agus lena dtiománaithe.

Ceadúnú Feithiclí

Tháinig laghdú 10% ar an líon tacsaithe, fruilcharranna agus limisíní ceadúnaithe sa bhliain 2020. Tháinig laghdú beag eile 2% ar an líon feithiclí ceadúnaithe sa bhliain 2021, rud a d'fhág go raibh 19,946 cinn san iomlán ann.

12. Tá an earnáil beagfheithiclí seirbhíse poiblí comhdhéanta d'fheithiclí tacsáí, fruilchairr agus limisín, dá gcuid tiománaithe agus úinéirí agus de gach seirbhís choimhdeach beagfheithicle seirbhíse poiblí amhail seirbhísí áirithinte agus oibritheoirí seachadta. Foilsíonn an tÚdarás faisnéis staitistiúil mhionsonraithe faoi bheagfheithiclí seirbhíse poiblí san Fheasachán ar Staitisticí Tacsáí ar a shuíomh Gréasáin gach bliain.

Cigireachtaí ar Oiriúnacht Feithiclí

Ní mór gach ceadúnas tacsáí, fruilchairr agus limisín a athnuachan ar bhonn bliantúil ar a laghad chun leanúint ar aghaidh lena n-oibriú. Is gá ceadúnais le haghaidh feithiclí atá os cionn 10 mbliana d'aois a athnuachan gach sé mhí. Suitear ródacmhainneacht gach feithicle ar an gcéad dul síos tríd an Tástáil Náisiúnta Gluaisteán, rud a soláthraíonn an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre é. Is ann do chigireacht leithleach ina dhiaidh sin, rud a soláthraíonn an tÚdarás é, chun a dhéanamh amach an bhfuil an fheithicil oiriúnach dá húsáid mar bheagfheithicil seirbhíse poiblí nó nach bhfuil.

Rinneadh 24,751 chigireacht aonair san iomlán ar oiriúnacht feithiclí sa bhliain 2021, rud a bhí cothrom le méadú 8% ar an bhfigiúr don bhliain 2020.

Seirbhísí Fruilchairr Limistéir Áitiúil

Aithníonn an tÚdarás nach féidir leis an iompar poiblí reatha freastal ar na héilimh thaistil atá ag roinnt pobal i gceantar tuaithe na hÉireann toisc nach bhfuil sé ar fáil ar chor ar bith nó toisc nach bhfuil sé ar fáil ag na hamanna riachtanacha. Bunaíodh an chatagóir ceadúnais fruilchairr limistéir áitiúil chun seirbhísí iompair aonair a sholáthar i limistéir iargúlta thuaithe ag a bhfuil éileamh nach bhfuiltear ag freastal air ach nach féidir leo tacú le seirbhís lánaimseartha tacsáí nó fruilchairr. Dá réir sin, éascaíonn an chatagóir ceadúnais sin iontráil ísealchostais do sholáthraithe seirbhíse. Cé go bhfuil an t-ionad bailithe teoranta do limistéar léarscáilithe timpeall ar áit chónaithe an tiománaí, féadfar an turas a chríochnú cibé áit a n-éilíonn an paisinéir. Mar sin féin, ní fhéadfaidh aon seirbhís fruilchairr limistéir áitiúil áit aon seirbhíse caighdeánaí tacsáí nó fruilchairr atá ag oibriú sa limistéar cheana féin a ghlacadh.

Ní gá d'iarratasóirí ach ceanglais áitiúla cheadúnúcháin beagfheithicle seirbhíse poiblí a chomhlíonadh (ní gá do thiománaithe pas a fháil sa tástáil eolais ar an limistéar contae) agus, murab ionann agus seirbhísí lánaimseartha

tacsáí nó fruilchairr, ní gá dóibh feithiclí atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí a sholáthar. Mar sin féin, ní fhéadfar ceadúnas chun fruilcharr limistéir áitiúil a thiomáint a fháil ach amháin ón nGarda Síochána tar éis an próiseas grinnfhiosrúcháin a chur i gcrích go rathúil.

Ag deireadh na bliana 2021, b'ann do 21 sheirbhís fruilchairr limistéir áitiúil a bhí ceadúnaithe sa Stát.

Ceadúnú Tiománaithe

Oibríonn an tÚdarás i ndlúthchomhar leis an nGarda Síochána chun riar a dhéanamh ar na próisis um iarratas a dhéanamh ar cheadúnas agus um cheadúnas a athnuachan, lena n-áirítear an Tástáil Iontrála do Thiománaithe Beagfheithicle Seirbhíse Poiblí a riar agus cártaí aitheantais tiománaithe beagfheithicle seirbhíse poiblí a eisiúint. Mar údarás ceadúnúcháin le haghaidh ceadúnais tiomána beagfheithicle seirbhíse poiblí, is é an Garda Síochána atá freagrach go fóill as próiseas grinnfhiosrúcháin a sheoladh i leith gach tiománaí tráth an iarratais agus tráth gach athnuachana ceadúnais cúig bliana ina dhiaidh sin.

D'eisigh an Garda Síochána 541 cheadúnas chuig tiománaithe nua sa bhliain 2021. Tháinig laghdú 2.5%, go 25,426 dhuine, ar an líon iomlán tiománaithe ceadúnaithe le linn na bliana, toisc nach raibh iarrthóirí in ann an Tástáil Iontrála do Thiománaithe Beagfheithicle Seirbhíse Poiblí a dhéanamh le breis agus bliain amháin sular cheadaíodh do na hionaid athoscailt. Atosaíodh ar an Tástáil Iontrála do Thiománaithe Beagfheithicle Seirbhíse Poiblí a sholáthar i mí na Bealtaine tar éis comhairle sláinte poiblí a fháil, agus an t-éileamh ar an tástáil ag filleadh ar ais ar na leibhéil a bhí i réim roimh an bpaindéim. Ar an iomlán, rinne 961 iarrthóir 2,754 thástáil i mbliana.

Gníomhaíochtaí Forfheidhmiúcháin

Beag beann ar an bpaindéim leanúnach, rinne oifigigh chomhlíonta an Údaráis breis agus 185,000 seiceáil chianda ar fheithiclí agus ar thiománaithe i leith 15,284

fheithicil aonair (81% den fhlít). Rinneadh gníomhaíocht leantach chuí i gcás gur aimsíodh neamhréireachtaí. Thug oifigigh chomhlíonta faoi 5,068 n-iniúchadh aghaidh ar aghaidh cois bóthair sa bhliain 2021 freisin (18% den fhlít).

Mar thoradh ar na seiceálacha agus na hiniúchtaí a rinneadh, eisíodh 157 bhfógra íocaíochta seasta as cionta éagsúla. Tháinig 24% díobh chun cinn toisc gur mhainnigh tiománaithe beagfheithicle seirbhíse poiblí cloí leis an gceanglas chun fógra a thabhairt don Údarás faoi cén uair a bhí an fheithicil á hoibriú ag an tiománaí sin. Leis an gceanglas dlíthiúil sin, tacaítear leis an Aip Seiceála Tiománaí, atá ar cheann amháin dár gcuid uirlisí

sábháilteachta do phaisinéirí. Cuirtear leis an aip sin ar chumas an phobail stádas ceadúnais agus aitheantas a bhfeithicle agus a dtiománaí roghnaithe a sheiceáil

Ionchúisimh

Thionscain an tÚdarás 153 ionchúiseamh choiriúla sa bhliain 2021, ar bhain beagnach a leath (47%) le seirbhís neamhcheadúnaithe a oibriú. Ba toisc gur mhainnigh oibritheoirí fíneálacha a gearradh de dheasca sáruithe eile ar an reachtaíocht a íoc a tionscnaíodh 32% eile de na hionchúisimh a tionscnaíodh.

D'éirigh leis an Údarás i 92% de na hionchúisimh a tionscnaíodh.

Tábla 18 – Ionchúisimh de réir catagóir ciona

Cionta		2020 Cásanna	2021 Cásanna
Beagfheithicil neamhcheadúnaithe seirbhíse poiblí a oibriú	Gan ceadúnas tiomána ná ceadúnas feithicle a bheith ann	15	14
	Gan ceadúnas tiomána a bheith ann	18	33
	Gan ceadúnas feithicle a bheith ann	41	13
	Cead a thabhairt do thiománaí neamhcheadúnaithe oibriú/cead a thabhairt feithicil neamhcheadúnaithe a oibriú nó mainneachtain taifid chruinne a choimeád ar oibríocht cheadúnaithe	16	15
Táille ró-ard a ghearradh (costais 'bhreise' nach raibh aon údar leo ach a bhí dleathach a chur le táille)		3	2
Riocht na feithicle		0	1
Na dualgais ar thiománaithe beagfheithicle seirbhíse poiblí		8	1
Comhartha tacsáí a chur ar taispeáint go neamhdhleathach/ Mainneachtain comharthaíocht a bhaint d'fheithicil neamhcheadúnaithe		16	16
Seirbhís neamhcheadúnaithe beagfheithicle seirbhíse poiblí a fhógairt		3	5
Dul thar an líon uasta paisinéirí		1	0
Faisnéis bhréagach nó mhíthreorach a thabhairt go feasach don Údarás		3	5
Fruilcharr/limisín a bheith ina sheasamh lena fhruiilíú		3	0
		127	105

Tábla 18 - Ar Lean

Ionchúisimh i leith Cionta ar eisíodh Fógra Íocaíochta Seasta ina leith	2020 Cásanna	2021 Cásanna
Mainneachtain caighdeáin feithicle a chomhlíonadh	2	9
Diosca dobhearnaithe a bhaint de bheagfheithicil seirbhíse poiblí	1	0
Mainneachtain faisnéis infheithicle a chur ar taispeáint	3	1
Mainneachtain ceanglais chomhartha dín tacsáí a chomhlíonadh	4	8
Mainneachtain fógra a thabhairt faoi mhionsonraí beagfheithicle seirbhíse poiblí atá á hoibriú	12	12
Mainneachtain ceanglais tacsaiméadair a chomhlíonadh	1	5
Mainneachtain admháil a phriontáil agus a thairiscint	1	2
Diúltú míréasúnach do phaisinéir a iompar	4	2
Tiománaí a bheith ina s(h)easamh lena f(h)ruiliú i dtacsáí ag áit nach áit seasaimh cheaptha í	6	2
Comhartha neamhúdaraíthe a chur ar taispeáint ar fhruilcharr nó ar limisín	0	1
Tiománaí a bheith ina s(h)easamh ag áit seasaimh cheaptha nuair nach raibh an fheithicil ar fáil lena fruiliú	0	1
Mainneachtain aitheantas tiománaí a chur ar taispeáint	0	2
Mainneachtain tacsaiméadar a oibriú le linn tacsáí a bheith ar fruiliú	0	1
Tacsaiméadar a oibriú le linn tacsáí a bheith ina sheasamh lena fhruiliú nó a bheith ar tairiscint lena fhruiliú	0	2
Líon Iomlán Fógraí Íocaíochta Seasta	34	48
Iomlán	161	153

Gníomhaíocht Comhlíonta i leith Seirbhísí Ceadúnaithe Bus

Cuireadh 78 n-oibríocht “ar an talamh” i gcrích agus rinneadh faireachán ar níos mó ná 1,500 ceann de sheirbhísí bus agus cóiste le linn na bliana.

Mar thoradh air sin, eisíodh 23 litir soiléirithe ceadúnais chuig oibritheoirí a raibh seirbhísí á gcur chun cinn acu de shárú ar a gcoinníollacha ceadúnúcháin nó lasmuigh den chóras ceadúnúcháin bus.

A bhuí leis an díriú a leagann an tÚdarás ar an oideachas agus ar an díspreagadh, tugadh ceithre oibritheoir nua isteach sa chóras ceadúnúcháin agus scoir ceithre oibritheoir de bheith ag oibriú.

Teanntáil Feithiclí

Áirítear le sainchúram an Údaráis i réimse na teanntála feithiclí rialáil a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí teanntála agus bainistíocht a dhéanamh ar phróiseas achomhairc dara céim, rud ar ceanglas reachtach é.

Rinne an phaindéim difear do ghníomhaíochtaí rialála i réimse na teanntála feithiclí le linn na mblianta 2020 agus 2021. Mar thoradh air sin, tháinig laghdú ar an leibhéal gníomhaíochtaí rialála agus comhlíonta a seoladh. Tháinig laghdú freisin ar an líon ceann d’achomhairc dara céim a fuarthas, agus laghdú 35% ann ar an líon achomharc a fuarthas le linn na bliana i gcomparáid leis na figiúirí réamhphaindéime don bhliain 2019.

Achomhairc Dara Céim

Tá gluaisteánaí a ndearnadh a f(h)eithicil a theanntáil nó a athlonnú i dteideal achomharc a dhéanamh in aghaidh an chinnidh sin ón oibritheoir teanntála. Bunaíodh próiseas achomhairc dhá chéim chun na críche sin. Ní fhéadfar achomharc dara céim a chur isteach chuig an Údarás ach amháin tar éis do ghluaisteánaí toradh míshásúil a fháil

ar achomharc chéad chéim a rinneadh chuig oibritheoir teanntála. I ngach cás, déanfaidh Oifigeach Achomhairc Teanntála neamhspleách athbhreithniú ar achomharc dara céim a cuireadh chuig an Údarás. Tar éis dó/di scrúdú a dhéanamh ar an bhfianaise ón dá pháirtí, déanfaidh an tOifigeach Achomhairc Teanntála cinneadh ar an achomharc.

Ba iad na príomhfhorais achomhairc a luaigh gluaisteánaí agus achomhairc dara céim á gcur isteach acu sa bhliain 2021 ná comharthaíocht neamhdhóthanach, saincheistanna a bhain le páirceáil íoctha, lenar áiríodh feidhmiúlacht aipe páirceála, agus an dóigh ar cuireadh ticéid ar taispeáint. Cuireadh achomhairc isteach bunaithe ar úsáid ceadanna freisin.

I gcás go gceadóidh Oifigeach Achomhairc Teanntála achomharc dara céim, ceanglófar ar an rialaitheoir páirceála an muirear/ na muirir iomchuí a aisíoc leis an ngluaisteánaí.



Tábla 19 - Achomhairc Dara Céim

	2019	2020	2021
Achomhairc a tugadh ar aghaidh ón mbliain roimhe	106	209	105
Achomhairc nua a fuarthas	2,532	1,121	1,659
Iomláin	2,638	1,330	1,764
Achomhairc a cuireadh i gcrích	2,429	1,272	1,357
Achomhairc a raibh cinneadh fós le déanamh orthu amhail an 31 Nollaig	320	105	407

Tábla 20 - An Toradh ar Achomhairc Theanntála Dara Céim 2021

An Líon Achomharc a Breithníodh	Achomhairc a Ceadaíodh (Aisíocaíocht Iomlán)	Achomhairc Nár Ceadaíodh (Níor Tugadh Aisíocaíocht)
1,357	489 (36%)	868 (64%)



Ráitis

Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021



Clár Ábhar

FAISNÉIS FAOIN ÚDARÁS	65
RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL NA GCOMHALTAÍ BOIRD	66
RÁITEAS FAOI RIALÚ INMHEÁNACH	72
ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE TUARASCÁIL LE CUR FAOI BHRÁID THITHE AN OIREACHTAIS	82
RÁITEAS FAOI IONCAM AGUS CAITEACHAS AGUS CÚLCHISTÍ COINNITHE IONCAIM	85
RÁITEAS FAOI IONCAM CUIMSITHEACH	86
RÁITEAS FAOIN STAID AIRGEADAIS	87
RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID	88
NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS	89

Faisnéis faoin Údarás

Comhaltaí Boird	
An tUas. Fred Barry (Cathaoirleach)	
Anne Graham Uas. (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin)	
An tUas. Hugh Creegan	
An tUas. Owen Keegan	
Ann Fitzgerald Uas.	
An tUas. Pat Mangan	
An tUas. Frank O'Connor	
An tUas. Brian McCormick	
An tUas. David Gray	
An tUas. Iain Docherty	(a ceapadh an 23 Nollaig 2021)
Eleanor O'Neill Uas.	(a ceapadh an 23 Nollaig 2021)
Joyce Loughnan Uas.	(a ceapadh an 23 Nollaig 2021)

Aturnaetha	Baincéirí
McCann Fitzgerald Riverside One 37-42 Cé Sir John Rogerson Baile Átha Cliath 2 D02 X576	Bainc-Aontas Éireann cpt 1-4 Sráid Bhagóid Íochtarach Baile Átha Cliath 2 D02 X342
Iníúcháirí	Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta Duga an Státhiste Cé an Phoirt Thuaidh D01 A9T8
Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste 3A Sráid an Mhéara Uachtarach Baile Átha Cliath 1 D01 PF72	

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021

Rialachas

Tá an tÚdarás Náisiúnta Iompair (“an tÚdarás”) ina chomhlacht reachtúil neamhthráchtála stáit a oibríonn faoi choimirce na Roinne Iompair (“RI”).

Bunaíodh an tÚdarás de bhun an Achta um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008 agus ceapadh é ar dtús chun a bheith ina údarás iompair do Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath faoi Acht 2008. Athainmníodh é ina dhiaidh sin, áfach, mar Údarás Náisiúnta Iompair san Acht um Rialáil Iompair Phoiblí 2009, rud lenar leathnaíodh feidhmeanna an Údaráis chun go n-áireofaí leo Conarthaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí a dhámhachtain agus faireachán a dhéanamh orthu agus busanna agus beagfheithiclí seirbhíse poiblí a cheadúnú ar bhonn náisiúnta.

Rinneadh an raon feidhme geografach atá ag roinnt feidhmeanna de chuid an Údaráis a leathnú go leibhéal náisiúnta freisin leis an Acht um Rialáil Tacsaithe, 2013, rud lenar comhdhlúthaíodh reachtaíocht phríomha a bhaineann le beagfheithiclí seirbhíse poiblí agus a dtiománaithe a cheadúnú agus lenar tugadh an reachtaíocht sin cothrom le dáta.

Leis an Acht um Theanntáil Feithiclí, 2015, leagtar freagracht ar an Údarás as gníomhaíochtaí teanntála a rialáil ar bhonn náisiúnta.

Leis an Acht Iompair Phoiblí, 2016, leathnaíodh na freagrachtaí atá ar an Údarás arís eile trí é a chumhachtú fodhlíthe a dhéanamh lena rialáiltear úsáid seirbhísí bus poiblí fóirdheonaithe áirithe ag paisinéirí.

Coimeádann an tÚdarás roinnt feidhmeanna sonracha maidir le bonneagar agus maidir le pleanáil iompair agus úsáide talún a chomhtháthú i Mórlimistéar Bhaile Átha Cliath, rud a léiríonn na riachtanais iompair poiblí agus bhainistíochta tráchta ar leith atá ag an réigiún.

Tá feidhmeanna Bhord an Údaráis leagtha amach in alt 14 den Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008. Tá an Bord cuntasach don Aire Iompair agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus comhlíonann sé an cúram sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh ar gach saincheist thábhachtach ghnó. Is ar an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus ar an bhfoireann ardbhainistíochta atá an fhreagracht as an Údarás a bhainistiú, a rialú agus a threorú ar bhonn laethúil. Ní mór don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus don fhoireann ardbhainistíochta cloí leis an mórtreo straitéiseach a leagann an Bord síos agus ní mór dóibh a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach comhalta Boird ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhchinntí a bhaineann leis an eintiteas agus ar aon rioscaí suntasacha ar dóigh dóibh teacht chun cinn. Gníomhaíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin mar idirghabhálaí díreach idir an Bord agus lucht bainistíochta an Údaráis.

Freagrachtaí an Bhoird

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach i ndoiciméid Rialachais Chorparáidigh an Údaráis dar teideal ‘Treoirphrionsabail don Údarás Náisiúnta Iompair’, ‘Struchtúr Corparáideach agus Nithe atá forchoimeáda don Bhord’ agus ‘Cód iompair gnó do chomhaltaí den Údarás’. Is é atá sa dara ceann de na doiciméid sin ná nithe

atá forchoimeáda go sonrach dá gcinneadh ag an mBord. Áirítear na nithe seo leis na buanmhíreanna a bhreithníonn an Bord:

- Dearbhú leasanna;
- Tuarascálacha ón gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca;
- Tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta;
- Bainistíocht riosca;
- Tuarascálacha feidhmíochta; agus
- Nithe forchoimeáda.

Ceanglaítear le halt 32 den Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008 ar Bhord an Údaráis gach cuntas is cuí agus is gnách a choimeád, i cibé foirm a cheadóidh an tAire Iompair le toiliú an Aire Airgeadais, ar an airgead go léir a gheobhaidh sé nó a chaithfidh sé, lena n-áirítear ‘Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim’ agus ‘Ráiteas faoin Staid Airgeadais’.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú aige, ceanglaítear ar Bhord an Údaráis:

- Beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- Breithiúnais agus meastacháin chuntasaíochta atá réasúnach agus stuama a dhéanamh;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin i gcás go bhfuil sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh sé ag feidhmiú; agus
- A lua cé acu a leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha atá mínithe agus nochta sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as taifid chuí chuntasaíochta a choinneáil, ina gcuirtear a staid airgeadais in iúl le cruinneas réasúnach ag am ar bith agus lena gcuirtear ar a chumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le halt 32 den Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008. Is é an Bord atá freagrach as cothabháil agus iomláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais atá ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Údaráis.

Tá an Bord freagrach as an bplean bliantúil agus an buiséad bliantúil a cheadú. Ceadaíodh meastóireacht ar fheidhmíocht an Údaráis i gcomparáid leis an bplean bliantúil agus leis an mbuiséad bliantúil i mí na Samhna 2021. Athbhreithníonn an Bord feidhmíocht an Údaráis i gcomparáid leis an bplean bliantúil agus leis an mbuiséad bliantúil ag eatraimh thráthrialta le linn na bliana.

Tá an Bord freagrach freisin as sócmhainní an Údaráis a chosaint agus, dá bhrí sin, as bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

Measann an Bord go dtugtar léargas fírinneach cóir i ráitis airgeadais an Údaráis ar fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais an Údaráis ag an 31 Nollaig 2021.

Struchtúr an Bhoird

Tá an tÚdarás faoi rialú ag Bord a chuimsíonn dháréag comhaltaí a gceapann an tAire Iompair iad. Is poist ex officio iad trí cinn de na poist ar an mBord, atá forchoimeáda don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, d’ardbhainisteoir eile de chuid an Údaráis agus don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Féadfar comhaltaí Boird a cheapadh ar feadh tréimhse cúig bliana ar a mhéad agus féadfar iad a athcheapadh. Féadfaidh comhaltaí fónamh ar an mBord ar feadh tréimhse

deich mbliana ar a mhéad. Níl feidhm ag an srian sin maidir le comhaltaí ex officio, a fhanfaidh ar an mBord fad a shealbhóidh siad an post ábhartha. Tháinig an Bord le chéile ar 12 ócáid agus tá miontuairiscí na gcruinnithe boird foilsithe ar shuíomh Gréasáin an Údaráis. Ag an 31 Nollaig 2021, bhí ceathrar comhaltaí baineanacha (33%) agus ochtar comhaltaí fireannacha (67%) ag an mBord. Ní raibh aon ról folamh.

Sa tábla thíos, tugtar mionsonraí faoin tréimhse ceapacháin do na comhaltaí reatha:

Comhalta Boird	Ról	Dáta Ceapacháin
An tUas. Fred Barry	Cathaoirleach	28 Samhain 2017
Anne Graham Uas. (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin)	Gnáthchomhalta (ex officio)	7 Eanáir 2015
An tUas. Hugh Creegan (Leas-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin)	Gnáthchomhalta (ex officio)	29 Samhain 2010
An tUas. Owen Keegan (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath)	Gnáthchomhalta (ex officio)	3 Meán Fómhair 2013
Ann Fitzgerald Uas.	Gnáthchomhalta	24 Meán Fómhair 2015 Athcheapadh an comhalta seo an 23 Meán Fómhair 2020
An tUas. Pat Mangan	Gnáthchomhalta	24 Meán Fómhair 2015 Athcheapadh an comhalta seo an 23 Meán Fómhair 2020
An tUas. Frank O'Connor	Gnáthchomhalta	24 Meán Fómhair 2015 Athcheapadh an comhalta seo an 23 Meán Fómhair 2020
An tUas. Brian McCormick	Gnáthchomhalta	1 Lúnasa 2019
An tUas. David Gray	Gnáthchomhalta	1 Lúnasa 2019
An tUas. Iain Docherty	Gnáthchomhalta	23 Nollaig 2021
Eleanor O'Neill Uas.	Gnáthchomhalta	23 Nollaig 2021
Joyce Loughnan Uas.	Gnáthchomhalta	23 Nollaig 2021

Chuir an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht an Bhoird i gcrích i mí Mheán Fómhair 2021.

Bhunaigh an Bord Coiste Iniúcháireachta agus Riosca, a chuimsíonn triúr comhaltaí den Bhord agus beirt chomhaltaí seachtracha. Is é ról an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca tacú leis an mBord maidir leis na freagrachtaí atá air i ndáil le riosca, le rialú agus rialachas agus le dearbhú gaolmhar. Tá an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca neamhspleách ar lucht bainistíochta na heagraíochta. Go háirithe, cinntíonn an Coiste go ndéantar faireachán gníomhach neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúcháireachta. Tugann an Coiste Iniúcháireachta

agus Riosca tuairisc don Bhord tar éis gach cruinnithe Coiste agus tugann sé tuairisc fhoirmiúil i scríbhinn don Bhord gach bliain.

Is iad seo a leanas na comhaltaí den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca: an tUas. David Gray (Cathaoirleach), an tUas. Pat Mangan, an tUas. Brian Hayes (Comhalta Neamhspleách agus Comhpháirtí ag Moore Chartered Accountants), agus an tUas. John Smyth (Comhalta Neamhspleách agus Ceann Feadhna ag Chartered Direction Limited). Tháinig téarma Frank O'Connor mar Chathaoirleach ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca chun deiridh an 19 Samhain 2021. Ceapadh David Gray mar Chathaoirleach ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca an 20 Samhain 2021. Bhí sé chruinniú ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca sa bhliain 2021.

Sceideal freastail, táillí agus speansas

Tá sceideal freastail ar chruinnithe an Bhoird agus na gCoistí don bhliain 2021 leagtha amach thíos, lena n-áirítear na táillí agus na speansais a fuair gach comhalta:

	An Bord	An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca	Táillí 2021 €	Speansais 2021 €	Táillí 2020 €	Speansais 2020 €
An líon cruinnithe	12	6				
An tUas. Fred Barry	12(12)	1(0)	20,520	-	20,520	-
Anne Graham Uas.	12(12)	-	-	-	-	-
An tUas. Hugh Creegan	12(12)	-	-	-	-	-
Ann Fitzgerald Uas.	12(11)	-	11,970	-	11,970	83
An tUas. Owen Keegan	12(11)	-	-	-	-	83
An tUas. Pat Mangan	12(12)	6(6)	-	-	-	83
An tUas. Frank O'Connor	12(12)	5(5)	11,970	-	11,970	-
Sinéad Walsh Uas.	-	-	-	-	9,084	83
An tUas. Kevin Kelly	-	-	-	-	11,970	181
An tUas. Brian McCormick	12(12)	-	11,970	-	11,970	83
An tUas. David Gray	12(11)	6(6)	11,970	-	11,970	679
Speansais Eile*			-	-	-	3,199
			68,400	-	89,413	4,474

* Baineann Speansais Eile leis an gcostas ar chóiríocht do chruinniú Boird amháin a tionóladh lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.

D'fhreastail an tUas. Brian Hayes, ar comhalta seachtrach den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca é, ar gach ceann de na sé chruinniú a bhí ag an gCoiste le linn na bliana. B'ionann a tháille don bhliain, a bhí iníoctha le Moore Chartered Accountants, agus €17,664 (CBL san áireamh) (2020: €20,520 (CBL san áireamh)).

D'fhreastail an tUas. John Smyth, ar comhalta seachtrach den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca é, ar gach ceann de na sé chruinniú a bhí ag an gCoiste le linn na bliana. B'ionann a tháille don bhliain, a bhí iníoctha le Chartered Direction Limited, agus €17,664 (CBL san áireamh) (2020: €20,520 (CBL san áireamh)).

Tharscaoil an tUas. Pat Mangan na táillí uile a bhí iníoctha leis mar chomhalta de Bhord an Údaráis.

Ní bhfuair triúr stiúrthóirí – Anne Graham Uas., an tUas. Hugh Creegan agus an tUas. Owen Keegan – aon táillí Boird faoin bprionsabal ‘Duine Amháin, Tuarastal Amháin’. Is mar chuid dá gconradh fostaíochta, agus ní mar thoradh ar a bhfreastal ar chruinnithe boird, a thabhaítear speansais do Anne Graham Uas. agus don Uas. Hugh Creegan. Dá bhrí sin, níl a speansais ar áireamh sa nóta seo.

Athruithe príomhphearsanra

Ceapadh na comhaltaí boird seo a leanas le linn na bliana, ach ní raibh siad incháilithe chun freastal ar aon chruinnithe:

- Iain Docherty, a ceapadh an 23 Nollaig 2021;
- Eleanor O’Neill, a ceapadh an 23 Nollaig 2021;
- Joyce Loughnan, a ceapadh an 23 Nollaig 2021.

An nochtadh a cheanglaítear leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur chomhlíon an tÚdarás ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (“an Cód”) arna fhoilsiú ag an Roinn Cait-eachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Ceanglaítear an nochtadh seo a leanas leis an gCód:

Costais chomhairleachta

Áirítear le costais chomhairleachta an costas ar chomhairle sheachtrach a chur ar an lucht bainistíochta. Ní áirítear leo an costas ar fheidhmeanna seachfhoinsithe “gnáthghnó”.

	2021 €’000	2020 €’000
Seirbhísí comhairleacha iompair	3,448	3,184
Comhairle dhlíthiúil	1,423	1,072
Seirbhísí comhairleacha cánach agus airgeadais	738	341
Ullmhúchán do chosaint sonraí agus don Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí	19	91
Pinsin agus acmhainní daonna	41	10
	5,669	4,698
Costais chomhairleachta a cuireadh ar an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim	5,428	4,375
Costais chomhairleachta a caipitlíodh	241	323
	5,669	4,698

Costais dlí agus socraíochtaí

Sa tábla thíos, tugtar miondealú ar shuimeanna a aithnítear mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe i dtaca le costais dlí, le socraíochtaí agus le himeachtaí réitigh agus eadrána a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe. Ní áirítear leis caiteachas a tabhaíodh ar an gcomhairle ghinearálta a fuair an tÚdarás. Tá an caiteachas sin ar áireamh sna Costais chomhairleachta thuas.

	2021 €'000	2020 €'000
Imeachtaí dlíthiúla	89	29
Íocaíochtaí réitigh agus eadrána	-	-
Socraíochtaí	-	-
	89	29

Caiteachas taistil agus cothaithe

Catagóirítear caiteachas taistil agus cothaithe mar a leanas:

	2021 €'000	2020 €'000
Taisteal agus cothú intíre		
Bord	-	4
Fostaithe	23	13
Taisteal agus cothú idirnáisiúnta		
Bord	-	-
Fostaithe	2	9
	25	26

Caiteachas fáilteachais

Áirítear an caiteachas fáilteachais seo a leanas leis an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim:

	2021 €'000	2020 €'000
Fáilteachas foirne	12	11
Fáilteachas cliant	-	-
	12	11

Ráiteas faoi chomhlíonadh

Ghlac an Bord an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus chuir sé nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh an Chóid a chinntiú. Chomhlíon an tÚdarás an Cód go hiomlán sa bhliain 2021.

Sínithe thar ceann Bhord an Údaráis Náisiúnta Iompair



An tUas. Fred Barry
Cathaoirleach



Anne Graham Uas.
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Dáta: 17 Meitheamh 2022

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021

Raon freagrachta

Thar ceann an Údaráis Náisiúnta Iompair (“an tÚdarás”), aithním an fhreagracht atá ar an mBord as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú. Agus an fhreagracht sin á comhlíonadh, tugtar aird ar cheanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (“an Cód”).

Cuspóir an chórais rialaithe inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a choinneáil ar leibhéal inghlactha, seachas deireadh a chur leis. Dá bhrí sin, ní fhéadann an córas ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar iad go cuí agus go gcoisctear earráidí ábhartha agus mírialtachtaí nó go mbraitear iad ar bhealach tráthúil.

Bhí córas rialaithe inmheánaigh, atá ag teacht leis an treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm san Údarás don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021 agus suas go dtí an dáta a ceadaíodh na ráitis airgeadais.

An cumas chun riosca a bhainistiú

Tá Coiste Iniúcháireachta agus Riosca i bhfeidhm ag an Údarás, rud a chuimsíonn triúr comhaltaí Boird, a bhfuil duine amháin díobh ina C(h)athaoirleach ar an gCoiste, agus beirt chomhaltaí seachtracha, a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúcháireachta ag duine amháin díobh. Tháinig an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca le chéile sé huaire sa bhliain 2021.

Chomh maith leis sin, chuir an tÚdarás feidhm iniúcháireachta inmheánaí ar bun trí leas a bhaint as gnólacht iniúcháireachta tríú páirtí. Tá dóthain acmhainní ag an bhfeidhm sin agus seolann sí clár oibre a chomhaontaítear leis an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca.

D’fhorbair an tÚdarás creat bainistíochta riosca agus shainigh sé beartais ghaolmhara agus nósanna imeachta gaolmhara. Leag sé amach an fonn riosca atá air freisin. Áirítear leis na nósanna imeachta bainistíochta riosca mionsonraí faoi na róil atá ag baill foirne agus na freagrachtaí atá orthu ó thaobh riosca de. Eisíodh na gnéithe cuí de na beartais bhainistíochta riosca agus de na nósanna imeachta bainistíochta riosca chuig gach pearsa san Údarás. Is é atá i gceist leis sin gach duine, agus an lucht bainistíochta go háirithe, a chur ar a n-airdeall faoi rioscaí agus laigí rialaithe atá ag teacht chun cinn agus a n-aird a tharraingt ar an gceanglas atá orthu freagracht a ghlacadh laistigh dá réimsí oibre féin. Tá Príomhoifigeach Riosca ag an Údarás, ar a bhfuil freagracht oibríochtúil as an gcreat bainistíochta riosca a riar.

An Creat Riosca agus Rialaithe

Chuir an tÚdarás córas bainistíochta riosca chun feidhme, rud lena saináithnítear agus lena dtuairiscítear na príomhrioscaí atá ann agus na gníomhartha bainistíochta a dhéantar chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir agus is cuí, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Trí phróisis bhainistíochta riosca, sainaithníodh na príomhrioscaí atá roimh an Údarás, agus tá cláir rioscaí i bhfeidhm lena dtaifeadtar na rioscaí sin. Rinneadh na rioscaí a mheas agus a ghrádú bunaithe ar a shuntasáí atá siad. Déanann an Bord agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca na cláir a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta ag gach cruinniú dá gcuid. Úsáidtear an toradh ar an obair sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh agus chun a chinntiú, a mhéid is indéanta, go gcoinnítear rioscaí ar leibhéal inghlactha.

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di:

- Taifeadadh nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó;
- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta, agus cuntasacht chomhfhreagrach ag gabháil leo;
- Tá córas buiséadaithe cuí i bhfeidhm, rud lena ngabhann buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag an lucht ardbhainistíochta agus ag an mBord;
- Tá córais i bhfeidhm a bhfuil mar aidhm leo slándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú;
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint; agus
- Cinntíonn nósanna imeachta um rialú ar chistiú deontais do ghníomhaireachtaí seachtracha go bhfuil rialú leordhóthanach ann ar dheontais a cheadú agus go ndéantar faireachán agus athbhreithniú ar dheontaithe chun a chinntiú gur úsáideadh cistiú deontais chun na críche beartaithe.

Faireachán agus athbhreithniú leanúnach

Cuireadh nósanna imeachta foirmiúla ar bun le haghaidh faireachán a dhéanamh ar phróisis rialaithe, lena n-áirítear aon easnaimh rialaithe a shainaithnítear a chur in iúl dóibh sin atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh. Tuairiscítear easnaimh don lucht bainistíochta agus don Bhord freisin. Deimhním go bhfuil na córais faireacháin leanúnaigh seo a leanas i bhfeidhm:

- Sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú;
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal mar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais; agus
- Déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe tráthrialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais ina gcuirtear an fheidhmíocht iarbhir i gcomparáid leis an mbuiséad nó leis an bhfeidhmíocht thuartha.

Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás chun a chinntiú go gcomhlíontar na rialacha agus na treoirlínte reatha maidir le soláthar agus gur chomhlíon an tÚdarás na nósanna imeachta sin sa bhliain 2021.

Úsáideann an tÚdarás dhá ardán le haghaidh néalseirbhís TF nár soláthraíodh trí thairiscint iomaíoch a fógraíodh go poiblí. Soláthraíodh na seirbhísí sin ar bhonn measúnuithe margaidh inmheánaigh a rinneadh ar chostas agus ar cháilíocht sna

blianta 2017 agus 2019, agus samhlacha costais óstála Gréasáin a bhí ar fáil go poiblí ó dhíoltóirí á n-úsáid. B'ionann agus €1m an caiteachas ar an dá ardán sa bhliain 2021 (2020: €0.7m).

Chuaigh an tÚdarás i gcomhairle leis an Oifig um Sholáthar Rialtais (“OGP”) i mí an Mheithimh 2021 maidir leis an sásra cuí le haghaidh leas a bhaint as seirbhísí néaltomhaltais. Níl aon chreat-chomhaontuithe i bhfeidhm ag OGP faoi láthair le haghaidh seirbhísí den sórt sin a sholáthar. Mhol OGP go rachfaí i gcomhairle leis an margadh chun a chinneadh cé acu a d'fhéadfaí nó nach bhféadfaí luach ar airgead a bhaint amach sula seolfá aon nós imeachta soláthair phoiblí le haghaidh seirbhísí néaltomhaltais. Sheol an tÚdarás próiseas comhairliúcháin leis an margadh trí eTenders agus trí Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh i mí Lúnasa 2021. Bunaithe ar fhionnachtana an phróisis, cinneadh, dá bhfógrófaí conradh go poiblí, gur dhóigh gur trí athdhíoltóir a sholáthrófaí seirbhísí néaltomhaltais agus go mbeadh préimh ghaolmhar i gceist leis. Tá doiciméid tairisceana á ndréachtú ag an Údarás faoi láthair. Cé go bhfuil sé beartaithe aige conarthaí le haghaidh seirbhísí néaltomhaltais a fhógairt go poiblí, forchoimeádfaidh an tÚdarás an ceart chun gan aon chonradh a dhámhachtain bunaithe ar cé acu a bhainfí nó nach mbainfí luach ar airgead amach.

Cistiú Infheistíochta Caipitil – rialuithe

B'ionann cistiú Infheistíochta Caipitil sa bhliain 2021 agus €719m (2020: €410m). Áirítear na nithe seo a leanas leis na rialuithe ar an gcistiú sin:

- A chinntiú go bhfuil tionscadail aonair ailínithe leis na ceithre chlár infheistíochta caipitil san iompar poiblí (i.e., Iompar Uirbeach Inbhuanaithe, Sábháilteacht agus Forbairt Iarnróid Throm, Bonneagar Iompair Phoiblí, agus Rothaíocht agus Siúl) agus le pleananna straitéiseacha;
- Idirchaidreamh tráthrialta a dhéanamh leis an Roinn Iompair agus cuspóirí, spriocanna, buiséid agus an cistiú atá ar fáil a shocrú i gcomhar léi, mar aon le tuairisc a thabhairt ar dhul chun cinn;
- Pleananna cur chun feidhme tionscadal a ullmhú agus a cheadú agus dlúth-idirchaidreamh a dhéanamh i leith tionscadail a phleanáil agus faireachán a dhéanamh ar ghníomhaireachtaí Stáit, ar oibritheoirí iompair agus ar údaráis áitiúla a ghníomhaíonn thar ceann an Údaráis chun na tionscadail éagsúla a chur chun feidhme;
- Doiciméid bheartais agus nósanna imeachta tionscadal a athbhreithniú agus na leasuithe ábhartha a ionchorprú laistigh de na hathruithe ar an gCód Caiteachais Phoiblí nó ar threoir earnála ábhartha eile amhail an Comhchreat Breithmheasa;
- A chinntiú go mbunaíonn an lucht ardbhainistíochta buiséid do thionscadail aonair agus go ndéanann sé faireachán orthu (lena n-áirítear gníomhaíochtaí tráthrialta réamhaisnéise) agus go ndéantar aon imeachtaí ó na buiséid sin a shainaithint agus a imscrúdú ar bhealach tráthúil. I gcás tionscadal mór, a chinntiú go dtugtar tuairisc don Bhord gach mí ar an gcaiteachas iarbhir i gcomparáid leis an mbuiséad;
- A chinntiú go rialaítear tionscadail agus cláir ar aon dul le ceanglais na dTreoirilínte ón Údarás maidir le Tionscadail a Cheadú, ina dtugtar creat le haghaidh tionscadail soghluaisteacha inbhuanaithe de gach cineál, a bhfuil gach cineál luacha caipitil orthu, agus tionscadail Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (“TFC”) atá á gcistiú ag an Údarás a fhorbairt, a bhainistiú agus a sholáthar agus ina dtugtar cur chuige céimnithe i leith déanamh amhlaidh;

- Idirchaidreamh a dhéanamh le Bord an Údaráis agus le Boird/coistí ábhartha eile amhail an Grúpa Formhaoirseachta ar Rialachas Mórthionscadal de chuid na Roinne Iompair chun treoir agus ceaduithe ábhartha a lorg agus chun tuarascálacha ar dhul chun cinn a sholáthar;
- Formhaoirseacht inmheánach atá cuí agus leordhóthanach a chinntiú; agus
- A chinntiú go bhfaightear dearbhuithe sásúla tríd an bpróiseas iniúchóireachta inmheánaí.

Cistiú Oibleagáide Seirbhíse Poiblí - rialuithe

B'ionann cistiú Oibleagáide Seirbhíse Poiblí sa bhliain 2021 agus €526m (2020: €576m). Áirítear na nithe seo a leanas leis na rialuithe ar an gcistiú sin:

- Conarthaí láidre seirbhíse le hoibritheoirí iompair phoiblí, idir chuideachtaí atá faoi úinéireacht an Stáit agus chuideachtaí príobháideacha, le haghaidh seirbhísí bus agus iarnróid a sholáthar, ar seirbhísí iad atá riachtanach ón taobh sóisialta de agus nach bhfuil, tríd is tríd, inmharthana ó thaobh na tráchtála de;
- Rialuithe láidre a chinntiú i leith ioncam táillí a bhailiú thar ceann an Údaráis;
- I gcás conarthaí móra, a chinntiú go gcuireann oibritheoirí Pleananna Cosanta loncaim faoi bhráid an Údaráis, ina mionsonraítear an dóigh a gcosnaítear ioncam;
- I gcás gach conartha mhóir, a chinntiú go ndéanann an tÚdarás Suirbhéanna ar Imghabháil Táillí chun leibhéil imghabhála táillí a iniúchadh;
- I gcás gur mó leibhéil imghabhála táillí ná tairseach shainithe, a chinntiú go bhféadfaidh an tÚdarás íocaíochtaí a asbhaint ó oibritheoirí chun an t-ioncam caillte a chúiteamh;
- Tuairisciú agus faireachán tráthrialta a dhéanamh ar phríomhtháscairí feidhmíochta, lena n-áirítear iontaofacht agus poncúlacht seirbhísí;
- Ceadú a fháil ón Údarás le haghaidh na n-athruithe uile ar na conarthaí i leith seirbhísí iompair phoiblí;
- Conarthaí i leith seirbhísí iompair phoiblí a athbhreithniú ar mhaithe le fás in úsáid iompair phoiblí a spreagadh agus ar mhaithe le freagairt d'athruithe ar an éileamh;
- Cruinnithe tráthrialta a thionól le hoibritheoirí iompair phoiblí chun a chinntiú go mbíonn seirbhísí ag freastal ar riachtanais paisinéirí agus go mbíonn siad ag baint luach ar airgead amach;
- Tuairisciú go tráthrialta do Bhord an Údaráis agus don Roinn Iompair agus idirchaidreamh a dhéanamh go tráthrialta leo; agus
- A chinntiú go bhfaightear dearbhuithe sásúla tríd an bpróiseas iniúchóireachta inmheánaí.

Bhí tionchar mór ag géarchéim Covid-19 ar an earnáil tráchtála bus. D'iarr an Roinn Iompair ar an Údarás bainistiú a dhéanamh ar na sásraí tacaíochta airgeadais a d'fhógair an tAire Iompair le haghaidh oibritheoirí tráchtála bus. I gcás oibritheoirí móra, dhámh an tÚdarás conradh Dír-Dhámhachtana éigeandála Oibleagáide Seirbhíse Poiblí i gcás go raibh cur isteach ann ar sheirbhísí nó i gcás go raibh riosca láithreach ann go mbeadh cur isteach ann ar sheirbhísí. Forbraíodh scéim cúnaimh deontais le haghaidh oibríochtaí beaga. Tríd an scéim sin, chúiteofaí oibritheoirí tráchtála bus na táillí a chaillfeadh siad de bharr na srianta a d'fhorchuir an Rialtais mar fhreagairt do ghéarchéim Covid-19. Soláthraíodh cistiú ar feadh tréimhse sé mhí sa bhliain 2020 ar dtús agus leanadh le hé a sholáthar sa bhliain 2021. Soláthraíodh cistiú arbh fhiú €28m

san iomlán é sa bhliain 2021 (2020: €32m). Cuireadh rialuithe atá cosúil leo sin atá leagtha amach thuas le haghaidh cistiú Oibleagáide Seirbhíse Poiblí i bhfeidhm i leith an chistiúcháin a soláthraíodh don earnáil tráchtála bus.

Scéim ticéadaithe chomhtháite chárta Leap - rialuithe

B'ionann an t-ioncam táillí iompair phoiblí a próiseáladh trí scéim chárta Leap agus €157m sa bhliain 2021 (2020: €163m). Áirítear na nithe seo a leanas leis na rialuithe ar an scéim:

- Tacar fairsing bailíochtuithe idirbheart córais a chur i gcrích ar gach idirbheart táille a phróiseáiltear i gcórais chárta Leap;
- Creat cuimsitheach rialuithe airgeadais/imréiteach airgeadais a chothabháil go leanúnach. I measc cuspóirí eile, tá siad sin deartha chun teacht ar aon aimhrialtachtaí idir córais chárta Leap nó sna gluaiseachtaí airgeadais ar fud scéim chárta Leap;
- Tacar cuimsitheach beart slándála a chur san áireamh chun rochtain a rialú, chun leochaileachtaí a bhrath agus chun teacht ar iompraíochtaí aimhrialta neamhghnácha ar an ngréasán. Mar chuid den obair sin, déantar roinnt athbhreithnithe agus iniúchtaí slándála ar an gcóras, lena n-áirítear bréagionsaithe tástála slándála;
- Sraith chuimsitheach príomhtháscairí feidhmíochta (táscairí airgeadais, oibríochtúla, TFC, etc.) a chothabháil go leanúnach chun aird a tharraingt ar aon treochtaí neamhghnácha gnó;
- Athbhreithniú leanúnach feidhmíochta a bheith á dhéanamh ag lucht bainistíochta na scéime agus ag foireann ardbhainistíochta an Údaráis ar sholáthraithe seirbhísí, mar aon le dlúth-idirchaidreamh a dhéanamh leis na hoibritheoirí iompair atá páirteach;
- Roinnt beart leanúnachais gnó agus athshlánaithe ó thubaiste a chur ar áireamh chun athléimneacht agus dearbhú ó thaobh leanúnachais gnó de a sholáthar; agus
- Athbhreithniú bliantúil Chaighdeán Idirnáisiúnta um Dhearbhuille Lontaofachta ("ISAE") 3402 a bheith á dhéanamh ag iniúcháirí seachtracha, ar athbhreithniú é ina gcumhdaítear na gnéithe den scéim atá faoi rialú agus faoi bhainistiú ag an Údarás. Comhlánaítear an t-athbhreithniú sin le hathbhreithnithe a dhéantar ar na móroibritheoirí iompair atá páirteach, ar athbhreithnithe iad a dhéanann iniúcháirí neamhspleácha na n-oibritheoirí sin agus ina gcumhdaítear na gnéithe den scéim atá faoi rialú agus faoi bhainistiú ag na hoibritheoirí iompair.

Sócmhainní Feithiclí Paisinéirí Bóthair – rialuithe

Bhí glanluach leabhar €339m ar Fheithiclí Paisinéirí Bóthair sa bhliain 2021 (2020: €227m). Áirítear na nithe seo a leanas leis na rialuithe ar na sócmhainní sin:

- A chinntiú go gcuirtear na rialacháin uile ón Aontas Eorpach maidir le soláthar poiblí i bhfeidhm, agus go gcomhlíontar na rialacháin sin, agus Feithiclí Paisinéirí Bóthair á gceannach;
- Ról gníomhach a thabhairt d'fhoirne soláthair i ngach gné d'Fheithiclí Paisinéirí Bóthair a sholáthar;
- Ceadú a fháil ón mBord le haghaidh conarthaí a dhámhtar i leith ceannach Feithiclí Paisinéirí Bóthair ag an Údarás i gcás gur mó a luach ná tairseacha ceadúcháin an Bhoird;

- A chinntiú go ndéantar seirbhísí a cuireadh amach ar thairiscint iomaíoch agus na socruithe le haghaidh Feithiclí Paisinéirí Bóthair a aistriú chuig an Oibritheoir Iompair a chur ar áireamh mar chroífhóráil i ngach Conradh, áit a bhfuil freagrachtaí an Oibritheora i leith bainistíocht sócmhainní leagtha amach go soiléir;
- I gcás conarthaí dír-dhámhachtana, a chinntiú go bhfuil comhaontuithe i bhfeidhm le haghaidh Feithiclí Paisinéirí Bóthair a aistriú chuig an Oibritheoir faoi shocruithe léasaithe. Mionsonraítear sna comhaontuithe atá i bhfeidhm na ceanglais chothabhála le haghaidh an fhlít busanna;
- Cigireachtaí mionsonraithe ar Fheithiclí Paisinéirí Bóthair a bheith á ndéanamh ag sainchonraitheoir ag iostaí;
- Tuarascálacha ráithiúla a fháil ó na hoibritheoirí maidir leis na Feithiclí Paisinéirí Bóthair, lena n-áirítear aon fadhbanna a tháinig chun cinn i ndáil le sócmhainní a oibriú, a chothabháil nó a dheisiú, agus fianaise a fháil gur cuireadh fadhbanna a bhaineann le sócmhainní i láthair ar leithligh laistigh de na tuarascálacha;
- A chinntiú go bhfuil rialuithe láidre i bhfeidhm maidir le sócmhainní a shainaithint, a thaifeadadh agus a aicmiú, lena n-áirítear clár mionsonraithe sócmhainní seasta a chothabháil, ar clár é a thugtar cothrom le dáta, a réitítear agus a dtugtar tuairisc air gach mí; agus
- Cosaint sócmhainní a chinntiú trí idirphlé leanúnach a dhéanamh leis na hoibritheoirí iompair maidir le húsáid an fhlít, lena n-áirítear athbhreithnithe fíorúcháin fisiciúla bliantúla agus deimhnithe ó oibritheoirí iompair maidir le riocht agus stádas an fhlít, lena gcumhdaítear aon tásca ar bhearnú.

Cibearshlándáil

Chuir an tÚdarás roinnt rialuithe cibearshlándála i bhfeidhm chun cibir-rioscaí a mhaolú agus chun aon bhagairtí cibearshlándála amach anseo a réamh-mheas. Chun tacar rialuithe slándála atá athléimneach i leith cibearbhagairtí a bhaint amach, chuir an tÚdarás na socruithe seo a leanas i bhfeidhm:

- A chinntiú go gcuirtear próisis rialachais, riosca agus chomhlíonta cibearshlándála chun feidhme go héifeachtach ar fud an Údaráis agus go dtuairiscítear go héifeachtach don Phríomhoifigeach Faisnéise, don Lucht Ardbhainistíochta, don Choiste Iniúcháireachta agus Riosca agus don Bhord ina leith, de réir mar is cuí agus de réir minicíocht shainithe. Chuir an tÚdarás rialuithe slándála chun feidhme ar aon dul le creat Cibearshlándála na hInstitiúide Náisiúnta um Chaighdeán agus Teicneolaíocht, agus iad bunaithe ar chúig fheidhm slándála (Sainaithin, Cosain, Braith, Freagair, Athshlánaigh). Tacaíonn foireann slándála an Údaráis le comhlíonadh Chaighdeán Slándála Sonraí an Tionscail Cártáil Íocaíochta, an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí, na Treorach um Shlándáil Gréasán agus Faisnéise agus Chaighdeán Bonnlíne Cibearshlándála Earnáil Phoiblí na hÉireann freisin;
- Próisis bhainistíochta leochaileachta a chur chun feidhme go héifeachtach chun a chinntiú go sainaithnítear na leochaileachtaí slándála uile, go rianaítear iad, go measúnaítear iad agus go nglactar leo ó thaobh riosca de agus go réitítear iad de réir an bheartais chomhaontaithe bainistíochta leochaileachta agus paiste;
- A chinntiú go mbainistítear gach teagmhas slándála agus gach sárú sonraí go héifeachtach tríd an bpróiseas bainistíochta teagmhais;
- Seasamh slán a sholáthar ar an néal agus ar an áitreabh araon trínár gcuid líonraí,

bonneagair agus feidhmchlár a dhaingniú agus trí chleachtais slándála tionscail atá sainithe ag ár soláthraithe néalseirbhíse a chur chun feidhme;

- Inniúlachtaí faireacháin slándála agus inniúlachtaí faisnéise bagartha a chur chun feidhme chun a chinntiú go bhfuil an tÚdarás in ann bagairtí slándála a shainaithint ag luathchéim agus na bagairtí sin a réamh-mheas agus ár gcuid líonraí, bonneagair agus feidhmchlár a chosaint ag an am céanna;
- Tacar cuimsitheach beart slándála a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go ndéantar leanúnachas gnó agus athshlánú ó thubaiste a bhainistiú trí phróisis shonracha agus go gcumasaítear iad le réitigh chuí theicneolaíochta. Déantar tástáil leanúnach ar ár bpleananna leanúnachais gnó agus ár bpleananna athshlánaithe ó thubaiste agus athbhreithnítear iad gach bliain chun a chinntiú go bhfuil siad cothrom le dáta agus oiriúnach don fheidhm;
- A chinntiú go soláthraítear rochtain úsáideora ar aon dul lenár mbeartais inmheánacha agus go sanntar rochtain bhailí d'úsáideoirí caighdeánacha agus d'úsáideoirí faoi phribhléid, i gcomhréir leis an bprionsabal gnó um “eolas ar bhonn riachtanais”;
- Athbhreithnithe bainistíochta riosca tríú páirtí a dhéanamh go tráthrialta ar ár soláthraithe agus ár gcomhpháirtithe straitéiseacha chun rioscaí a shainaithint ar bhonn leanúnach a luaite a chuirtear tús le tionscadal. Déantar príomhtháscairí feidhmíochta conarthacha cuí a shainiú agus a thomhas gach mí freisin. Chuir an fhoireann slándála roinnt ciseal cosanta chun feidhme chun formhaoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh conartha ó thaobh cúrsaí slándála de agus ó thaobh leithscaradh dualgas de araon ionas gur féidir léi comhairle éifeachtach a chur ar an bhfoireann TF maidir le rialuithe slándála cuí a chur chun feidhme;
- Cloítear lenár modheolaíocht shlán trí dhearadh agus mar réamhshocrú inár dtionscadail uile agus cuirtear rialuithe slándála i bhfeidhm i dtús gach gníomhaíochta tionscadail nó soláthair. Leagadh ár seirbhísí comhairleacha agus ailtireachta amach chun go n-áireofaí leo gach céim de na treoirlínte ón Údarás maidir le Tionscadail a Cheadú. Rannchuidíonn ár bhfoireann oifigeach agus ailtirí slándála leis an obair sin trí rialuithe slándála a chur i bhfeidhm agus trí mholtaí slándála a chur in iúl;
- A chinntiú go bhfaigheann gach fostaí de chuid an Údaráis oiliúint feasachta slándála tráth an ionduchtúcháin agus ar bhonn bliantúil. Seoltar ríomhphoist feasachta agus comhairle go tráthrialta chuig fostaíthe freisin, bunaithe ar an tírdhreach dinimiciúil cibearbhagartha;
- Tabhairt faoi fheachtais mhíosúla fioscaireachta “ionsamhlaithe” i gcomhar le fostaíthe an Údaráis chun an bhagairt fioscaireachta a thomhas go leanúnach, agus oiliúint bhreise a sholáthar, más gá;
- Rialuithe príobháideachta sonraí agus cosanta sonraí a chur chun feidhme go leanúnach inár gcuid oibríochtaí agus próiseas slándála – amhail aicmiú sonraí, athbhreithnithe ar chaillteanas sonraí a chosc agus faireachán slándála – chun comhlíonadh an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí a chinntiú agus chun a chinntiú go dtacaíonn bearta leordhóthanacha teicniúla agus eagraíochtúla leis an gcomhlíonadh sin.

Covid-19

Bhí tionchar suntasach ag paindéim Covid-19 ar ghníomhaíochtaí an Údaráis sa bhliain 2021, ar lena linn a tháinig laghdú mór ar an éileamh ar sheirbhísí iompair agus a

d'oiibrigh baill foirne go cianda. Tugadh rialuithe isteach chun a chinntiú nach mbeadh aon mheath ann sa timpeallacht rialaithe. Áiríodh iad seo a leanas leis na gníomhartha ina leith sin:

- Cumarsáid thráthrialta a dhéanamh le hoibritheoirí iompair agus le soláthraithe eile seirbhísí don Údarás maidir leis an tionchar a bhí á imirt ag paindéim Covid-19 orthu agus measúnú a dhéanamh ar an tionchar sin;
- Trí chumarsáid ón lucht bainistíochta, béim a chur ar fheasacht a mhéadú i measc an lucht bainistíochta agus baill foirne ar an tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith ag paindéim Covid-19 ar an timpeallacht rialaithe;
- Tacú leis an obair ón mbaile trí threalamh, ardáin agus naisc shlána TF agus tacaí eile foirne a sholáthar chun timpeallacht shlán oibre a chruthú i láithreacha cianda;
- Córas DocuSign a oibriú chun síniú/ceadú cianda a éascú i dtimpeallacht shlán;
- Clár rioscaí a oibriú chun na rioscaí a ghabhann le paindéim Covid-19 a shainaithint go sonrach agus na gníomhartha maolaithe atá riachtanach a fhorbairt agus a chur chun feidhme;
- Clár rioscaí soláthraithe a oibriú chun sainaithint a dhéanamh ar aon rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann don Údarás i slabhra an tsoláthair;
- Scrúdú agus measúnú cuimsitheach a dhéanamh ar an doiciméad 'Léargais OCAG: Tionchar Covid-19 ar do thimpeallacht rialaithe';
- Athbhreithniú a dhéanamh ar rialuithe le linn na tréimhse chun a chinntiú go raibh siad fós láidir;
- Athbhreithnithe thráthrialta a bheith á ndéanamh ag an lucht bainistíochta, ag an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca agus ag an mBord;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar phleananna gnó agus ar bhuiséid ghnó, lena n-áirítear riachtanais chistiúcháin;
- Cumarsáid thráthrialta a dhéanamh leis an Roinn Iompair.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Údarás atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil, déanann siad eolas d'fhaireachán agus athbhreithniú an Údaráis ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh.

Deimhním gur thug an Bord faoi athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha don bhliain 2021 i mí Feabhra 2022.

Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh

Níor sainaithníodh sa rialú inmheánach i dtaca leis an mbliain 2021 aon laigí is gá a nochtadh sna ráitis airgeadais.

Caiteachas ar Thionscadal TaxSaver

Sa bhliain 2019, chuir an tÚdarás Náisiúnta Iompair tairiscint amach le haghaidh réitigh agus seirbhísí gaolmhara chun seirbhís láraithe TaxSaver a dhearadh, a fhorbairt, a choimisiúnú, a oibriú, a fhothú agus a chothabháil. Tháinig athrú ar phatrúin taistil de dheasca phaindéim Covid-19, toisc nach gá d'fhormhór chustaiméirí TaxSaver taisteal cúig lá in aghaidh na seachtaine a thuilleadh. Mar thoradh air sin, measadh nach mbeadh an réiteach láraithe a bhí beartaithe do thionscadal TaxSaver faoin bpróiseas soláthair bunaidh oiriúnach a thuilleadh chun freastal ar na socruithe hibrídeacha oibre/taistil atá ag teacht chun cinn. Cheadaigh an Bord foirceannadh an tionscadail sin i mí an Mhárta 2022. Déanfaidh sé iniúchadh anois ar réitigh mhalartacha a fhorbairt atá níos oiriúnaí don mhodh maireachtála nua. Tabhaíodh €1.5m ar chostais tionscadail idir na blianta 2019 agus 2022, lenar áiríodh costais acmhainne agus tacaíochta (€1.3m) agus íocaíocht garsprice tosaigh a rinneadh leis an díoltóir (€0.2m).

Sínithe thar ceann Bhord an Údaráis Náisiúnta Iompair



An tUas. Fred Barry
Cathaoirleach



Anne Graham Uas.
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Dáta: 17 Meitheamh 2022



Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Údarás Náisiúnta Iompair

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Údaráis Náisiúnta Iompair don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021, mar a cheanglaítear faoi fhorálacha alt 32 den Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008 (arna leasú). Cuimsíonn na ráitis airgeadais

- an ráiteas faoi ioncam agus caiteachas agus cúlchistí coinnithe ioncaim
- an ráiteas faoi ioncam cuimsitheach
- an ráiteas faoin staid airgeadais
- an ráiteas faoi shreabhadh airgid agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

I mo thuairim, tugtar sna ráitis airgeadais léargas fírinneach cóir ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Údaráis Náisiúnta Iompair ag an 31 Nollaig 2021 agus ar a ioncam agus a chaiteachas don bhliain 2021 de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 – *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann*.

Bonn na tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúcháireacht arna bhfógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nUasfhoras Iniúcháireachta. Tá cur síos déanta san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin. Táim neamhspleách ar an Údarás Náisiúnta Iompair agus chomhlíon mé na freagrachtaí eiteiciúla eile atá orm de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor agus cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé chun bonn a thabhairt do mo thuairim.

Tuarascáil ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais agus ar ábhair eile

Chuir an tÚdarás Náisiúnta Iompair faisnéis áirithe eile i láthair i dteannta na ráiteas airgeadais. Cuimsíonn an fhaisnéis sin an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas rialachais agus tuarascáil na gcomhaltaí Boird, agus an ráiteas faoi rialú inmheánach. Tá cur síos déanta san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm tuairisciú ar fhaisnéis den sórt sin agus ar ábhair áirithe eile ar a dtuairiscím trí eisceacht.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus McCarthy
Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

24 Meitheamh 2022

Freagrachtaí na gcomhaltaí Boird

Mar atá leagtha amach sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil na gcomhaltaí Boird, tá na comhaltaí Boird freagrach as na nithe seo a leanas

- ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú san fhoirm a fhorordaítear faoi alt 32 den Acht um Údarás Lompair Bhaile Átha Cliath 2008 (arna leasú)
- a chinntiú go dtugtar léargas firinneach cóir sna ráitis airgeadais de réir FRS 102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- a mheasúnú cé acu is cuí nó nach cuí bonn gnóthais leantaigh na cuntasaióchta a úsáid, agus
- cibé rialú inmheánach a mheasann siad a bheith riachtanach chun ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhiráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 32 den Acht um Údarás Lompair Bhaile Átha Cliath 2008 (arna leasú) ráitis airgeadais an Údarais Náisiúnta lompair a iniúchadh agus tuairisciú orthu do Thithe an Oireachtais.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhiráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a bhraithfear mhiráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúcháireacht. Is féidir le mírátis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más rud é, ina n-aonar nó sa chomhiomlán, go bhféadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn na ráiteas airgeadais sin.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúcháireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinnim sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaitheint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha a bheith sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúcháireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bonn a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúcháireachta a cheapadh atá cuí sna himthosca, seachas chun tuairim a chur in iúl ar a éifeachtaí atá na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim meastóireacht ar a chuí atá na beartais chuntasaíochta a úsáideadh agus ar a réasúnaí atá na meastacháin chuntasaíochta agus an nochtadh gaolmhar.

- Déanaim cinneadh ar a chuí atá sé bonn gnóthais leantaigh na cuntasaióchta a úsáid agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas, déanaim cinneadh ar cé acu is ann nó nach ann d'éiginnteacht ábhartha a bhaineann le heachtraí nó dálaí a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar an gcumas atá ag an Údarás Náisiúnta lompair leanúint de bheith ag feidhmiú mar ghnóthas leantach. Má chinnim gurb ann d'éiginnteacht ábhartha, ceanglaítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar an nochtadh gaolmhar sna ráitis airgeadais nó, i gcás nach leor an nochtadh sin, ceanglaítear orm mo thuairim a athrú. Tá mo chinntí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas suas go dáta mo thuarascála. Mar sin féin, d'fhéadfadh eachtraí nó dálaí amach anseo a chur faoi deara go scoirfeadh an tÚdarás Náisiúnta lompair de bheith ag feidhmiú mar ghnóthas leantach.
- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear an nochtadh, agus ar cé acu a chuirtear nó nach gcuirtear na hidirbhearta agus na heachtraí bunúsacha i láthair ar bhealach cóir sna ráitis airgeadais.

Déanaim cumarsáid leis na daoine sin a gcuirtear de chúram orthu plé le rialachas maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnamh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht freisin i gcás, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile atá curtha i láthair sna ráitis airgeadais sin, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I ndáil le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúcháireacht an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu atá nó nach bhfuil an fhaisnéis eile neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó cé acu is cosúil nó nach cosúil ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha uirthi. Más rud é, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha ar an bhfaisnéis eile sin, ceanglaítear orm an fóras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na tosca speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena n-oibriú. Tuairiscím i gcás go sainaithním ábhair ábhartha a bhaineann leis an dóigh ar seoladh gnó poiblí.

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Tuairiscím i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh idirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021


	Nótaí	2021 €'000	2020 €'000
Ioncam			
Deontais ón Oireachtas			
Cistiú Oibleagáide Seirbhíse Poiblí	2.1	525,530	576,367
Cistiú don Scéim Tacaíochta le haghaidh Oibritheoirí Tráchtála Bus	2.2	27,528	32,304
Cistiú Infheistíochta Caipitil	2.3	719,327	410,119
Scéimeanna Eile Iompair	2.4	28,054	18,607
Deontas riaracháin	2	32,617	16,018
Ioncam Táillí	3	195,746	18,232
Ioncam Ticéadaithe agus Teicneolaíochta	4	256	1,402
Ioncam ceadúnúcháin	5	2,209	5,116
Glanchistiú iarchurtha le haghaidh sochair scoir	16.3	3,807	2,739
Ioncam eile	6	4,194	4,099
Ioncam iomlán		1,539,268	1,085,003
Caiteachas			
Caiteachas Oibleagáide Seirbhíse Poiblí	7	694,810	579,096
Caiteachas ar an Scéim Tacaíochta le haghaidh Oibritheoirí Tráchtála Bus	7.1	25,958	32,562
Caiteachas Ticéadaithe agus Teicneolaíochta	7.2	24,964	25,622
Caiteachas Infheistíochta Caipitil	8	595,923	349,431
Caiteachas eile deontais	9	28,723	19,163
Caiteachas eile clár	10	2,204	2,551
Caiteachas ceadúnúcháin	11	5,197	3,654
Baill foirne, baill foirne ar iasacht, agus seirbhísí socrúcháin sheachfhoinisithe	12	22,112	18,591
Costais chóiríochta oifige	13	2,870	2,649
Costais eile riaracháin	14	7,726	7,169
Costas sochair scoir	15	3,507	2,770
Caiteachas iomlán		1,413,994	1,043,258
Barrachas don bhliain roimh Leithreasuithe		125,274	41,745
Aistriú chuig an gcuntas caipitil	22	(115,691)	(39,237)
Barrachas don bhliain tar éis Leithreasuithe		9,583	2,508
Iarmhéid a tugadh ar aghaidh ag an 1 Eanáir		1,485	(1,023)
Iarmhéid a tugadh ar aghaidh ag an 31 Nollaig		11,068	1,485

Tá nótaí 1 go 33 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Sínithe thar ceann Bhord an Údaráis Náisiúnta Iompair



An tUas. Fred Barry
Cathaoirleach



Anne Graham Uas.
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Dáta: 17 Meitheamh 2022

Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021

	Nótaí	2021 €'000	2020 €'000
Barrachas don bhliain		9,583	2,508
Ioncam cuimsitheach eile			
Atomhas ar an nglanoibleagáid sochair shainithe	16.2	(3,920)	(7,892)
Coigeartú ar chistiú iarchurtha sochair scoir	16.2	3,920	7,892
Barrachas aitheanta iomlán don bhliain		9,583	2,508

Tá nótaí 1 go 33 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Sínithe thar ceann Bhord an Údaráis Náisiúnta Iompair



An tUas. Fred Barry
Cathaoirleach



Anne Graham Uas.
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Dáta: 17 Meitheamh 2022

Ráiteas faoin Staid Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021

	Nótaí	2021 €'000	2020 €'000
Sócmhainní Seasta			
Sócmhainní doláimhsithe	17	25,031	25,564
Réadmhaoin, gléasra agus trealamh	18	350,341	237,846
		375,372	263,410
Sócmhainní Reatha			
Suimeanna infhaighte	19	11,021	5,494
Airgead agus coibhéisí airgid		58,459	46,316
		69,480	51,810
Suimeanna iníoctha: a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin	20	(60,867)	(57,180)
Glansócmhainní reatha/(glandliteanais reatha)		8,613	(5,370)
Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha		383,985	258,040
Oibleagáidí sochair scoir	16.2	(61,849)	(54,122)
Sócmhainn cistiúcháin iarchurtha sochair scoir	16.2	61,849	54,122
Suimeanna iníoctha a bheidh dlite tar éis níos mó ná bliain amháin	21	(971)	(300)
Glansócmhainní iomlána		383,014	257,740
Maoinithe ag			
Cuntas caipitil	22	371,946	256,255
Cúlchistí coinnithe ioncaim		11,068	1,485
		383,014	257,740

Tá nótaí 1 go 33 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Sínithe thar ceann Bhord an Údaráis Náisiúnta Iompair



An tUas. Fred Barry
Cathaoirleach



Anne Graham Uas.
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Dáta: 17 Meitheamh 2022

Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021

	Nótaí	2021 €'000	2020 €'000
Glansreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin			
Barrachas ioncaim thar chaiteachas		9,583	2,508
Aistrithe cuntais chaipitil – sócmhainní seasta	22	115,691	39,237
Amúchadh sócmhainní doláimhsithe	17	6,830	11,301
Bearnú sócmhainní doláimhsithe	17	1,178	-
Dímheas réadmhaoin, gléasra agus trealamh	18	37,394	22,225
Coigeartú le haghaidh athaicmiú sócmhainní seasta		207	255
Caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní seasta	14	-	143
Ús bainc is iníoctha		295	139
(Méadú)/laghdú i suimeanna infhaighte	19	(5,527)	2,657
Méadú i suimeanna iníoctha	20,21	4,358	6,069
Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		170,009	84,534
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta			
Íocaíochtaí chun sócmhainní doláimhsithe a cheannach	17	(8,538)	(8,678)
Íocaíochtaí chun réadmhaoin, gléasra agus trealamh a cheannach	18	(149,033)	(68,699)
Glansreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta		(157,571)	(77,377)
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoiniúcháin			
Ús bainc a íocadh		(295)	(139)
Glansreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoiniúcháin		(295)	(139)
Glanmhéadú in airgead agus i gcoibhéisí airgid sa bhliain		12,143	7,018
Airgead agus coibhéisí airgid ag an 1 Eanáir		46,316	39,298
Airgead agus coibhéisí airgid ag an 31 Nollaig		58,459	46,316

Tá nótaí 1 go 33 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Sínithe thar ceann Bhord an Údaráis Náisiúnta Iompair



An tUas. Fred Barry
Cathaoirleach



Anne Graham Uas.
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Dáta: 17 Meitheamh 2022

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021

1. Beartais chuntasaíochta

Tá na boinn chuntasaíochta agus na beartais shuntasacha chuntasaíochta ar ghlac an tÚdarás iad leagtha amach thíos.

a) Ginearálta

Tá ceannoifig an Údaráis lonnaithe i nDún Scéine, Lána Fhearchair, Baile Átha Cliath 2. Tá sé mar phríomhchuspóir ag an Údarás córas éifeachtúil, inrochtana agus comhtháite iompair a áirithiú i gceantair thuaithe agus uirbeacha na hÉireann. Tá freagracht ar an Údarás freisin as rialáil a dhéanamh ar sheirbhísí amhail seirbhísí iompair bus poiblí tráchtála agus Beagfheithiclí Seirbhíse Poiblí (“SPSV”).

Is eintiteas leasa phoiblí é an tÚdarás.

Is é Euro an t-airgeadra ina gcuirtear na ráitis airgeadais seo i láthair agus airgeadra feidhmiúil na ráiteas airgeadais seo. Slánaíodh gach suim sna ráitis airgeadais go dtí an €1,000 is gaire.

b) Bonn an ullmhúcháin

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an Údaráis don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021 i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme agus i gcomhréir le FRS 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais sa Ríocht Aontaithe.

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm a cheadaigh an tAire Iompair le comhthoiliú an Aire Airgeadais faoin Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath, 2008. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

c) Airgeadra eachtrach

Idirbhearta agus iarmhéideanna

Le linn ráitis airgeadais an Údaráis a ullmhú, déantar idirbhearta in airgeadraí seachas airgeadra feidhmiúil an Údaráis a aithint de réir an spotráta ag dátaí na n-idirbheart nó de réir meánráta i gcás go bhfuil an ráta sin gar don ráta iarbhír ag dáta an idirbhirt. Ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe, déantar míreanna airgeadúla atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha a athaistriú de réir na rátaí is infheidhme ag an dáta sin. Maidir le míreanna neamhairgeadúla a thomhaistear de réir costas stairiúil in airgeadra eachtrach, ní dhéantar iad a athaistriú.

Aithnítear difríochtaí malairte sa Ráiteas faoi loncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe loncaim sa tréimhse ina dtagann siad chun cinn, seachas difríocht malairte i leith ceannach sócmhainní seasta a scaoiltear chuig an Ráiteas faoi loncam agus Caiteachas thar shaolré na sócmhainne ábhartha.

d) Loncam

Deontais ón Oireachtas

Aithnítear ioncam sa Ráiteas faoi loncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe loncaim ar bhonn fáiltas airgid. I gcás go bhfuil coinníoll sonracha a bhaineann le feidhmíocht amach anseo ag gabháil le gné éigin den chistiú, aithnítear an t-ioncam

sin nuair a chomhlíontar an coinníoll. Tá mionsonraí faoi na foinsí agus na cineálacha deontais don bhliain 2021 leagtha amach thíos:

Roinn	Cineál Deontais
RI* - Vóta	Deontais reatha - fo-mhírcheann B9
RI* - Vóta	Cistiú Oibleagáide Seirbhíse Poiblí - fo-mhírcheann B7.1
RI* - Vóta	Iompar Uirbeach Inbhuanaithe - fo-mhírcheann B8.1
RI* - Vóta	Sábháilteacht agus forbairt iarnróid throm - fo-mhírcheann B8.2
RI* - Vóta	Bonneagar iompair phoiblí - fo-mhírcheann B8.3
RI* - Vóta	Rothaíocht agus siúl - fo-mhírcheann B8.5
RI* - Vóta	Deontas um thaisteal níos cliste - fo-mhírcheann B8.3
RI* - Vóta	Deontas do scoileanna glasa - fo-mhírcheann B8.3
RI* - Vóta	Deontais Iompair Tuaithe - fo-mhírcheann B7.2
RI* - Vóta	Laghdú Carbóin (deontais le haghaidh Beagfheithiclí Leictreacha Seirbhíse Poiblí) - fo-mhírcheann B6
RCS** - Vóta	Cistiú do shaorthaisteal - fo-mhírcheann A40

* An Roinn Iompair (“RI”)

** An Roinn Coimirce Sóisialaí (“RCS”)

Is ionann an cuntas caipitil agus an chuid neamhamúchta den ioncam a úsáideadh chun críocha caipitil. Cistítear sócmhainní seasta as ioncam deontais a aistrítear chuig an gcuntas caipitil agus a amúchtar ar aon dul le hamúchadh sócmhainní doláimhsithe agus le dímheas réadmhaoine, gléasra agus trealaimh.

Ceadúnú

Baineann sé seo le hioncam a eascraíonn as ceadúnú feithiclí/tiománaithe, as gníomhaíochtaí measúnachta agus forfheidhmiúcháin maidir le rialáil beagfheithiclí seirbhíse poiblí agus as ceadúnú seirbhísí bus poiblí tráchtála. Aithnítear ioncam ar bhonn fáltas airgid.

Scéim chárta Leap TFI (“Bonneagar d’Éirinn”)

I mblianta roimhe, d’eascair ioncam as athmhuipearú costas oibriúcháin ar na hoibritheoirí iompair atá páirteach i scéim chárta Leap TFI. Cuireadh athmhuipearú costas oibriúcháin ar oibritheoirí tráchtála bus ar fionraí le linn na bliana 2020 de dheasca phaindéim Covid-19. Leanadh leis an bhfionraí sin sa bhliain 2021. Ba tríd an deontas Oibleagáide Seirbhíse Poiblí a cistíodh costais oibritheoirí Luas agus Chóras Iompair Éireann.

Fógraíocht ar scáthláin bhus

Baineann sé seo le hioncam a eascraíonn as spás fógraíochta ar scáthláin bhus a dhíol. Aithnítear ioncam ar bhonn fabhrúithe.

Ioncam ó shaoráidí páirceála cóistí

Baineann sé seo le hioncam a eascraíonn as úsáid na saoráide páirceála cóistí ag oibritheoirí cóistí, de réir na rátaí is infheidhme. Aithnítear ioncam ar bhonn fabhrúithe.

An scéim réigiúnach rothar

Eascaíonn ioncam as rothair a ligean ar fruiliú agus as spás fógraíochta a dhíol. Aithnítear ioncam ar bhonn fabhrúithe.

e) Ioncam táillí

Sa bhliain 2021, rinneadh na conarthaí dír-dhámhachtana atá i bhfeidhm ag an Údarás le Bus Átha Cliath agus le Bus Éireann a aistriú ó chonarthaí glanchostais ina gconarthaí ollchostais. Faoi chonarthaí ollchostais, coinníonn an tÚdarás ioncam táillí. I mblianta roimhe, choinnigh an t-oibritheoir an t-ioncam sin. Tá ag an Údarás roinnt conarthaí le haghaidh seirbhísí poiblí do phaisinéirí a sholáthar freisin, ar conarthaí iad a cuireadh amach ar thairiscint iomaíoch. Áirítear leo sin na seirbhísí sin ar oibrigh Bus Átha Cliath agus Bus Éireann iad roimhe sin mar chuid dá gconarthaí dír-dhámhachtana. Is é an tÚdarás, agus ní an t-oibritheoir, a shocraíonn nithe amhail táillí, minicíocht agus sceidealú go fóill. Baineann an tÚdarás úsáid as an ioncam sin agus as cistiú deontais ón Oireachtas chun gníomhaíochtaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí a chistiú.

Faigheann an tÚdarás ioncam táillí ó sheirbhísí poiblí do phaisinéirí a n-oibríonn Bus Átha Cliath agus Bus Éireann iad faoi chonarthaí dír-dhámhachtana agus ó sheirbhísí poiblí do phaisinéirí a cuireadh amach ar thairiscint iomaíoch. Aithníonn an tÚdarás ioncam trína shruthanna difriúla ioncaim mar a leanas:

Airgead ar Bhord Busanna:

Aithnítear ioncam airgid ag an bpointe díola, arb é an lá ar a soláthraítear an tseirbhís é.

Ioncam ríomhsparáin ó scéim ticéadaithe chomhtháite Chárta Leap TFI:

Aithnítear ioncam ríomhsparáin ó scéim ticéadaithe chomhtháite Chárta Leap TFI ar an lá ar a soláthraítear an tseirbhís.

TaxSaver:

Aithnítear ticéid bhliantúla TaxSaver go cothrom thar na tréimhsí sa bhliain lena mbaineann na táirgí.

Ioncam ón Roinn Coimirce Sóisialaí:

Faighítear ioncam ón Roinn Coimirce Sóisialaí gach mí agus aithnítear é sa mhí lena mbaineann sé.

Faighítear na fáлтаis ioncaim i riaráiste.

f) Ús infhaighte/ús iníoctha

Aithnítear ioncam úis nó caiteachas úis ar bhonn fabhruithe.

g) Caiteachas deontais

Déantar caiteachas sa bhliain a aithint ar bhonn na suimeanna a eisíoctar le deontaithe agus ar bhonn na gcostas a thabhaítear le haghaidh tionscadail a gcuireann an tÚdarás chun feidhme go díreach iad.

h) Sócmhainní doláimhsithe

Luaitear sócmhainní doláimhsithe de réir a gcostais stairiúil nó a luachála stairiúla, lúide amúchadh carntha. Muirearaítear amúchadh ar an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim de réir méid cothrom, de réir na rátaí atá leagtha amach thíos, arna ríomh chun díscríobh a dhéanamh ar na sócmhainní arna gcoigeartú i leith luach iarmharach thar a saolré úsáideach thuartha. Muirearaítear amúchadh bliana iomláine ar shuim iomlán na sócmhainní seasta doláimhsithe uile sa bhliain ina

bhfaightear iad, agus ní mhuirearaítear aon amúchadh i mbliain na diúscartha.

Bogearraí córas iompair	10% - 20% de réir méid cothrom
Bogearraí bonneagair iompair	10% - 20% de réir méid cothrom
Bogearraí trealamh oifige	20% de réir méid cothrom

Déantar luach iarmharach, saolré úsáideach agus modh amúchta sócmhainní doláimhsithe a athbhreithniú gach bliain agus coigeartaítear go hionchasach iad, más cuí.

Maidir le hathruithe i saolré úsáideach thuartha nó patrún tuartha úsáide na sochar eacnamaíoch amach anseo atá ag gabháil leis an tsócmhainn, breithnítear iad chun an tréimhse amúchta nó an modh amúchta, de réir mar is cuí, a mhionathrú agus caitear leo mar athruithe i meastacháin chuntasaíochta.

Aithnítear costais forbartha bogearraí mar shócmhainn dholáimhsithe i gcás go dtaispeántar gur comhlíonadh na critéir uile seo a leanas:

- An fhéidearthacht theicniúil a bhaineann le forbairt na mbogearraí a chur i gcrích chun go mbeidh siad ar fáil lena n-úsáid nó lena ndíol;
- An rún chun na bogearraí a chur i gcrích agus iad a úsáid nó a dhíol;
- An cumas chun na bogearraí a úsáid nó iad a dhíol;
- An fháil ar acmhainní leordhóthanacha teicniúla agus airgeadais agus ar acmhainní leordhóthanacha eile chun an fhorbairt a chur i gcrích agus chun na bogearraí a úsáid nó a dhíol; agus
- An cumas chun an caiteachas atá inchurtha i leith na mbogearraí agus iad á bhforbairt a thomhas ar bhealach iontaofa.

i) Réadmhaoín, gléasra agus trealamh

Luaitear Réadmhaoín, Gléasra agus Trealamh de réir a gcostais stairiúil nó a luachála stairiúla, lúide dímheas carntha. Muirearaítear dímheas ar an Ráiteas faoi loncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe loncaim de réir méid cothrom, de réir na rátaí atá leagtha amach thíos, arna ríomh chun díscríobh a dhéanamh ar na sócmhainní arna gcoigeartú i leith luach iarmharach thar a saolré úsáideach thuartha. Muirearaítear dímheas bliana iomláine ar shuim iomlán na réadmhaoine, an ghléasra agus an trealamh ar fad sa bhliain ina bhfaightear iad, agus ní mhuirearaítear aon dímheas i mbliain na diúscartha.

Feabhsuithe réadmhaoine léasaí	5% de réir méid cothrom nó ar aon dul le saolré an léasa, más giorra é sin
Feithiclí paisinéirí bóthair	8.33% de réir méid cothrom
Crua-earraí córas iompair	10% - 25% de réir méid cothrom
Trealamh oifige	10% i gcás troscáin agus feisteas agus 25% i gcás trealamh ríomhaire, de réir méid cothrom
Bonneagar iompair	5% - 25% de réir méid cothrom

Déantar luach iarmharach, saolré úsáideach agus modh dímheasa réadmhaoine, gléasra agus trealamh a athbhreithniú gach bliain agus coigeartaítear go hionchasach iad, más cuí.

Maidir le hathruithe i saolré úsáideach thuartha nó patrún tuartha úsáide na sochar eacnamaíoch amach anseo atá ag gabháil leis an tsócmhainn, breithnítear iad chun an tréimhse dímheasa nó an modh dímheasa, de réir mar is cuí, a mhionathrú agus caitear

leo mar athruithe i meastacháin chuntasaíochta.

Tá bonneagar iompair comhdhéanta den chuid is mó de shócmhainní a úsáidtear le haghaidh na scéime réigiúnaí rothar, le haghaidh faisnéis fíor-ama do phaisinéirí agus le haghaidh scáthláin bhus.

j) Feithiclí Paisinéirí Bóthair

Ón mbliain 2017 i leith, tá an tÚdarás ag fáil busanna chun flít láraithe caighdeánaithe busanna a chothabháil le haghaidh iompar poiblí. Cuirtear na busanna sin ar fáil d'oibritheoirí iompair phoiblí ansin trí shocruithe ceadúnais (táille ríchiosa nialasach) nó trí shocruithe léasa (cíós ainmniúil bliantúil €1 in aghaidh an bhus) chun seirbhísí iompair phoiblí a oibriú thar ceann an Údaráis.

Chinn an tÚdarás go gcomhlíonann na busanna sin an sainmhíniú ar shócmhainn agus go meastar go dtiocfaidh tairbhí eacnamaíocha as na busanna amach anseo, rud a fhágann gur féidir na busanna a aithint mar shócmhainn faoi FRS 102. Cuid lárnach den chinneadh sin is ea go meastar gur eintiteas sochair phoiblí é an tÚdarás, faoi mar atá leagtha amach sna beartais chuntasaíochta. Aithnítear na busanna ar dtús de réir costais nó de réir costas dímheasta tráth a fhaightear iad.

Chinn an tÚdarás freisin nach ionann na socruithe ceadúnais ná na socruithe léasa leis na hoibritheoirí iompair phoiblí agus léas de réir alt 20 de FRS 102. Cuid dhílis den chinneadh sin is ea go gcoimeádann an tÚdarás an ceart sa dá chás chun treoir a thabhairt maidir le conas atá na busanna le húsáid, agus maidir le cén cuspóir a bhfuil na busanna le húsáid lena aghaidh, ar feadh thréimhse iomlán a n-úsáide ag na hoibritheoirí iompair phoiblí.

k) Bearnú sócmhainní seasta

I gcás go dtugann eachtraí nó athruithe ar imthosca le fios go bhféadfadh nach in-aisghafa a bheadh an tsuim ghlanluacha, déantar athbhreithniú ar shócmhainní seasta i leith bearnú. Déantar suim in-aisghafa aon sócmhainne lena mbaineann a mheas agus a chur i gcomparáid lena suim ghlanluacha. Más ísle an tsuim in-aisghafa mheasta, laghdaítear an tsuim ghlanluacha go dtí a suim in-aisghafa mheasta agus aithnítear caillteanas bearnaithe láithreach sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim.

Is le haghaidh a n-acmhainneachta seirbhíse, agus ní chun brabús airgeadais a thabhairt, a shealbhaítear busanna.

Úsáideann an tÚdarás samhail tomhais an chostais athsholáthair dhímheasta chun a mheas cé acu a tharla nó nár tharla aon chaillteanas bearnaithe.

Má aisiompaíonn caillteanas bearnaithe ina dhiaidh sin, méadaítear suim ghlanluacha na sócmhainne go meastachán athbhreithnithe a suime in-aisghafa, ach ní théitear thar an tsuim a chinntí dá mba rud é nach ndearnadh aon chaillteanas bearnaithe a aithint i ndáil leis an tsócmhainn sna blianta roimhe sin. Déantar aisiompú aon chaillteanais bearnaithe a aithint láithreach sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim.

l) Sochair fostaithe

Sochair ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha amhail pá saoire mar chostas sa bhliain. Cuirtear

sochair atá fabhraithe ag deireadh na bliana ar áireamh san fhigiúr Suimeanna iníoctha sa Ráiteas faoin Staid Airgeadais.

Sochair scoir

Léirítear sna ráitis airgeadais na sócmhainní agus na dliteanais, ar a luach cóir, a eascraíonn as oibleagáidí pinsin an Údaráis agus aithnítear iontu na costais a bhaineann le sochair scoir a sholáthar sna tréimhsí cuntasáíochta ina dtuilleann fostaithe iad. Is ar bhonn achtúireach a thomhaistear dliteanais na scéime sochair scoir, agus modh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa á úsáid. Is sa Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach a léirítear gnóthachain achtúireacha nó caillteanais achtúireacha a eascraíonn as dliteanais na scéime sochair scoir. Déantar coigeartú comhfhreagrach a aithint sa tsuim atá in-aisghafa ón Stát don scéim neamhchistithe sochair shainithe scoir amháin.

Glacann fostaithe an Údaráis páirt sna scéimeanna pinsean seo a leanas:

• Scéim Sochair Shainithe – “Scéim an Údaráis Náisiúnta Iompair”

Is scéim pinsean tuarastail deiridh lena ngabhann sochair shainithe í *Scéim Aoisliúntais Fhoireann an Údaráis Náisiúnta Iompair 2010*, agus déantar na sochair agus na ranníocaíochtaí a shainiú trí thagairt do rialacháin scéim ‘eiseamláireach’ na hearnála poiblí. Is scéim neamhchistithe í seo d’fhostaithe inphinsin sa tseirbhís phoiblí a ceapadh roimh an 1 Eanáir 2013. Íoctar ranníocaíochtaí na mball leis an Roinn Iompair. Cuireadh na costais, na dliteanais agus na sócmhainní a bhaineann le hoibriú na scéime seo ar áireamh sa nochtadh i Nótaí 15 agus 16 maidir leis na scéimeanna pinsean sochair shainithe.

• Scéim Sochair Shainithe – “An Scéim Aonair”

Is scéim pinsean meantuarastail sochair shainithe í an *Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair*. Is scéim pinsean sochair shainithe í seo d’fhostaithe inphinsin sa tseirbhís phoiblí a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó i ndiaidh an dáta sin. Íoctar ranníocaíochtaí na mball leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Cuireadh na costais, na dliteanais agus na sócmhainní a bhaineann le hoibriú na scéime seo ar áireamh sa nochtadh i Nótaí 15 agus 16 maidir leis na scéimeanna pinsean sochair shainithe.

• Scéim Ranníocaíochta Sainithe – “Scéim na Gníomhaireachta um Fháil Iarnróid”

D’aistrigh roinnt fostaithe isteach san Údarás ó Bhonneagar Iompair Éireann (“BIÉ”) i ndiaidh dóibh a bheith ina bhfostaithe de chuid na Gníomhaireachta um Fháil Iarnróid (“RPA”) sular glacadh a gníomhaíochtaí isteach in BIÉ. Is baill iad de *Phlean Pinsin agus Árachais Saoil na Gníomhaireachta um Fháil Iarnróid 2003* fós, ar scéim pinsean ranníocaíochta sainithe í. Ní ghlacann an scéim sin le haon iontrálaithe nua. Cistítear sochair phinsin thar thréimhse seirbhíse na bhfostaithe trí bhíthin ranníocaíochtaí an fhostaí agus an fhostóra leis an scéim. Muirearaítear ranníocaíochtaí fhostóra ar an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim de réir mar a thagann siad chun bheith iníoctha. Níl aon sócmhainn phinsin/dlíteanas pinsin ag an Údarás maidir leis an scéim seo ós rud é nach bhfuil sé faoi dhlíteanas ach amháin i leith na ranníocaíochtaí fhostóra atá dlite i leith na bhfostaithe sin.

m) Léasanna

Aicmítear léasanna mar léasanna airgeadais nuair a aistrítear leo chuig an Údarás na rioscaí agus na luaíochtaí uile, nach mór, a bhaineann le húinéireacht ar na sócmhainní léasaithe. Aicmítear mar léasanna oibriúcháin na léasanna eile nach n-aistrítear leo chuig an Údarás na rioscaí agus na luaíochtaí uile, nach mór, a bhaineann le húinéireacht

ar na sócmhainní léasaithe.

Maidir le sócmhainní a shealbhaítear faoi léas airgeadais, cuirtear ar áireamh iad i 'réadmhaoín, gléasra agus trealamh' agus déantar iad a dhímheas agus a athbhreithniú i leith bearnú ar an mbealach céanna is a dhéantar sócmhainní a bhfuil úinéireacht iomlán orthu a dhímheas agus a athbhreithniú.

Mar léasaí

Maidir le híocaíochtaí a dhéantar faoi léasanna oibriúcháin, aithnítear iad sa Ráiteas faoi loncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe loncaim mar chaiteachas thar théarma an léasa de réir méid cothrom.

Mar léasóir

Maidir le híocaíochtaí a fhaightear faoi léasanna oibriúcháin, aithnítear iad sa Ráiteas faoi loncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe loncaim mar ioncam thar théarma an léasa de réir méid cothrom.

n) Breithiúnais agus meastacháin chriticiúla chuntasaíochta

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, ceanglaítear ar an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar na suimeanna a thuairiscítear le haghaidh sócmhainní agus dliteanas ag dáta an Ráitis faoin Staid Airgeadais agus ar na suimeanna a thuairiscítear le haghaidh ioncaim agus speansas le linn na bliana. Fágann cineál an mheastacháin, áfach, go bhféadfadh na torthaí iarbhrí bheith difriúil leis na meastacháin sin. Meastar na breithiúnais agus na meastacháin seo a leanas a bheith tábhachtach maidir leis an léiriú ar riocht airgeadais an Údaráis:

• Dímheas agus luachanna iarmharacha

Rinne an tÚdarás athbhreithniú ar shaolré na sócmhainní agus ar luachanna iarmharacha bainteacha gach aicme sócmhainne seasta agus tháinig sé ar an gconclúid gur cuí atá saolré na sócmhainní agus na luachanna iarmharacha.

• Bearnú sócmhainní seasta

I gcás go dtugann eachtraí nó athruithe ar imthosca le fios go bhféadfadh nach in-aisghafa a bheadh an tsuim ghlanluacha, déantar athbhreithniú ar shócmhainní i leith bearnú.

• Feithiclí Paisinéirí Bóthair

Chinn an tÚdarás go gcomhlíonann na busanna sin an sainmhíniú ar shócmhainn agus go meastar go dtiocfaidh tairbhí eacnamaíocha as na busanna amach anseo, rud a fhágann gur féidir na busanna a aithint mar shócmhainn faoi FRS 102. Cuid lárnach den chinneadh sin is ea go meastar gur eintiteas sochair phoiblí é an tÚdarás, faoi mar atá leagtha amach sna beartais chuntasaíochta.

• Oibleagáid sochair scoir

Déanann an tÚdarás athbhreithniú bliantúil ar na toimhdí atá taobh thiar de na luachálacha achtúireacha óna gcinntear na suimeanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe i leibhéil chúitimh amach anseo agus rátaí mortlaíochta).

• Soláthairtí

Déanann an tÚdarás soláthar d'oibleagáid láithreach (dhlíthiúil nó chuiditheach) mar

thoradh ar eachtra ón am atá thart, más dócha go gcuirfear ceangal ar an Údarás an oibleagáid is eol dó a bheith amuigh ag dáta dheireadh na tréimhse a ghlanadh.

o) Suimeanna infhaighte

Tomhaistear suimeanna infhaighte gearrthéarmacha ag praghas an idirbhirt, lena n-áirítear costais idirbhirt, lúide aon bhearnú.

p) Airgead agus coibhéisí airgid

Léirítear airgead le hairgead ar láimh agus le taiscí gearrthéarmacha le hinstitiúidí airgeadais. Is ionann coibhéisí airgid agus infheistíochtaí ríleachtacha a aibíonn tráth nach déanaí ná trí mhí ón dáta fála agus ar féidir iad a chomhshó go réidh ina suimeanna aitheanta airgid lena mbaineann riosca neamhshuntasach go n-athrófaí a luach.

q) Suimeanna iníochta

Tomhaistear suimeanna iníochta gearrthéarmacha de réir phraghas an idirbhirt, lena n-áirítear costais idirbhirt, lúide aon bhearnú.

r) Ionstraimí airgeadais

Ní théann an tÚdarás isteach ach in idirbhearta bunúsacha ionstraimí airgeadais a bhfuil de thoradh orthu go n-aithnítear sócmhainní airgeadais agus dliteanais airgeadais amhail suimeanna infhaighte trádála agus eile agus suimeanna iníochta trádála agus eile.

Maidir le hionstraimí fiachais (seachas iad sin atá in-aisíochta go hiomlán nó infhaighte go hiomlán laistigh de bhliain amháin), lena n-áirítear iasachtaí agus cuntais infhaighte eile agus cuntais iníochta eile, déantar iad a thomhas ar dtús de réir luach láithreach na sreafaí airgid sa todhchaí agus ina dhiaidh sin de réir an chostais amúchta trí úsáid a bhaint as modh an úis éifeachtaigh. Is de réir shuim neamhlascainithe an airgid nó na comaoine eile a meastar go n-íocfar nó go bhfaighfear é/í a thomhaistear ionstraimí fiachais atá iníochta nó infhaighte laistigh de bhliain amháin ar dtús nó ina dhiaidh sin. Is suimeanna iníochta trádála agus suimeanna infhaighte trádála iad de ghnáth. Mar sin féin, más ionann socruithe aon ionstraime gearrthearmaí agus idirbheart airgeadais, amhail fiachas trádála a iarchuireadh thar ghnáth-thearmaí gnó nó a mhaoinítear ag ráta úis nach ráta margaidh é a íoc, nó i gcás iasacht ghearrthéarmach ghlan nach bhfuil ag ráta margaidh, tomhaistear an tsócmhainn airgeadais nó an dliteanas airgeadais ar dtús de réir luach láithreach an tsreafa airgeadais sa todhchaí, arna lascainiú ag ráta margaidh úis le haghaidh ionstraim fiachais den chineál céanna, agus tomhaistear é/í ina dhiaidh sin de réir costas amúchta.

Maidir le sócmhainní airgeadais a thomhaistear de réir a gcostais agus a gcostais amúchta, measúnaítear iad ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe le haghaidh fianaise oibiachtúil ar bhearnú. Más ann d'fhianaise oibiachtúil ar bhearnú, aithnítear caillteanas bearnaithe sa Ráiteas faoi loncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe loncaim.

s) Soláthairtí do dhliteanais

Aithnítear soláthairtí i gcás go bhfuil oibleagáid láithreach (dhlíthiúil nó chuiditheach) ar an Údarás mar thoradh ar eachtra ón am atá thart, más dócha go gcuirfear ceangal ar an Údarás an oibleagáid a ghlanadh agus gur féidir meastachán réasúnach a dhéanamh de shuim na hoibleagáide.

Is é an tsuim a aithnítear mar sholáthar an meastachán is fearr ar an gcomaoin atá

riachtanach chun an oibleagáid láithreach a ghlanadh ag deireadh na tréimhse tuairiscithe, agus aird á tabhairt ar na rioscaí agus na héiginnteachtaí a bhaineann leis an oibleagáid.

I gcás gurb ábhartha atá an éifeacht atá ag amluach an airgid, déantar an tsuim a mheastar a bheith riachtanach chun an oibleagáid a ghlanadh a aithint de réir luach láithreach trí ráta lascaine réamhchánach a úsáid. Aithnítear leachtú na lascaine mar chostas airgeadais sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim sa tréimhse ina dtagann sé chun cinn.

t) Athaicmiú na bhFigiúirí ó Thréimhsí Roimhe

Coigeartaíodh figiúirí comparáideacha ó thréimhsí roimhe i gcás gur cuí déanamh amhlaidh chun inchomparáideacht a éascú.

2. Deontais ón Oireachtas

Aithníodh na deontais seo a leanas mar ioncam de réir bheartas cuntasaíochta 1(d):

	Nótaí	2021 €'000	2020 €'000
An Roinn Iompair			
Cistiú Oibleagáide Seirbhíse Poiblí	2.1	525,353	576,171
Cistiú don Scéim Tacaíochta le haghaidh Oibritheoirí Tráchtála Bus	2.2	27,528	32,304
Cistiú infheistíochta caipitil	2.3	719,327	410,119
Scéimeanna eile iompair	2.4	26,554	17,107
Deontas riaracháin		32,617	16,018
		1,331,379	1,051,719
An Roinn Coimirce Sóisialaí			
Scéimeanna Eile Iompair	2.4	1,500	1,500
Cistiú Oibleagáide Seirbhíse Poiblí	2.1	177	196
		1,333,056	1,053,415

Tá an deontas Riaracháin €32.6m luaite glan ar ranníocaíochtaí sochair scoir ó fhostaithe dar luach €0.722m, ar €0.405m a cuireadh ar aghaidh chuig an Roinn Iompair (i leith scéim sochair scoir fhoireann an Údaráis) agus ar €0.317m a cuireadh ar aghaidh chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (i leith na scéime sochair scoir seirbhíse poiblí aonair).

2.1 Deontais ón Oireachtas - Cistiú Oibleagáide Seirbhíse Poiblí

Tarraingítear cistiú Oibleagáide Seirbhíse Poiblí anuas ón Roinn Iompair faoi fho-mhírcheann B7.1 – Íocaíochtaí chun Seirbhísí Poiblí a Sholáthar – agus ón Roinn Coimirce Sóisialaí faoi fho-mhírcheann A40.

	Roinn	Fo-mhírcheann	2021 €'000	2020 €'000
Iarnród Éireann	RI	B7.1	210,196	239,280
Bus Átha Cliath	RI	B7.1	146,016	133,432
Bus Éireann	RI	B7.1	66,634	101,110
Bealaí bus a cuireadh amach ar tairiscint	RI	B7.1	43,296	43,766
Luas	RI	B7.1	32,165	30,172
Ticéadú agus Teicneolaíocht	RI	B7.1	20,715	16,249
Gníomhaíochtaí díreacha an Údaráis	RI	B7.1	6,331	12,162
Saorthaisteal	RCS	A40	177	196
			525,530	576,367

2.2 Cistiú don Scéim Tacaíochta le haghaidh Oibritheoirí Tráchtála Bus

	2021 €'000	2020 €'000
Dír-Dhámhachtainí	19,092	29,223
Deontais De Minimis	6,065	3,081
Cistiú le haghaidh costais Tacaíochta Oibritheoirí Tráchtála Bus	2,371	-
	27,528	32,304

Mar thoradh ar thionchar na paindéime, soláthraíodh tacaíocht shealadach éigeandála airgeadais d'oibritheoirí tráchtála bus tríd an deontas Oibleagáide Seirbhíse Poiblí ar mhaithe le hoibriú leanúnach seirbhísí bunriachtanacha ceadúnaithe bus a chinntiú in Éirinn.

2.3 Deontais ón Oireachtas – Cistiú Infheistíochta Caipitil

Tarraingítear cistiú infheistíochta caipitil anuas ón Roinn Iompair faoi fho-mhírcheann B8 – An Clár Infheistíochta Iompair Phoiblí.

	2021 €'000	2020 €'000
B8.1 Iompar Uirbeach Inbhuanaithe	37,109	27,706
B8.2 Sábháilteacht agus Forbairt Iarnróid Throm	239,826	91,834
B8.3 Bonneagar Iompair Phoiblí	295,386	208,908
B8.5 Rothaíocht agus Siúl	147,006	81,671
	719,327	410,119

2.4 Deontais ón Oireachtas - Scéimeanna Eile Iompair

Riarann an tÚdarás roinnt scéimeanna eile thar ceann na Roinne Iompair agus na Roinne Coimirce Sóisialaí. Tá an cistiú deontais a fuarthas léirithe thíos:

	Roinn	Fo-mhír-cheann	2021 €'000	2020 €'000
Iompar Tuaithe	RI	B7.2	14,144	14,996
An Scéim Deontas le haghaidh Beagfheithiclí Leictreacha Seirbhíse Poiblí	RI	B6	10,551	152
Scoileanna Glasa	RI	B8.3	1,366	1,464
Taisteal Níos Cliste	RI	B8.3	493	495
			26,554	17,107
Iompar Tuaithe	RCS	A40	1,500	1,500
			28,054	18,607

3. Ioncam Táillí

	2021 €'000	2020 €'000
Bus Átha Cliath	102,572	-
Bus Éireann	41,379	-
Ioncam ó RCS - Saorthaisteal	35,748	3,035
Bealaí Bus a Cuireadh Amach ar Tairiscint	14,297	13,669
Seirbhísí Tráthrialta Tuaithe	1,314	1,071
Seirbhísí atá Freagrúil don Éileamh i Limistéir Thuaithe	436	457
	195,746	18,232

Sa bhliain 2021, rinneadh na conarthaí dí-rdhámhachtana atá i bhfeidhm ag an Údarás le Bus Átha Cliath agus le Bus Éireann araon a aistriú ó chonarthaí glanchostais ina gconarthaí ollchostais. I mblianta roimhe, choinnigh na hoibritheoirí an t-ioncam táillí faoi théarmaí na gconarthaí glanchostais. Sa bhliain 2021, choinnigh an tÚdarás an t-ioncam táillí ar fad de réir na gconarthaí ollchostais. Mar aon leis an méadú in ioncam táillí, toradh eile a bhí ar an aistriú ba ea go raibh méadú ann in ioncam saorthaistil ó na hoibritheoirí. Bhí méadú iomlán €178.1m ann in ioncam táillí (Bus Átha Cliath: €123.8m; Bus Éireann: €54.3m) mar thoradh ar an aistriú ó chonarthaí glanchostais ina gconarthaí ollchostais. B'ionann an t-ioncam táillí coibhéiseach iomlán sa bhliain 2020 agus €173.5m (Bus Átha Cliath: €120.3m; Bus Éireann: €53.2m).

4. Ioncam Ticéadaithe agus Teicneolaíochta

	2021 €'000	2020 €'000
Táillí oibritheoirí iompair faoi scéim chárta Leap	-	740
Ioncam ó chártaí mic léinn Leap	256	662
	256	1,402

I mblianta roimhe, athmhúirearaíodh costais oibriúcháin scéim chárta Leap ar na hoibritheoirí iompair a bhí páirteach i scéim chárta Leap. Sna blianta 2021 agus 2020, ba tríd an deontas Oibleagáide Seirbhíse Poiblí a cistíodh costais oibritheoirí Luas

agus Chóras Iompair Éireann. Cuireadh athmhuipearú costas oibriúcháin ar oibritheoirí tráchtála bus ar fionraí de bharr thús phaindéim Covid-19.

5. oncam ceadúnúcháin

	2021 €'000	2020 €'000
Táillí ceadúnúcháin tiománaithe beagfheithicle seirbhíse poiblí	1,171	1,800
Táillí ceadúnúcháin beagfheithiclí seirbhíse poiblí	645	3,062
Ioncam eile ó bheagfheithiclí seirbhíse poiblí	330	136
Ioncam ceadúnúcháin bus	52	74
Ioncam a bhaineann le comhlíonadh beagfheithiclí seirbhíse poiblí	11	44
	2,209	5,116

6. Ioncam eile

	2021 €'000	2020 €'000
Fógraíocht ar scáthlín bhus	3,916	3,975
Ioncam Eile	188	56
An scéim réigiúnach rothar - urraíocht, síntiúis agus fruiliú	54	60
Ioncam ó Shaoráidí Páirceála Cóistí	36	8
	4,194	4,099

7. Caiteachas Oibleagáide Seirbhíse Poiblí

	2021 €'000	2020 €'000
Bus Átha Cliath	265,591	133,432
Iarnród Éireann	210,196	239,280
Bus Éireann	117,680	101,110
Costais bealaí bus a cuireadh amach ar tairiscint	62,875	62,127
Luas	32,165	30,172
Costais Tacaíochta Oibleagáide Seirbhíse Poiblí	3,777	6,543
Pearsanra agus forchostais ghaolmhara	1,457	5,338
Dímheas	1,069	1,094
	694,810	579,096

Déanann an tÚdarás íocaíochtaí le haghaidh seirbhísí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí atá riachtanach ón taobh sóisialta de ach nach bhfuil inmharthana ó thaobh na tráchtála de a sholáthar. Déanann an tÚdarás na híocaíochtaí sin ó airgead a sholáthraíonn an tOireachtas dó tríd an Roinn Iompair.

Bealaí bus a cuireadh amach ar tairiscint

Tá ag an Údarás roinnt conarthaí le haghaidh seirbhísí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí a cuireadh amach ar thairiscint oscailte a sholáthar. Áirítear leo sin na seirbhísí sin ar oibrigh Bus Átha Cliath agus Bus Éireann iad roimhe sin mar chuid dá gconarthaí. Is é an tÚdarás, agus ní an t-oibritheoir, a shocraíonn nithe amhail táillí, minicíocht

agus sceidealú go fóill. Áirítear leis na figiúirí thuas costais a bhaineann le seirbhísí sceidealaithe leanúnacha Oibleagáide Seirbhíse Poiblí a oibriú agus a sholáthar ar bhealaí tuaithe – atá brandáilte mar Nasc Áitiúil.

7.1 Caiteachas ar an Scéim Tacaíochta le haghaidh Oibritheoirí Tráchtála Bus

	2021 €'000	2020 €'000
Dír-Dhámhachtainí Eile	18,021	29,223
Deontais De Minimis	5,769	3,081
Costais Tacaíochta Oibritheoirí Tráchtála Bus	2,168	258
	25,958	32,562

Mar thoradh ar thionchar na paindéime, soláthraíodh tacaíocht shealadach éigeandála airgeadais d'oibritheoirí tráchtála bus tríd an deontas Oibleagáide Seirbhíse Poiblí ar mhaithe le hoibriú leanúnach seirbhísí bunriachtanacha ceadúnaithe bus a chinntiú in Éirinn.

7.2 Caiteachas Ticéadaithe agus Teicneolaíochta

		2021 €'000	2020 €'000
<i>Caiteachas oibriúcháin</i>			
Caiteachas ar scéim chárta Leap	Nóta 7.3	18,008	16,673
Caiteachas ar an gCóras Faisnéise Taistil		4,120	2,256
TFI Go		67	8
		22,195	18,937
Dímheas		2,769	6,685
		24,964	25,622

7.3 Caiteachas ar Scéim Chárta Leap

	2021 €'000	2020 €'000
Costais oibritheoirí díreacha	11,281	8,914
Costais Phearsanra	3,245	3,837
Coimisiúin	2,916	3,106
Costais eile riaracháin	566	816
	18,008	16,673

I mblianta roimhe, athmhuirearaíodh na costais oibriúcháin uile ar na hoibritheoirí iompair a bhí páirteach i scéim chárta Leap. Sna blianta 2021 agus 2020, ba go díreach tríd an deontas Oibleagáide Seirbhíse Poiblí a cistíodh na costais a athmhuirearaíodh roimhe sin ar oibritheoirí iompair atá faoi úinéireacht an Stáit.

8. Caiteachas Infheistíochta Caipitil

		2021 €'000	2020 €'000
Mórtionscadail chaipitil			
Iarnród Éireann		238,102	89,535
Bonneagar Iompair Éireann		60,037	63,179
Bus Átha Cliath		6,024	2,771
Bus Éireann		1,882	1,022
		306,045	156,507
Cistiú deontais iompair le haghaidh Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath	Nóta 8.1	85,597	73,311
Caiteachas eile ar thabhaigh an tÚdarás go díreach é	Nóta 8.1	99,895	75,677
Cistiú deontais le haghaidh iompar réigiúnach	Nóta 8.1	96,714	37,786
Cistiú le haghaidh scéimeanna inrochtaineachta		7,672	6,150
		595,923	349,431

Ba iad seo na mórtionscadail chaipitil a cistíodh agus a cuireadh ar áireamh i gcaiteachas infheistíochta caipitil:

	2021 €'000	2021 €'000	2020 €'000	2020 €'000
Iarnród Éireann				
DART+	160,052		15,780	
Ionad Náisiúnta um Rialú Traenach	42,465		16,554	
Clár na n-uasghráduithe stáisiúin	17,178		12,624	
Athléimneacht i leith na hAeráide	4,713		-	
Eispéireas an chustaiméara agus ticéadú a fheabhsú	5,207		1,615	
Carranna Iarnróid Idirchathrach nua	2,275		16,029	
Athchomharthaíocht lár na cathrach	1,883		5,748	
Tionscadail eile	1,486		577	
Clár na gcarrchlós	1,065		1,178	
Iarnród Comaitéireachta Limistéar Chorcaí	689		10	
Cothabháil iarnróid throm	607		16,750	
An díon ar stáisiún Shráid an Phiarsaigh a athnuachan	348		2,494	
Bealaí agus Acomhail a bhreisiú	134	238,102	176	89,535

Bonneagar Iompair Éireann				
MetroLink	35,779		26,637	
Acmhainn Líne Uaine Luas a bhreisiú	12,090		26,518	
Athchóiriú tramanna	8,460		1,872	
Tionscadail eile	1,584		4,065	
Luas Fhionnghlaise	1,391		-	
Idirthuras Iarnróid Éadroim Chorcaí	572		77	

Luas Leamhcáin	80		-	
Luas Traschathrach	66		3,873	
Páirceáil agus Taisteal	15		-	
Bonneagar Líne Uaine Luas a uasghrádú	-	60,037	137	63,179

Bus Átha Cliath				
Flít Busanna, lena n-áirítear athchóiriú	2,983		2,481	
Athdhearadh BusConnects	1,622		-	
Tionscadail eile	1,419	6,024	290	2,771
Bus Éireann				
Tionscadail eile	1,882		806	
Busanna nua	-	1,882	216	1,022
		306,045		156,507

8.1 Cistiú deontais iompair le haghaidh Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath agus tionscadail eile

	2021 €'000	2020 €'000
<i>Cistiú deontais iompair le haghaidh Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath</i>		
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	26,705	24,521
Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin	17,911	19,742
Comhairle Contae na Mí	11,142	8,617
Comhairle Contae Átha Cliath Theas	10,959	8,571
Comhairle Contae Fhine Gall	9,078	4,926
Comhairle Contae Chill Mhantáin	5,551	3,877
Comhairle Contae Chill Dara	3,292	2,297
Córas Iompair Éireann	607	164
An Taisce	292	125
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath	60	-
An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath	-	471
	85,597	73,311

<i>Caiteachas eile ar thabhaigh an tÚdarás go díreach é</i>		
Dímheas	39,440	24,744
Bearnú sócmhainní doláimhsithe (féach nóta 17)	1,178	-
BusConnects	31,389	35,544
Pearsanra agus forchostais ghaolmhara	10,991	6,878
Comhtháthú agus tacaíocht	6,364	2,768
Tacaíocht taistil ghníomhaigh	2,767	-
Ticéadú agus Teicneolaíocht Faisnéise Taistil	1,822	1,662
Samhlacha iompair	1,571	786
Clár cothabhála cuailí agus scáthlán bus	1,519	539
Forbairt córas eile	959	381
Páirceáil agus taisteal	801	520
MetroLink	439	824
Éire a Nascadh	322	-
DART+	224	621
Scéimeanna poiblí rothar	101	410
Forbairt saoráidí páirceála cóistí	8	-
	99,895	75,677

	2021 €'000	2020 €'000
<i>Cistiú deontais le haghaidh iompar réigiúnach</i>		
Comhairle Cathrach Chorcaí	19,512	12,131
Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh	18,047	4,640
Comhairle Contae Chorcaí	11,405	2,672
Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge	9,751	9,636
Comhairle Cathrach na Gaillimhe	5,596	4,816
Comhairle Contae Thiobraid Árann	5,061	53
Comhairle Contae na Gaillimhe	4,547	-
Comhairle Contae Mhaigh Eo	3,672	-
Comhairle Contae Loch Garman	3,040	-
Comhairle Contae Dhún na nGall	2,282	-
Comhairle Contae Lú	1,788	585
Comhairle Contae Ros Comáin	1,673	-
Comhairle Contae Chill Chainnigh	1,642	758
Comhairle Contae an Chabháin	1,323	-
Comhairle Contae an Chláir	1,273	291
Comhairle Contae Shligigh	1,233	72
Comhairle Contae Cheatharlach	1,182	235
Comhairle Contae Liatroma	1,074	-
Comhairle Contae Chiarraí	1,009	364
Comhairle Contae Uíbh Fhailí	662	-
Comhairle Contae Laoise	413	-
Comhairle Contae Mhuineacháin	250	-
Comhairle Contae na hIarmhí	205	-
Comhairle Contae an Longfoirt	74	-
Bonneagar Iompair Éireann	-	78
Iarnród Éireann	-	1,455
	96,714	37,786

Le linn na tréimhse, úsáideadh deontais infheistíochta caipitil ón Oireachtas freisin chun breiseanna a chistiú i leith réadmhaoine, gléasra agus trealaimh agus i leith sócmhainní doláimhsithe, go háirithe feithiclí paisinéirí bóthair, mar atá leagtha amach i nótaí 17 agus 18.

9. Caiteachas eile deontais

	2021 €'000	2020 €'000
Caiteachas ar an gClár Iompair Tuaithe	16,025	16,896
An Scéim Deontas le haghaidh Beagfheithiclí Leictreacha Seirbhíse Poiblí	10,724	186
Caiteachas ar chlár na scoileanna glasa	1,365	1,465
Caiteachas ar Chláir Thaistil Níos Cliste	510	485
Dímheas faoin gClár Iompair Tuaithe	80	111
Dímheas faoi Chláir Thaistil Níos Cliste	19	20
	28,723	19,163

10. Caiteachas eile clár

	2021 €'000	2020 €'000
Caiteachas ar an scéim réigiúnach rothar	1,565	1,160
Caiteachas ar scáthlín bhus	250	1,025
Dímheas ar phainéil dhigiteacha Scáthlín Bus	212	212
Caiteachas ar shaoráidí páirceála cóistí	177	154
	2,204	2,551

11. Caiteachas ceadúnúcháin

	2021 €'000	2020 €'000
Costais a bhaineann le comhlíonadh beagfheithiclí seirbhíse poiblí	997	1,013
Costais riaracháin beagfheithiclí seirbhíse poiblí	976	839
Scéimeanna Tacaíochta le haghaidh Beagfheithiclí Seirbhíse Poiblí de dheasca phaindéim Covid-19	898	-
Costais cheadúnúcháin tiománaithe beagfheithiclé seirbhíse poiblí	706	562
Costais cheadúnúcháin beagfheithiclí seirbhíse poiblí	618	454
Ceadúnú beagfheithiclí seirbhíse poiblí - costais chumarsáide	555	274
Pearsanra agus forchostais ghaolmhara	278	294
Teanntáil Feithiclí	137	198
Costais cheadúnúcháin bus	32	20
	5,197	3,654

12. Baill Foirne, Baill Foirne ar Iasacht, agus Seirbhísí Socrúcháin Sheachfhoinsithe

	2021 €'000	2020 €'000
Costais phearsanra		
Pá, tuarastail agus costais foirne	14,585	11,182
Seirbhísí socrúcháin sheachfhoinsithe	6,749	6,613
Earcaíocht agus oiliúint	390	360
Baill foirne ar iasacht agus sannaithe ón earnáil phoiblí	282	306
Táillí agus speansais chomhaltaí an Bhoird agus na gCoistí	106	130
	22,112	18,591

Leithdháiltear seirbhísí socrúcháin sheachfhoinsithe agus costais ghaolmhara ar aonaid ghnó an Údaráis ar bhonn shocrúcháin sheachfhoinsithe dhíreacha an aonaid gnó. Áirítear leis na costais thuas na socrúcháin sheachfhoinsithe sin i ról riaracháin lárnaigh, lena n-áirítear soláthar, airgeadas, acmhainní daonna agus teicneolaíocht faisnéise. Is ar riarachán lárnach a leithdháiltear costais fostaithe agus costais ball foirne ar iasacht.

Baineann an tÚdarás leas as roinnt socrúcháin sheachfhoinsithe chun gníomhaíochtaí gnáthghnó a meastar gur croí-obair an Údaráis iad a chur i gcrích agus a fhorlíonadh. Úsáideann an tÚdarás socrúcháin sheachfhoinsithe freisin le haghaidh ról thionscadalbhunaithe nach bhfuil gá buan leo chun a chinntiú go bhfuil dóthain

solúbthachta agus acmhainne ann chun tionscadail straitéiseacha a chur i gcrích. Amhail an 31 Nollaig 2021, bhí 61 shocrúchán sheachfhoinsithe ag an Údarás i bpoist ina gcuirtear gníomhaíochtaí gnáthghnó i gcrích (2020: 86) agus bhí 116 shocrúchán sheachfhoinsithe aige i ról thionscadalbhunaithe (2020: 87).

Baill foirne ar iasacht ón earnáil phoiblí

Sa bhliain 2021, níor muirearaíodh aon chostais ball foirne ar iasacht go díreach ar thionscadail (2020: €Nialas) agus níor caipitlíodh aon chostais ina leith sin (2020: €Nialas). Níor aistrigh aon bhaill foirne ar iasacht isteach san Údarás mar fhostaithe le linn na bliana (2020: duine amháin).

Costais chaipitlithe fostaithe

Níor caipitlíodh aon chostais fostaithe sa bhliain airgeadais (2020: €Nialas).

12.1 Pá, tuarastail agus costais foirne

a) Sochair chomhiomlána fostaithe

	2021 €'000	2020 €'000
Sochair ghearrthéarmacha foirne	13,250	10,203
ÁSPC ón bhFostóir	1,335	979
	14,585	11,182

Níl luach na sochar scoir a tuilleadh faoi Scéim an Údaráis Náisiúnta Iompair sa tréimhse ar áireamh sna figiúirí thuas.

b) Sochair ghearrthéarmacha foirne

	2021 €'000	2020 €'000
Bunphá	13,183	10,136
Liúntais	67	67
	13,250	10,203

Níl luach na sochar scoir a tuilleadh faoi Scéim an Údaráis Náisiúnta Iompair sa tréimhse ar áireamh sna figiúirí thuas.

c) Ní raibh aon sochair foirceanta, aon sochair fhadtéarmacha eile ná aon idirbhearta íocaíochta scairbhunaithe ann le linn na bliana (2020: €Nialas).

12.2 Fostaithe agus baill foirne ar iasacht ón earnáil phoiblí

	2021	2020
<i>An líon foirne ag deireadh na bliana, ar bhonn coibhéise lánaimseartha:</i>		
Fostaithe	225	161
Baill foirne ar iasacht ón earnáil phoiblí	1	1
	226	162

12.3 An príomhphearsanra bainistíochta

Cuimsíonn an príomhphearsanra bainistíochta san Údarás na comhaltaí Boird,

an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, an Stiúrthóir um Airgeadas agus Seirbhísí Corparáideacha, an Stiúrthóir um Pleanáil agus Infheistíocht Iompair, an Príomhoifigeach Faisnéise, an Stiúrthóir um Rialáil Iompair Phoiblí, an Stiúrthóir um Theicneolaíocht Iompair Phoiblí, agus an Stiúrthóir um Sheirbhísí Iompair Phoiblí. Tá an cúiteamh a íocadh le príomhphearsana bainistíochta an Údaráis ó dháta ceapacháin na bpearsana i leith leagtha amach thíos:

	2021 €'000	2020 €'000
Bunphá	1,157	1,012
Liúntais	-	-
	1,157	1,012

Ní raibh aon sochair foirceanta, aon sochair iarfhostaíochta, aon sochair fhadtéarmacha eile ná aon idirbhearta íocaíochta scairbhunaithe ann le linn na bliana (2020: €Nialas).

Níl luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse ar áireamh sna figiúirí thuas.

12.4 Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Bhí pacáiste luach saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin don tréimhse airgeadais mar a leanas:

	2021 €'000	2020 €'000
Bunphá - A. Graham Uas.	190	187
Liúntais	-	-
	190	187

Níl luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse ar áireamh sna figiúirí thuas.

Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ina b(h)all de Scéim an Údaráis Náisiúnta Iompair.

12.5 Miondealú ar shochair ghearrthéarmacha fostaithe agus ball foirne ar iasacht ón earnáil phoiblí

Déantar sochair ghearrthéarmacha ar fiú níos mó ná €60,000 iad a chatagóiriú sna bandaí seo a leanas:

Raon		An líon pearsana	
Ó	Go	2021	2020
€60,000	€69,999	46	30
€70,000	€79,999	36	32
€80,000	€89,999	15	14
€90,000	€99,999	8	5
€100,000	€109,999	7	7
€110,000	€119,999	3	3
€120,000	€129,999	-	-
€130,000	€139,999	-	-
€140,000	€149,999	2	4
€150,000	€159,999	1	-
€160,000	€169,999	3	2
€170,000	€179,999	-	-
€180,000	€189,999	1	1

Tabhair faoi deara: Chun críocha an nocht seo, áirítear iad seo a leanas le sochair ghearrthéarmacha fostaithe a íocadh i leith seirbhísí a soláthraíodh le linn na tréimhse tuairiscithe: tuarastal; liúntais ragoibre; agus íocaíochtaí eile a rinneadh thar ceann an fhostaí. Ní áirítear ÁSPC ón bhfostóir leo, áfach.

13. Costais Chóiríochta Oifige

	2021 €'000	2020 €'000
Cóiríocht	2,640	2,376
Glantachán	82	60
Deisiúcháin agus cothabháil	81	131
Soilsiú agus teas	67	82
	2,870	2,649

14. Costais Eile Riaracháin

	2021 €'000	2020 €'000
Caiteachas TFC	4,369	3,769
Dlí agus dlíthíocht	805	567
Dímheas	638	662
Táillí seirbhísí gairmiúla	521	531
Muirir bhainc agus ús bainc	320	187
Fógraíocht agus cur chun cinn	276	494
Táillí iniúchóireachta inmheánaí	212	251
Teileafón agus Idirlíon	177	155
Árachas	109	78
Speansais ghinearálta	99	63
Táillí iniúchóireachta seachtraí	69	69
Priontáil, postas agus páipéarachas	56	56
Leabharlann agus síntiúis	39	50
Taisteal, cothú agus fáilteachas	36	46
Caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní seasta	-	143
Speansais chruinnithe *	-	48
	7,726	7,169

* Níor tabhaíodh aon suim (2020: €3k), a cuireadh ar speansais chruinnithe, i leith cruinniú Boird a thionól lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.

15. Costais sochair scoir

Tá anailís déanta thíos ar na costais iomlána sochair scoir a cuireadh ar an Ráiteas faoi loncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe loncaim:

	2021 €'000	2020 €'000
<i>Scéim pinsean sochair shainithe - Scéim an Údaráis Náisiúnta Iompair agus an Scéim Aonair</i>		
Costais seirbhíse reatha	3,741	2,686
Ús ar dhliteanais scéime pinsean	431	519
Ranníocaíochtaí ó rannpháirtithe plean	(722)	(494)
	3,450	2,711
<i>Scéim ranníocaíochta sainithe - Scéim na Gníomhaireachta um Fháil Iarnród</i>		
Ranníocaíochtaí ón bhfostóir	57	59
	3,507	2,770

16. Tuairisc ghinearálta ar na scéimeanna sochair shainithe

Scéim an Údaráis Náisiúnta Iompair

Is scéim tuarastail deiridh de chuid na seirbhíse poiblí lena ngabhann sochair shainithe agus teidlíochtaí caighdeánacha í seo. De réir na rialachán maidir leis an scéim earnála poiblí, soláthraítear leis an scéim seo pinsean a ríomhtar de réir ráta is comhionann le haon ochtódú den tuarastal deiridh le haghaidh gach bliana de sheirbhís inphinsin ag an dáta scoir. Is infheidhme freisin aisce nó cnapshuim (trí ochtódú in aghaidh na bliana de sheirbhís inphinsin) agus pinsin chéile agus leanaí.

An Scéim Aonair

Is scéim meántuarastail de chuid na seirbhíse poiblí lena ngabhann sochair shainithe agus teidlíochtaí caighdeánacha í seo. De réir na rialachán maidir leis an scéim earnála poiblí, soláthraítear leis an scéim seo pinsean a ríomhtar de réir ráta is comhionann le haon ochtódú den mheántuarastal le haghaidh gach bliana de sheirbhís inphinsin ag an dáta scoir. Is infheidhme freisin aisce nó cnapshuim (trí ochtódú in aghaidh na bliana de sheirbhís inphinsin) agus pinsin chéile agus leanaí.

16.1 Toimhdí achtúireacha

Tá an luacháil a úsáideadh le haghaidh nochtadh FRS 102 bunaithe ar luacháil achtúireach iomlán a ndearna achtúire cáilithe neamhspleách í i mí Eanáir 2022, agus cuirtear ceanglais FRS 102 san áireamh inti chun na dliteanais scéime ag an 31 Nollaig 2021 a mheas. Ba iad seo a leanas na príomhthoimhdí achtúireacha ag an 31 Nollaig:

	2021 ¹	2020 ²
Ráta lascaine	1.25% sa bhliain	0.80% sa bhliain
Méaduithe tuartha amach anseo i dtuarastal inphinsin	3.20% sa bhliain	2.50% sa bhliain
Méaduithe tuartha amach anseo i bpinsean	2.70% sa bhliain	2.00% sa bhliain
Méaduithe tuartha i bpinsean stáit	2.20% sa bhliain	1.50% sa bhliain
Méadú san Innéacs Praghsanna do Thomhaltóirí	2.20% sa bhliain	1.50% sa bhliain

1. Úsáidtear na rátaí don bhliain 2021 mar bhonn le haghaidh an Oibleagáid Sochair Iarchurtha ag an 31 Nollaig 2021 agus costais seirbhíse reatha agus an t-ús ar dhliteanais scéime pinsean don bhliain 2022 a ríomh.

2. Úsáidtear na rátaí don bhliain 2020 mar bhonn le haghaidh an Oibleagáid Sochair Iarchurtha ag an 31 Nollaig 2020 agus costais seirbhíse reatha agus an t-ús ar dhliteanais scéime pinsean don bhliain 2021 a ríomh.

Déantar leis an ráta mortlaíochta soláthar follasach d'fheabhsuithe ar ionchas saoil le himeacht ama, a fhágann go mbeidh an t-ionchas saoil tráth an scoir ag brath ar an mbliain ina mbainfidh an ball aois scoir amach. Léirítear sa tábla thíos an t-ionchas saoil atá fágtha do bhaill a bhainfidh 65 bliana d'aois amach sna blianta 2021 agus 2041:

	2021	2041
Bliain ina mbainfear 65 bliana d'aois amach		
Ionchas saoil – fear	21.8	24.1
Ionchas saoil – bean	24.2	26.2

16.2 Gluaiseacht sa ghlanobleagáid sochair scoir le linn na bliana airgeadais

	2021 €'000	2020 €'000
Glanoibleagáid sochair scoir ag an 1 Eanáir	(54,122)	(43,491)
Costais seirbhíse reatha	(3,741)	(2,686)
Costais úis	(431)	(519)
Pinsin a íocadh sa bhliain	365	466
Atomhas ar an nglanoibleagáid sochair shainithe - caillteanas achtúireach	(3,920)	(7,892)
Glanoibleagáid sochair scoir ag an 31 Nollaig	(61,849)	(54,122)

Thabhaigh an tÚdarás caillteanas achtúireach (€3.9m) sa bhliain 2021 (2020: caillteanas €7.9m), go príomha mar gheall ar athruithe i dtoimhdí achtúireacha (€3.4m) (2020: €5.0m) agus i mballraíocht na scéime (€0.5m) (2020: €2.9m).

16.3 Cistiú iarchurtha le haghaidh sochair scoir

Aithníonn an Bord suimeanna atá dlite ón Stát don dliteanas neamhchistithe iarchurtha sochair shainithe le haghaidh pinsean ar bhonn an tacair toimhdí atá leagtha amach i nóta 16.1 thuas agus ar bhonn roinnt eachtraí san am atá thart. Áirítear leis na heachtraí sin an bonn reachtúil don scéim pinsean a bhunú agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair i ndáil le pinsin seirbhíse poiblí a chistiú, lena n-áirítear ranníocaíochtaí ó fhostaithe agus an próiseas meastachán bliantúil. Níl aon fhianaise ag an mBord nach leanfaidh an beartas cistiúcháin sin le freastal ar shuimeanna den sórt

sin i gcomhréir leis an gcleachtas reatha.

Is mar a leanas atá an glanchistiú iarchurtha le haghaidh sochair scoir a aithnítear sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim:

	2021 €'000	2020 €'000
Cistiú is in-aisghafa i leith chostais sochair scoir na bliana reatha	4,172	3,205
Deontas stáit a úsáideadh chun sochair scoir a íoc	(365)	(466)
	3,807	2,739

16.4 Stair na n-oibleagáidí sochair shainithe

	2021 €'000	2020 €'000	2019 €'000	2018 €'000	2017 €'000
Oibleagáidí sochair shainithe	61,849	54,122	43,491	32,095	30,910
Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach ar oibleagáidí sochair shainithe	(3,920)	(7,892)	(9,392)	467	(6,059)
Mar chéatadán de na dliteanais scéime	6.3%	14.6%	21.6%	1.5%	19.6%

17. Sócmhainní doláimhsithe

	Sócmhainní doláimhsithe atá á dtógáil €'000	Bogearraí bonneagair iompair €'000	Bogearraí córas iompair €'000	Bogearraí trealamh oifige €'000	Iomlán €'000
<u>Costas</u>					
Ag an 1 Eanáir 2021	9,472	312	91,270	1,087	102,141
Breiseanna sa bhliain	6,012	294	2,197	35	8,538
Aistrithe sócmhainní atá á dtógáil	(12,392)	63	11,266	-	(1,063)
Ag an 31 Nollaig 2021	3,092	669	104,733	1,122	109,616

<u>Amúchadh</u>					
Ag an 1 Eanáir 2021	-	98	75,937	542	76,577
Muirear don bhliain	-	75	6,552	203	6,830
Bearnú	1,178	-	-	-	1,178
Ag an 31 Nollaig 2021	1,178	173	82,489	745	84,585

<u>Glanluachanna leabhar</u>					
Ag an 31 Nollaig 2021	1,914	496	22,244	377	25,031
Ag an 1 Eanáir 2021	9,472	214	15,333	545	25,564

Sa bhliain 2019, chuir an tÚdarás Náisiúnta Iompair tairiscint amach le haghaidh réitigh agus seirbhísí gaolmhara chun seirbhís láraithe TaxSaver a dhearadh, a fhorbairt, a choimisiúnú, a oibriú, a fhothú agus a chothabháil. Tháinig athrú ar phatrúin taistil de dheasca phaindéim Covid-19, toisc nach gá d'fhormhór chustaiméirí TaxSaver taisteal cúig lá in aghaidh na seachtaine a thuilleadh. Mar thoradh air sin, measadh nach mbeadh an réiteach a bhí beartaithe faoin bpróiseas soláthair bunaidh oiriúnach

a thuilleadh chun freastal ar na socruithe hibrideacha oibre/taistil atá ag teacht chun cinn. Cheadaigh an Bord foirceannadh an tionscadail sin i mí an Mhárta 2022. Chinn an tÚdarás gurbh eachtra choigeartaithe iartheachtach é sin toisc gurbh ann ag an 31 Nollaig 2021 do na dálaí a bhí taobh thiar d'fhoirceannadh an tionscadail. Léirigh an tÚdarás an foirceannadh sin trí bhearnú €1.2m a dhéanamh ar an tsócmhainn dholáimhsithe. Féach freisin nóta 8.1, nóta 22 agus an Ráiteas faoi Rialú Inmheánach.

Léiríonn aistrithe sócmhainní atá á dtógáil na sócmhainní críochnaithe a aistríodh lena gcur in úsáid le linn na tréimhse. Déantar na sócmhainní sin a aicmiú go cuí mar shócmhainní doláimhsithe nó mar shócmhainní inláimhsithe tráth a aistrítear lena gcur in úsáid iad. Sa bhliain 2021, rinneadh €207k de chaiteachas sócmhainní atá á dtógáil ar mhíreanna aonair a aistriú ar ais chuig speansais sa tréimhse toisc nár chomhlíon siad ar deireadh critéir aitheanta FRS 102 le haghaidh sócmhainní seasta nó toisc go raibh siad faoi bhun thairseach caipitlithe an Údaráis.

17.1 Sócmhainní doláimhsithe

	Sócmhainní doláimhsithe atá á dtógáil €'000	Bogearraí bonneagair iompair €'000	Bogearraí córas iompair €'000	Bogearraí trealaimh oifige €'000	Iomlán €'000
Costas					
Ag an 1 Eanáir 2020	2,782	577	90,034	1,171	94,564
Breiseanna sa bhliain	7,122	-	1,278	278	8,678
Aistrithe sócmhainní atá á dtógáil	(432)	-	305	-	(127)
Diúscairtí sa bhliain	-	(265)	(347)	(362)	(974)
Ag an 31 Nollaig 2020	9,472	312	91,270	1,087	102,141

Amúchadh					
Ag an 1 Eanáir 2020	-	192	65,208	707	66,107
Muirear don bhliain	-	40	11,064	197	11,301
Diúscairtí	-	(134)	(335)	(362)	(831)
Ag an 31 Nollaig 2020	-	98	75,937	542	76,577

Glanluachanna leabhar					
Ag an 31 Nollaig 2020	9,472	214	15,333	545	25,564
Ag an 1 Eanáir 2020	2,782	385	24,826	464	28,457

Sa bhliain 2020, rinne an tÚdarás athbhreithniú mionsonraithe ar luach iarmharach, saolré úsáideach agus modh amúchta sócmhainní doláimhsithe chun measúnú a dhéanamh ar athruithe i saolré úsáideach thuartha nó patrún tuartha úsáide sochar eacnamaíoch, ar aon dul leis an mbeartas. De bhun an athbhreithnithe sin, rinne an tÚdarás an tsaolré úsáideach bogearraí Samhaltaithe Tráichta a leasú ó 10 mbliana go 5 bliana, i gcomhréir le patrún tuartha úsáide na sochar eacnamaíoch atá fágtha. Tugtar cuntas ar an athrú i saolré úsáideach thuartha mar athrú sa mheastachán cuntasaíochta agus coigeartaítear go hionchasach é ó mhí na Nollag 2020 i leith. Mar thoradh ar an athrú sin sa mheastachán, tháinig méadú €1.9m ar amúchadh ar shócmhainní seasta doláimhsithe don bhliain 2020. Rinneadh coigeartú comhfhreagrach ar an gcuntas

caipitil. Níl aon éifeacht ann ar an mbarrachas don bhliain. Beidh an t-amúchadh ar shócmhainní doláimhsithe €1.9m san iomlán níos lú i mblianta amach anseo i leith na sócmhainní sin.

Sa bhliain 2020, d'athraigh an tÚdarás an nós imeachta atá i bhfeidhm aige i leith sócmhainní seasta – is é sin le rá, gan míreanna ar lú a luach ná €1,000 a chaipitliú. Ní dhéanfaidh sé míreanna ar lú a luach ná €10,000 a chaipitliú ón 1 Eanáir 2020 i leith. Maidir leis na míreanna stairiúla uile a caipitliódh faoin tairseach roimhe sin, fanfaidh siad ar an Ráiteas faoin Staid Airgeadais go dtí go ndéanfar iad a amúchadh nó a dhiúscairt ina n-iomláine. Ní ionann an t-athrú sin agus athrú ar bheartais chuntasaíochta an Údaráis Náisiúnta Iompair, toisc go meastar éifeacht an athraithe a bheith neamhábhartha maidir leis na ráitis airgeadais.

18. Réadmhaoin, gléasra agus trealamh

	Sócmhainní inláimhsithe atá á dtógáil €'000	Feithiclí paisinéirí bóthair €'000	Feabhsuithe réadmhaoiné léasaí €'000	Trealamh oifige €'000	Bonneagar iompair €'000	Crua-earraí córas iompair €'000	Iomlán €'000
<u>Costas</u>							
Ag an 1 Eanáir 2021	1,733	275,583	2,327	2,609	22,363	8,575	313,190
Breiseanna sa bhliain	1,133	147,050	10	-	672	168	149,033
Aistrithe sócmhainní atá á dtógáil	(898)	-	-	83	730	941	856
Ag an 31 Nollaig 2021	1,968	422,633	2,337	2,692	23,765	9,684	463,079

<u>Dímheas</u>							
Ag an 1 Eanáir 2021	-	48,450	1,968	2,039	16,443	6,444	75,344
Muirear don bhliain	-	34,869	123	280	1,374	748	37,394
Ag an 31 Nollaig 2021	-	83,319	2,091	2,319	17,817	7,192	112,738

<u>Glanluachanna leabhar</u>							
Ag an 31 Nollaig 2021	1,968	339,314	246	373	5,948	2,492	350,341
Ag an 1 Eanáir 2021	1,733	227,133	359	570	5,920	2,131	237,846

Léiríonn aistrithe sócmhainní atá á dtógáil na sócmhainní críochnaithe a aistríodh lena gcur in úsáid le linn na tréimhse. Déantar na sócmhainní sin a aicmiú go cuí mar shócmhainní doláimhsithe nó mar shócmhainní inláimhsithe tráth a aistrítear lena gcur in úsáid iad. Sa bhliain 2021, rinneadh €207k de chaiteachas sócmhainní atá á dtógáil ar mhíreanna aonair a aistriú ar ais chuig speansais sa tréimhse toisc nár chomhlíon siad ar deireadh critéir aitheanta FRS 102 le haghaidh sócmhainní seasta nó toisc go raibh siad faoi bhun thairseach caipitlithe an Údaráis.

18.1. Réadmhaoin, gléasra agus trealamh

	Sócmhainní inláimhsithe atá á dtógáil €'000	Feithiclí paisinéirí bóthair €'000	Feabhsuithe réadmhaoiné léasaí €'000	Trealamh oifige €'000	Bonneagar iompair €'000	Crua-earraí córas iompair €'000	Iomlán €'000
<u>Costas</u>							
Ag an 1 Eanáir 2020	193	210,423	2,109	2,430	20,929	8,546	244,630
Breiseanna sa bhliain	1,801	65,160	136	184	1,351	67	68,699
Aistrithe sócmhainní atá á dtógáil	(261)	-	82	-	83	(33)	(129)
Diúscairtí sa bhliain	-	-	-	(5)	-	(5)	(10)
Ag an 31 Nollaig 2020	1,733	275,583	2,327	2,609	22,363	8,575	313,190

<u>Dímheas</u>							
Ag an 1 Eanáir 2020	-	29,606	1,303	1,757	14,741	5,722	53,129
Muirear don bhliain	-	18,844	665	287	1,702	727	22,225
Diúscairtí	-	-	-	(5)	-	(5)	(10)
Ag an 31 Nollaig 2020	-	48,450	1,968	2,039	16,443	6,444	75,344

<u>Glanluachanna leabhar</u>							
Ag an 31 Nollaig 2020	1,733	227,133	359	570	5,920	2,131	237,846
Ag an 1 Eanáir 2020	193	180,817	806	673	6,188	2,824	191,501

Sa bhliain 2017, thosaigh an tÚdarás ar bhusanna a cheannach go díreach. Roimhe sin, rinne oibritheoirí bus a raibh bealaí oibleagáide seirbhíse poiblí á n-oibriú acu busanna a cheannach go díreach trí dheontais chaipitil ón Údarás. Cheannaigh an tÚdarás busanna dar luach €65.2m le linn na bliana 2020 (2019: €75.2m).

Sa bhliain 2020, rinne an tÚdarás athbhreithniú mionsonraithe ar luach iarmharach, saolré úsáideach agus modh dímheasa réadmhaoine, gléasra agus trealaimh chun measúnú a dhéanamh ar athruithe i saolré úsáideach thuartha nó patrún tuartha úsáide sochar eacnamaíoch, ar aon dul leis an mbeartas. De bhun an athbhreithnithe sin:

- Rinne an tÚdarás saolré úsáideach bhonneagar na Scéime Réigiúnaí Rothar a leasú ó 5 bliana go 15 bliana, i gcomhréir le patrún tuartha úsáide na sochar eacnamaíoch atá fágtha. Tugtar cuntas ar na hathruithe i saolré úsáideach thuartha mar athrú sa mheastachán cuntasáochta agus coigeartaítear go hionchasach iad ó mhí na Nollag 2020 i leith. Mar thoradh ar an athrú sin sa mheastachán, tháinig laghdú €11k ar dhímheas ar shócmhainní seasta inláimhsithe don bhliain 2020. Rinneadh coigeartú comhfhreagrach ar an gcuntas caipitil. Níl aon éifeacht ann ar an mbarrachas don bhliain. Beidh an dímheas ar shócmhainní inláimhsithe €11k san iomlán níos mó i mblianta amach anseo i leith na sócmhainní sin.
- Cheartaigh an tÚdarás saolré úsáideach roinnt feabhsuithe léasacha a míshonraíodh roimhe sin sa chlár sócmhainní seasta. Ós rud é gur cheart saolré úsáideach gach feabhsaithe léasaigh a bheith ailínithe leis an mbuntéarma léasa de réir an bheartais, cheartaigh an tÚdarás na cásanna uile nach raibh siad ailínithe iontu. Níl éifeachtaí an cheartúcháin ar earráidí tréimhsí roimhe sin ábhartha, agus tugtar cuntas ar na ceartuithe go hionchasach ó mhí na Nollag 2020 i leith. Mar thoradh air sin, tháinig méadú €151k ar dhímheas ar shócmhainní seasta inláimhsithe don bhliain 2020. Rinneadh coigeartú comhfhreagrach ar an gcuntas caipitil. Níl aon éifeacht ann ar an mbarrachas don bhliain. Beidh an dímheas ar shócmhainní inláimhsithe €151k san iomlán níos lú i mblianta amach anseo i leith na sócmhainní sin.

Sa bhliain 2020, d'athraigh an tÚdarás an nós imeachta atá i bhfeidhm aige i leith sócmhainní seasta – is é sin le rá, gan míreanna ar lú a luach ná €1,000 a chaipitliú. Ní dhéanfaidh sé míreanna ar lú a luach ná €10,000 a chaipitliú ón 1 Eanáir 2020 i leith. Maidir leis na míreanna stairiúla uile a caipitlíodh faoin tairseach roimhe sin, fanfaidh siad ar an Ráiteas faoin Staid Airgeadais go dtí go ndéanfar iad a dhímheas nó a dhiúscairt ina n-iomláine. Ní ionann an t-athrú sin agus athrú ar bheartais chuntasaíochta an Údaráis Náisiúnta Iompair, toisc go meastar éifeacht an athraithe a bheith neamhábhartha maidir leis na ráitis airgeadais.

19. Suimeanna infhaighte

	2021 €'000	2020 €'000
Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhráithe	9,776	2,262
Féichiúnaithe trádála	1,062	2,970
Ioncam ceadúnúcháin	8	4
Féichiúnaithe eile	175	258
	11,021	5,494

20. Suimeanna iníoctha: suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin

	2021 €'000	2020 €'000
Dlíteanais scéim chárta Leap	34,906	30,921
Fabhrúithe agus ioncam iarchurtha	11,369	6,166
CBL	9,215	10,000
PSWT (cáin ar sheirbhísí gairmiúla) is iníoctha	2,315	2,273
Coinneáil íocaíochtaí bus	1,136	5,448
Creidiúnaithe trádála	858	1,508
ÍMAT/ÁSPC	656	508
Ranníocaíochtaí pinsin ó fhostaithe agus tobhaigh is iníoctha leis an stát	240	185
Dlíteanas dochraideach léasa	124	124
Creidiúnaithe eile	48	47
	60,867	57,180

Dlíteanais scéim chárta Leap

Is é atá i ndlíteanais scéim chárta Leap ná éarlaisí cárta agus creidmheas neamhúsáidte taistil ar chuntais sealbhóirí cárta.

21. Suimeanna iníoctha: suimeanna a bheidh dlite tar éis níos mó ná bliain amháin

	2021 €'000	2020 €'000
Dlíteanas dochraideach léasa	165	289
Coinneáil íocaíochtaí bus	806	11
	971	300

22. Cuntas caipitil

	2021 €'000	2020 €'000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir	256,255	217,018
Aistriú chuig an/(ón) Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas:		
Ioncam a leithdháileadh chun críocha caipitil	160,881	71,710
Coigeartú amúchta le haghaidh sócmhainní seasta nár cistíodh trí dheontais	212	212
Amúchadh ar aon dul le dímheas	(37,394)	(22,215)
Amúchadh ar aon dul le hamúchadh	(6,830)	(10,470)
Bearnú sócmhainní doláimhsithe (féach nóta 17)	(1,178)	-
Gluaiseacht sa bhliain	115,691	39,237
Iarmhéid ag an 31 Nollaig	371,946	256,255

Tá difríocht uainiúcháin ann idir 'ioncam a leithdháileadh chun críocha caipitil' agus na breiseanna sócmhainne atá aitheanta i nótaí 17 agus 18. D'eascair an difríocht uainiúcháin sin as suimeanna a choinnigh an tÚdarás i leith busanna áirithe a cheannach. Déantar costas iomlán na mbusanna – na suimeanna coinnithe san áireamh – a chaipitliú tráth an cheannacháin. Billeáiltear na suimeanna coinnithe ar an Údarás faoi réir téarmaí agus coinníollacha áirithe a chomhlíonadh i dtréimhsí ina dhiaidh sin. Leithdháiltear ioncam chun críocha caipitil de réir mar a bhilleáiltear na suimeanna.

23. Cánachas

Íoctar na cánacha ábhartha uile de réir mar a bhíonn siad dlite. Cloíonn an tÚdarás le haon treoir a fhaightear ó Ranna Rialtais..

24. Léasanna oibriúcháin

Oibríonn an tÚdarás mar léasaí agus mar léasóir, mar atá leagtha amach thíos.

Soláthraíonn Oifig na nOibreacha Poiblí cóiríocht oifige don Údarás i nDún Scéine, Lána Fhearchair, Baile Átha Cliath 2. Níl aon léas foirmiúil i bhfeidhm. D'íoc an tÚdarás €1m sa bhliain 2021 i leith na cóiríochta oifige sin (2020: €0.9m).

Soláthraíonn Iarnród Éireann cóiríocht oifige don Údarás ag 1 Cé Uí Argáin, Cearnóg Imeall an Uisce, Corcaigh. Cumhdaítear leis an gcomhaontú an tréimhse ón 1 Deireadh Fómhair 2021 go dtí an 1 Samhain 2024. Tá sé de cheart ag an Údarás clásal briste a fheidhmiú aon tráth le linn an chomhaontaithe. D'íoc an tÚdarás €21,525 i leith na cóiríochta sin sa bhliain 2021 (2020: €nialas).

24.1 Léasanna oibriúcháin - oibleagáidí cíosa

Léasaíonn an tÚdarás cóiríocht oifige ag 72 Sráid Charlemont, Baile Átha Cliath 2. Tiocfaidh tréimhse an léasa as feidhm i mí Iúil 2025 agus is ionann agus €85,000 in aghaidh na bliana na muirir bhliantúla léasa.

Léasaíonn an tÚdarás cóiríocht oifige ar Urlár 1, Uimh. 5, Ionad Fhearchair, Baile Átha Cliath 2, freisin. Tiocfaidh tréimhse an léasa as feidhm i mí Iúil 2024 agus is ionann agus €397,050 in aghaidh na bliana na muirir bhliantúla léasa (CBL san áireamh).

Léasaíonn an tÚdarás cóiríocht oifige ar Urlár 4, Uimh. 5, Ionad Fhearchair, Baile Átha

Cliath 2, freisin. Tiocfaidh tréimhse an léasa as feidhm i mí Eanáir 2029 agus is ionann agus €259,419 in aghaidh na bliana na muirir bhliantúla léasa (CBL san áireamh). Tá sé de cheart ag an Údarás an léas sin a fhoirceannadh an 26 Iúil 2024 (dáta briste) ar choinníoll go gcomhlíontar coinníollacha áirithe.

Tá comhaontú i bhfeidhm ag an Údarás chun cóiríocht oifige a léasú ag Malartán Charlemont freisin, rud lena ngabhann cíós bliantúil reatha €618,518 (CBL san áireamh) agus téarma ceangaltais go dtí an 30 Meán Fómhair 2022. Áirítear lascaí leis an gcíós reatha agus tá tréimhse fógra 6 mhí ag an gcomhaontú (atá le fhoirceannadh tar éis an 30 Meán Fómhair 2022).

Tá ceangaltais ar an Údarás i leith léas a ndeachaigh an Coimisiún um Rialáil Tacsaithe isteach ann le haghaidh cóiríocht oifige ag 35 Cearnóg Mhic Liam. Shann tríú páirtí léas don Choimisiún um Rialáil Tacsaithe sa bhliain 2004. Tiocfaidh téarma 35 bliana an léasa as feidhm an 25 Aibreán 2024. Níl aon rogha ann an léas a ghéilleadh. D'fhonn socruithe cóiríochta an Údaráis a bharrfheabhsú, athlonnaíodh foireann an Choimisiúin um Rialáil Tacsaithe chuig príomhoifig an Údaráis agus foligeadh áitreabh an Choimisiúin ansin ag cíós bliantúil €80,000. Tugadh soláthar léasa dhochraidigh ab fhiú €749,700 isteach i ráitis airgeadais an Údaráis don bhliain 2015. Bhain sé leis an difreálach cíosa suas go deireadh théarma an léasa sa bhliain 2024. Tá an soláthar á leachtú thar an tréimhse atá fágtha de théarma an léasa. Tá an soláthar €288,620 a bhí fágtha amhail an 31 Nollaig 2021 nochta i nótaí 20 agus 21. Is é €204,000 an cíós bliantúil reatha atá iníoctha go deireadh an léasa.

24.2 Léas oibriúcháin mar léasaí

Réadmhaoin tráchtála

Tá téarma léasa fiche bliain suas go mí Aibreáin 2024 ag an réadmhaoin tráchtála (35 Cearnóg Mhic Liam). Foráiltear leis an léas don mhuirear cíosa a athrú suas ar bhonn tréimhsiúil agus de réir na ndálaí margaidh is infheidhme. Comhaontaíodh athbhreithniú cíosa don bhliain 2020 i mí na Bealtaine 2021. Níl aon roghanna ann le haghaidh an léas a fhoirceannadh go luath.

Tá téarma léasa naoi mbliana go mí Iúil 2025 ag an réadmhaoin tráchtála (72 Sráid Charlemont). Foráiltear leis an léas don mhuirear cíosa a athrú suas ar bhonn tréimhsiúil agus de réir na ndálaí margaidh is infheidhme. Níl aon roghanna ann le haghaidh an léas a fhoirceannadh go luath.

Tá téarma léasa sé bliana go mí Iúil 2024 ag an réadmhaoin tráchtála (Urlár 1, Uimh. 5, Ionad Fhearchair). Foráiltear leis an léas don mhuirear cíosa a athrú suas ar bhonn tréimhsiúil agus de réir na ndálaí margaidh is infheidhme. Níl aon roghanna ann le haghaidh an léas a fhoirceannadh go luath.

Tá téarma léasa deich mbliana go mí Eanáir 2029 ag an réadmhaoin tráchtála (Urlár 4, Uimh. 5, Ionad Fhearchair). Foráiltear leis an léas don mhuirear cíosa a athrú suas ar bhonn tréimhsiúil agus de réir na ndálaí margaidh is infheidhme. Tá rogha ann le haghaidh an léas a fhoirceannadh go luath i mí Iúil 2024, ar choinníoll go gcomhlíontar coinníollacha áirithe.

Tá téarma ceangaltais go dtí an 30 Meán Fómhair 2022 ag an gcomhaontú réadmhaoine tráchtála (Malartán Charlemont) agus tá tréimhse fógra 6 mhí aige (atá le fhoirceannadh tar éis an 30 Meán Fómhair 2022).

Is mar a leanas atá na cíosanna íosta atá iníoctha faoi léasanna oibriúcháin dochealaithe amhail an 31 Nollaig 2021:

	2021 €'000	2020 €'000
Laistigh de bhliain amháin	1,530	1,475
Tar éis bliain amháin ach gan a bheith níos mó ná cúig bliana	1,619	2,488
Níos mó ná cúig bliana	-	-
	3,149	3,963

24.3 Léas oibriúcháin mar léasóir

Tá an léas réadmhaoine tráchtála (35 Cearnóg Mhic Liam) le teacht chun deiridh i mí Aibreáin 2024. Is mar a leanas atá na cíosanna íosta atá infhaighte faoi léasanna oibriúcháin dochealaithe amhail an 31 Nollaig 2021:

	2021 €'000	2020 €'000
Laistigh de bhliain amháin	80	80
Tar éis bliain amháin ach gan a bheith níos mó ná cúig bliana	106	186
Níos mó ná cúig bliana	-	-
	186	266

25. Ceangaltais chaipitil

Bhí ceangaltais chaipitil €64.6m ar an Údarás i leith feithiclí paisinéirí bóthair ag an 31 Nollaig 2021 (2020: €174.6m).

26. Ceangaltais eile

Deontas caipitil - ceangaltais chonartha

Tá ceangaltais le hÚdarás Áitiúla agus le gníomhaireachtaí soláthair ar an Údarás chun cistiú a sholáthar dóibh le haghaidh tionscadail éagsúla. Ag an 31 Nollaig 2021, tá suim €464.9m (2020: €276.1m) fós le tarraingt anuas ar thionscadail cheadaithe mar a leanas:

	2021 €'000	2020 €'000
Iarnród Éireann	294,122	152,165
Bainistíocht iompair inbhuanaithe agus an Clár Taistil Ghníomhaigh	121,423	74,302
Bonneagar BusConnects Bhaile Átha Cliath	25,256	21,234
Bonneagar Iompair Éireann	8,849	18,030
Bus Átha Cliath	3,248	1,220
Caipiteal Teicneolaíochta Iompair	6,177	7,502
Inrochtaineacht	5,081	1,505
Bus Éireann	743	155
	464,899	276,113

	Caiteachas carnach go dtí an 31/12/2020 (blianta roim- he sin) €'000	Caiteachas sa bhliain 2021 (bliain reatha) €'000	Ceangailte: blianta ina dhiaidh sin* €'000
Údarás Náisiúnta Iompair			
Bonneagar BusConnects Bhaile Átha Cliath	45,437	28,064	21,176
Iarnród Éireann			
An tIonad Náisiúnta um Rialú Traenach agus Ionaid Rialaithe Trú Páirtí	27,009	42,465	26,749
41 Charr Iarnróid Idirchathrach d'Aicme Idirmheánach 2200 a cheannach	55,857	2,275	91,547
Clár DART+	22,040	160,410	161,123
Comhairle Cathrach Chorcaí			
Feabhsuithe Iompair Phoiblí ar McCurtain Street	593	1,945	11,200
Iomlán i ndáil le tionscadail inar mó an caiteachas ná €10m			311,795
Ceangaltais chonartha ar lú iad ná €10m i ndáil le tionscadail eile			153,104
Ceangaltais chonartha iomlána			464,899

*Is féidir go mbeidh tuilleadh caiteachais ceangailte ann amach anseo ar na tionscadail seo, ar feitheamh athbhreithnithe breise geata céime ar thionscadail, lena n-áirítear cásanna gnó deiridh a bheith á gceadú ag an Rialtas.

27. Dlitanais theagmhasacha

Tá baint ag an Údarás le líon beag cásanna dlí, a bhfuil na torthaí orthu éiginnte. De bharr na héiginnteachta sin, níor soláthraíodh do na costais a d'fhéadfadh teacht aníos sa todhchaí i dtaca leis na cásanna sin.

28. Tionscadail a riartar thar ceann comhlachtaí eile

Thar ceann na Roinne Iompair, riarann an tÚdarás an cistiú a thugann an Roinn do thionscadail inrochtaineachta, infheistíocht iompair inbhuanaithe i gcathracha réigiúnacha, Clár na Scoileanna Glasa agus an Clár Iompair Tuaithe.

29. Nochtadh páirtithe gaolmhara

Féach nóta 12.3 chun miondealú a fháil ar an luach saothair agus ar na sochair a íocadh leis an bpríomhphearsanra bainistíochta.

Ghlac Bord an Údaráis nósanna imeachta i gcomhréir leis na treoirlínte maidir le nochtadh leasanna ag comhaltaí Boird, ar treoirlínte iad a eisíodh faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, agus cloíodh leis na nósanna imeachta sin sa bhliain. Ní

raibh aon idirbhearta ann sa bhliain maidir le gníomhaíochtaí an Bhoird a raibh aon leas tairbhiúil ag Comhaltaí an Bhoird iontu.

30. An Breatimeacht

Oibleagáid Seirbhíse Poiblí

Lean paidéim Covid-19 le dul i bhfeidhm ar sheirbhísí poiblí do phaisinéirí sa bhliain 2021. Bhí an t-éileamh i measc paisinéirí fós íseal, agus é cothrom le 47% den fhigiúr don bhliain 2019. Bhí fóirdheontas breise Oibleagáide Seirbhíse Poiblí ag teastáil chun na leibhéil chuí seirbhíse a sholáthar agus chun an t-ioncam táillí a cailleadh mar thoradh ar an éileamh laghdaithe i measc paisinéirí a fhritháireamh.

Tugadh roinnt beart isteach sa bhliain 2020 chun oibriú leanúnach seirbhísí a chinntiú le linn na paidéime, lenar áiríodh córais bhreisithe ghlantacháin agus bearta scartha shóisialta, agus coinníodh na bearta sin i bhfeidhm sa bhliain 2021. Beidh tacaíocht bhreise Oibleagáide Seirbhíse Poiblí ag teastáil go dtí go bhfillfidh an líon paisinéirí ar na leibhéil a bhí ann roimh an bpaidéim.

An Scéim Tacaíochta le haghaidh Oibritheoirí Tráchtála Bus

Bhí tionchar suntasach ag géarchéim Covid-19 ar an earnáil cheadúnaithe bus. Sa bhliain 2020, d'iarr an Roinn Iompair ar an Údarás tacaí sealadacha cistiúcháin éigeandála a sholáthar d'oibritheoirí ceadúnaithe bus i gcás go raibh údar soiléir ann le déanamh amhlaidh chun leas an phobail. Soláthraíodh cistiú ar feadh tréimhse sé mhí sa bhliain 2020 ar dtús agus leanadh le hé a sholáthar sa bhliain 2021. Tá an socrú le haghaidh tacaíocht shealadach ar aon dul le creataí reachtacha náisiúnta agus le creataí reachtacha an Aontais Eorpaigh. Faoin gcreat tacaíochta, bhí oibritheoirí bus in ann leas a bhaint as cúnamh deontais arbh fhiú suas le €500k é nó bhí siad in ann conradh poiblí díir-dhámhachtana a fháil le haghaidh seirbhís ar leith. Soláthraíodh cúnamh deontais arbh fhiú €27.5m san iomlán é d'oibritheoirí tráchtála bus sa bhliain 2021.

Clár Infheistíochta Caipitil

Le linn na bliana 2021, choinnigh an tÚdarás suas leis na príomhchineálacha tionchair a bhí ag paidéim Covid-19 ar phunann tionscadal agus clár caipitil an Údaráis. Tabhaíodh caiteachas caipitil €719.3m den deontas caipitil iomlán €867.3m a leithdháil an Roinn Iompair sa bhliain 2021, agus an laghdú inchurtha go príomha i leith phaindéim Covid-19. Tá na cineálacha suntasacha tionchair a bhí ag géarchéim Covid-19 ar Chlár Caipitil an Údaráis don bhliain 2021 leagtha amach thíos:

a) Srianata Foirgníochta

Rinne na toirmisc éagsúla ar fhoirgníocht intíre de bharr shrianata Covid-19 difear do thionscadail ag céim na foirgníochta ar fud an Chláir Caipitil ar fad. Rinne srianata idirnáisiúnta difear do chláir áirithe freisin, i gcás go raibh toirmisc ann ar an monaraíocht, go raibh moilleanna ann i slabhra an tsoláthair agus/nó go raibh srianata taistil ann i dtíortha eile.

b) Scaradh Sóisialta

Bhí cineálacha eile tionchair ann mar thoradh ar an laghdú ar acmhainn an lucht monaraíochta/foirgníochta, rud a bhí riachtanach chun cloí le ceanglais scartha shóisialta.

c) Idirghabhálacha Sealadacha Rothaíochta agus Siúil

Ba ghá méid suntasach oibre breise a chur isteach chun freastal ar an riachtanas éiritheach le cosáin a leathnú agus le stadanna bus a athrú ar mhaithe le scaradh sóisialta a éascú. Chuir an obair sin moill ar thionscadail eile de réir mar a athdhíríodh acmhainní i dtreo idirghabhálacha iompair a bhaineann leis an bpaindéim.

Tuairiscíodh go ndearna roinnt tosca eile difear do dhul chun cinn agus/nó do chostais faoin gclár infheistíochta caipitil sa bhliain 2021. Áiríodh iad seo a leanas leis na tosca sin:

- Boilsciú Costas Foirgníochta a bhain le hábhair áirithe amhail cruach;
- Ganntanas fochonraitheoirí agus méadú i gcostais saothair.

Rinneadh an tionchar a bhí ag srianta Covid-19 ar Chlár Infheistíochta Caipitil an Údaráis a mhaolú trí leanúint de shocruithe éifeachtacha cianoibre agus de bhearta eile, arbh é an toradh a bhí orthu go ndearnadh dul chun cinn suntasach ar thionscadail chaipitil éagsúla.

Ceadúnú

Chuir an tÚdarás tús le sraith gníomhartha chun cúnamh a thabhairt don tionscal beagfheithiclí seirbhíse poiblí, a ndearna géarchéim Covid-19 difear mór dó, agus chun soláthar beagfheithiclí seirbhíse poiblí a choinneáil ar bun do thaistealaithe ar fud na tíre sa todhchaí. Chistigh an Roinn Iompair scéimeanna tacaíochta mar thoradh díreach ar an bpaindéim, ar scéimeanna iad atá á riar ag an Údarás.

- Cheadaigh an tÚdarás na Rialacháin um Beagfheithiclí Seirbhíse Poiblí (Beart Éigeandála Covid-19) (Táillí) chun gach táille athnuachana ceadúnais feithicle caighdeánaí a tharscaoileadh do na blianta 2021 agus 2022. Atosófar ar na gnáth-tháillí forordaithe a ghearradh an 01 Eanáir 2023. Is é an aidhm atá leis an tarscaoileadh táillí athnuachana ná oibritheoirí a choinneáil ceangailte leis an tionscal trí chúnamh airgeadais a thabhairt dóibh agus trí threoir rialála, theicniúil agus sláinte a sholáthar dóibh;
- Cheadaigh an tÚdarás na Rialacháin um Beagfheithiclí Seirbhíse Poiblí (Beart Éigeandála Covid-19) (Aois Incheadaithe Uasta), 2021, freisin chun teorainneacha aoise beagfheithiclí seirbhíse poiblí atá i seirbhís a fhadú chun nach mbeadh sé riachtanach aon fheithicil a bhaint den tionscal roimh an mbliain 2023 ar fhorais aoise amháin;
- Chuir an tÚdarás tús le Scéim aon bhliana um Tháillí na Tástála Náisiúnta Gluaisteán a Tharscaoileadh do Bheagfheithiclí Seirbhíse Poiblí i mí Mheán Fómhair 2021, ar scéim í lena gcumhdófar an tréimhse ón 01 Meán Fómhair 2021 go dtí an 31 Lúnasa 2022;
- Seoladh taca eile aon bhliana don tionscal i mí Mheán Fómhair 2021 freisin, áit a n-aisíoctar le hoibritheoirí an táille Mótarchánach €95 dá mbeagfheithicil seirbhíse poiblí don tréimhse ón 01 Meán Fómhair 2021 go dtí an 31 Lúnasa 2022;
- Rinneadh na Rialacháin um Beagfheithiclí Seirbhíse Poiblí (Beart Éigeandála Covid-19) (Ceadúnas Éagtha), 2021, a leasú go buan chun an tréimhse ina bhféadfadh ceadúnas tacsáí, fruilchairr nó limisín fanacht i stádas 'neamhghníomhach' tar éis dul in éag a dhúbailt (go 24 mhí). Ní fhéadfar an ceadúnas a athsholáthar tar éis na tréimhse sin. Cumasóidh sé sin d'oibritheoirí fanacht sa tionscal fad a bheidh siad ag feitheamh le méadú san éileamh i measc paisinéirí.

32. Eachtraí ina dhiaidh sin

Cheadaigh an Bord foirceannadh thionscadal TaxSaver i mí an Mhárta 2022. Cinneadh gurbh eachtra choigeartaithe shuntasach é sin agus coigeartaíodh na ráitis airgeadais chun tionchar an fhoirceanta a léiriú. Féach an Ráiteas faoi Rialú Inmheánach agus nóta 17 le haghaidh tuilleadh mionsonraí.

Ó dheireadh na bliana i leith, ní raibh aon eachtraí suntasacha eile ann a d'fhágfadh gurbh é na ráitis airgeadais a choigeartú.

33. Ceadú na ráiteas airgeadais

Cheadaigh an tÚdarás na ráitis airgeadais an 17 Meitheamh 2022.

Údarás Náisiúnta Iompair
Dún Scéine
Lána Fhearchair
Baile Átha Cliath 2
D02 WT20

National Transport Authority
Dún Scéine
Harcourt Lane
Dublin 2
D02 WT20

Teil.: (353) 1 879 8300

www.nationaltransport.ie